An Coimisiún um
**Rialáil Cumarsáide**

Commission for
**Communications Regulation**



# Ráiteas Straitéise Cumarsáide Leictreonaí 2023 go dtí 2025

## Séanadh Dlíthiúil

Ní doiciméad dlí ceangailteach an doiciméad seo agus níl aon chomhairle dlí, tráchtála, airgeadais, theicniúil nó eile le fáil ann. Níl an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide faoina cheangal, agus ní dhéanann ábhar an doiciméid dochar do staid dhlíthiúil an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide. Dá réir sin, níor cheart iontaoibh mhíchuí a chur in ábhar an doiciméid seo.

# Ráiteas Straitéise Cumarsáide Leictreonaí 2023 go dtí 2025

# Clár na nÁbhar


**1. Réamhrá** 11

Ár dTimpeallacht Oibriúcháin 11

Ár Ról agus Misean 12

Ár bhFís 13

Ár Straitéis 13

**2. Comhthéacs ár Straitéise** 17

An Comhthéacs Geilleagrach 17

An Comhthéacs Dlí 17

Treochtaí agus Dúshláin 18

**3. Iomaíocht agus Infheistíocht** 21

Réamhrá 21

Margaí Seasta agus Móibíleacha 22

Iomaíocht & Infheistíocht 27

Rialú Margaí Mórdhíola agus Rochtana 28

Speictream agus Uimhriú 35

**4. Cosaint Tomhaltóirí** 40

Réamhrá 40

Díobháil do Thomhaltóirí 41

Aistear an Tomhaltóra 44

Céim 1 - Tairiscint seirbhíse a chuardach 45

Céim 2 - Ag Clárú le haghaidh seirbhíse 48

Céim 3 - An tSeirbhís a Úsáid 49

Céim 4 - Ag Fágáil Conartha/Ag Aistriú 52

Seirbhís Uilíoch - Rochtain inacmhainne ar sheirbhísí bunúsacha 53

Gearáin ó Thomhaltóirí agus Sásamh Tomhaltóirí 54

Cumarsáid agus Rannpháirtíocht 55

| | |
|---|---|
| **5. Nascacht & Athléimneacht an Líonra** | **58** |
| Réamhrá | 58 |
| Raon Clúdaigh Líonra | 59 |
| Ag Tacú leis an mBonneagar Digiteach | 60 |
| Ag Tacú le Nascacht agus Athléimneacht Líonra | 61 |
| Slándáil Líonra | 63 |
| Athléimneacht an Líonra | 64 |
| Cumarsáid Núise | 66 |
| **6. Comhlíonadh agus Forfheidhmiú** | **70** |
| Réamhrá | 70 |
| Socruithe Difriúla Forfheidhmithe | 71 |
| Cultúr Comhlíonta | 74 |
| Samhail Rialachais Rialála Eircom | 75 |
| Monatóireacht Ghníomhach | 76 |
| Forfheidhmiú Spriocdhírithe | 76 |
| Díspreagadh Éifeachtach | 78 |
| **7. Eagrú ComReg** | **83** |
| Réamhrá | 83 |
| ComReg mar Rialtóir Eolasach | 83 |
| Rannpháirtíocht & Abhcóideacht Páirtithe Leasmhara | 85 |
| Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta | 87 |
| Ár Sainordú agus Ról Athraitheach | 87 |
| Inbhuanaitheacht Chomhshaoil | 89 |
| Ár nEagraíocht | 90 |
| **Gluais** | **96** |

# Réamhfhocal

Níl aon amhras ach go bhfuil ról lárnach ag cumarsáid leictreonach i ndaoine aonair, gnóthaí agus pobail ar fud na hÉireann a nascadh le chéile i dtírdhreach theicneolaíocht an lae inniu ann atá ag athrú go tapa. Mar rialtóir na hearnála cumarsáide, tá tréaniarracht á déanamh ag ComReg a chinntiú go bhfeidhmíonn margaí cumarsáide leictreonaí chun tairbhe gach úsáideoir deiridh – go háirithe úsáideoirí leochaileacha – agus go bhfuil infheistíocht éifeachtach á dreasú sa chás nach bhfuil dóthain iomaíochta ann.

Leagtar amach sa doiciméad seo ár n-aidhmeanna straitéiseacha ardleibhéil don earnáil cumarsáide leictreonaí agus ár gclár oibre don dá bhliain amach romhainn. Athdhearbhaítear sa Straitéis an fhís, an misean agus na luachanna a shonraíomar i Straitéis cúig bliana ECS 2021-2026, agus leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le nascacht, slándáil líonra agus an gá atá le hinfheistíocht leanúnach ar ardchaighdeán.

Tá ról lárnach ag nascacht sa tionscal teileachumarsáide, agus bhí an glacadh forleathan le teicneolaíochtaí digiteacha mar bhonn leis an éileamh atá ar sheirbhísí idirlín iontaofa agus ardluais. Dá réir sin, ní mór don tionscal leanúint ar aghaidh ag infheistiú sa bhonneagar agus sna teicneolaíochtaí a éascaíonn nascacht shaoráideach do gach úsáideoir, beag beann ar shuíomh ná cineál gléis. Tá infheistíochtaí i líonraí, teicneolaíochtaí agus réitigh nua mar bhonn le rogha níos fearr do thomhaltóirí agus cáilíocht na seirbhíse trí chéile a fheabhsú.

Ó tharla go bhfuil cúrsaí teicneolaíochta ag forbairt, tá níos mó ar eolas ag tomhaltóirí ná mar a bhí riamh, agus tá sé riachtanach go mbeidís chomh heolasach agus is féidir agus á gcosaint ó aon díobháil fhéideartha. Ní mór go mbeadh cur chuige réamhghníomhach ag an tionscal teileachumarsáide maidir le cosaint tomhaltóirí, agus ní mór a chinntiú go bhfuil cleachtais chothroma agus thrédhearcacha bunaithe chun leasanna gach úsáideoir a chosaint.

De réir mar a bheidh an earnáil ag forbairt, ní mór a chinntiú nach nglactar leis an gcreat rialála mar bhacainn ar nuálaíocht ach go nglactar leis mar chomhpháirt riachtanach a chothaíonn iontaoibh agus cobhsaíocht sa mhargadh.

Ní féidir straitéis éifeachtach a chruthú i bhfolús, agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár bpáirtithe leasmhara as ról gníomhach a bheith acu i bhforbairt na Straitéise seo. Táimid ag súil le leanúint ar aghaidh leis an bplé seo agus ár bhfís don earnáil a fhorbairt. Tá pointe spéisiúil sroichte ag earnáil cumarsáide leictreonaí na hÉireann, agus tá neart deiseanna amach romhainn. Táimid ag súil le bheith ag obair le gach páirtí leasmhar de réir mar a bheidh an earnáil ag forbairt sna blianta amach romhainn.

**Robert Mourik**
Cathaoirleach

**Garrett Blaney**
Coimisinéir



# Achoimre Fheidhmeach

# Achoimre Fheidhmeach

Tá ról lárnach ag an earnáil cumarsáide leictreonaí i dtacú le tomhaltóirí agus le gnóthaí feidhmiú, a gcuid oibre a chur i gcrích agus cumarsáid a dhéanamh de réir mar atá ár sochaí agus geilleagar ag dul in oiriúint don domhan mórthimpeall orainn atá ag athrú. In 2022 chaith tomhaltóirí Éireannacha breis is €3.5 billiún sa mhargadh cumarsáide agus d'úsáid siad breis is 8 mbilliún gigibheart sonraí le linn dóibh tairbhe a bhaint as raon leathan táirgí agus seirbhísí lena n-áirítear leathanbhanda sa bhaile agus seirbhísí fóin phóca.

Tá ról tábhachtach ag Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí ('**ECS**') agus Líonraí Cumarsáide Leictreonaí ('**ECN**'), ar a dtugtar 'an earnáil ECS' i dteannta a chéile, i bhforbairt ár ngeilleagair agus sa gheilleagar digiteach a chumasú. Leagtar amach sa Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach ('**EECC**' nó '**an Cód**'), an creat rialála don earnáil agus colún do thionscnamh Mhargadh Aonair Digiteach an AE, roinnt cumhachtaí agus uirlisí rialála chun an earnáil ECS a rialáil.

## Ról ComReg

Is é an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide ('**ComReg**') an comhlacht reachtúil atá freagrach as an earnáil ECS (lena n-áirítear teileachumarsáid, cumarsáid raidió, seirbhísí tarchurtha craoltóireachta agus ardráta) agus as an earnáil phoist in Éirinn. Tá freagrachtaí éagsúla orainn sna hearnálacha atá á rialú againn agus táimid ag oibriú de réir reachtaíocht na hÉireann agus an AE sna réimsí sin.

Ainneoin go bhfuil ról an rialacháin athraithe le 20 bliain anuas, tá bunphrionsabal an rialacháin fós mar an gcéanna – **iomaíocht a éascú** go príomha trí rochtain líonra a rialú áit a bhfuil baic le tabhairt faoi deara, **tomhaltóirí a chosaint** agus **nuálaíocht a spreagadh** san earnáil. Dá réir sin, áirítear inár ról déileáil le ceisteanna casta a bhaineann leis an dlí, eacnamaíocht agus teicneolaíocht, agus a chinntiú go bhfuil ár gcinntí tráthúil, cothrom agus mínithe go soiléir.

### Ár Straitéis

Faoi Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002 (arna leasú), tá dualgas ar ComReg doiciméad Ráiteas Straitéise a fhoilsiú gach dhá bhliain. In 2021 ghlacamar le dearcadh cúig bliana nuair a bhí ár straitéis don tréimhse 2021-2026 á forbairt againn ('**Straitéis ECS Cúig Bliana 2021-2026**'). Ceadaíonn an tréimhse cúig bliana sin dúinn díriú ar fhorbairtí agus ar nuálaíochtaí meántéarmacha a bheidh mar bhonn le forbairt an rialacháin amach anseo.

Inár Straitéis ECS Cúig Bliana rinneadh cur síos ar ár bhFís, Ról, Misean agus tosaíochtaí Straitéiseacha, lena n-áirítear ár Spriocanna, don tréimhse idir 2021-2026.

Is ionann an doiciméad seo, ár Ráiteas Straitéise ECS don tréimhse 2023-2025, agus athbhreithniú lár téarma ar ár Straitéis ECS Cúig Bliana, doiciméad ina leagtar amach tionscadail agus cláir oibre éagsúla a chuirfimid i gcrích chun an dá bhliain dheireanacha den Straitéis ECS Cúig Bliana a chur chun feidhme.

### Ár bhfís don earnáil chumarsáide don chúig bliana amach romhainn

Is í ár bhfís go mbeadh earnáil chumarsáide bunaithe atá ag soláthar rochtain inacmhainne, ardchaighdeáin agus fhorleathan do thomhaltóirí agus gnóthaí in Éirinn ar sheirbhísí agus feidhmchláir chumarsáide shlána a thacaíonn lena riachtanais shóisialta agus gheilleagracha.

### Ár ról agus misean

Leagtar amach inár ról agus misean an obair a dhéanann ComReg chun tacú lena fhís don earnáil chumarsáide. Mar rialtóir eacnamaíoch, is é an ról atá againn **a chinntiú go bhfuil margaí cumarsáide ag feidhmiú ar mhaithe le húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí**. Ceann de na huirlisí is tábhachtaí atá againn i ndáil lenár bhfís don earnáil chumarsáide é a chinntiú gur ann do mhargadh atá á rialáil go cuí.

**Is é ár misean, dá réir sin, sin, trí rialachán éifeachtach agus ábhartha, tacú le forbairt earnáil chumarsáide iomaíoch in Éirinn a mheallann infheistíocht, a spreagann nuálaíocht, a chuireann ar chumas tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.**

# Comhthéacs

Mar atá sonraithe inár Straitéis ECS Cúig Bliana 2021-2026, tá roinnt treochtaí domhanda agus maicreacnamaíocha ann a bhfuil an chuma ar an scéal a bheidh mar bhonn le forbairt an gheilleagair go ginearálta, na hearnála tionsclaíche agus iompraíocht tomhaltóirí as seo go ceann deich mbliana. Áirítear ina measc éiginnteacht gheilleagrach, digitiú agus inbhuanaitheacht. Lena chois sin, shainaithin ComReg go mbeidh roinnt treochtaí earnálacha ábhartha mar bhonn le forbairt na hearnála as seo go ceann deich mbliana.

# Aidhm Straitéiseach ComReg

Eascraíonn na huirlisí atá ar fáil dúinn chun ár ról agus misean a chomhlíonadh as ár gcumhachtaí rialála. Tá ráiteas maidir le haidhm straitéiseach agus spriocanna forbartha againn a thacóidh leis an aidhm straitéiseach atá luaite le gach ceann de na réimsí seo a leanas:

- **Iomaíocht & Infheistíocht:** is earnáil iomaíoch í an earnáil cumarsáide leictreonaí in Éirinn a sholáthraíonn infheistíocht, nuálaíocht agus rogha éifeachtach.
- **Cosaint Tomhaltóirí:** is féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide leictreonaí a roghnú agus a úsáid go muiníneach.
- **Nascacht & Athléimneacht Líonra:** tá rochtain fhorleathan ag úsáideoirí deiridh ar líonraí, seirbhísí agus feidhmchláir chumarsáide atá slán agus ar ardchaighdeán.
- **Comhlíonadh agus Forfheidhmiú:** tá ceanglais rialála á gcomhlíonadh ag eintitis rialaithe.
- **Eagrú ComReg:** táimid ag feidhmiú mar rialtóir éifeachtach, solúbtha agus ábhartha.



# 1

# Réamhrá

# 1. Réamhrá

1.1 Tá tionchar ag seirbhísí cumarsáide leictreonaí ('**ECS**') – cosúil le leathanbhanda, seirbhísí móibíleacha agus seirbhísí fóin sheasta (baile) – ar ár saol ar bhealaí nua gach lá. Tá ról lárnach acu inár gcuid oibre agus sna bealaí a ndéanaimid ár gcuid oibre. Tá ár saol sóisialta agus geilleagrach athraithe ó bhonn ag nuálaíocht, teicneolaíochtaí nua agus seirbhísí digiteacha. Cabhraíonn na seirbhísí seo linn teagmháil a dhéanamh le cairde agus baill teaghlaigh, taitneamh a bhaint as siamsaíocht, ár gcuid oibre nó gnó a dhéanamh, idirghníomhú le seirbhísí poiblí (e.g. oideachas agus sláinte), agus is beag gné dár saol nach bhfuil tionchar ag ár gcumas nasc digiteach a dhéanamh uirthi.

1.2 Le deich mbliana anuas, tá infheistíocht shuntasach déanta ag oibritheoirí in ECS agus i líonraí cumarsáide leictreonaí ('**ECN**'). Sa lá inniu ann, is féidir le formhór de phobal na hÉireann Líonra Fíor-Ardacmhainneachta ('**VHCN**') a rochtain a sholáthraíonn seirbhís leathanbhanda níos mó ná 500Mbps[1]. Beidh infheistíocht leanúnach mar bhonn le raon clúdaigh VHCN seasta a sholáthar i mbeagnach gach áit. Tacóidh infheistíocht bhreise i raon clúdaigh líonra móibíleach agus gan sreang rochtain níos fearr ar sheirbhísí 5G ar fud na tíre freisin.

## Ár dTimpeallacht Oibriúcháin

1.3 Bunaithe ar an 1 Nollaig 2002, is é an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) an comhlacht reachtúil atá freagrach as an earnáil[2] ECS agus as an earnáil phoist in Éirinn a rialú. Tá freagrachtaí éagsúla orainn sna hearnálacha atá á rialú againn agus táimid ag oibriú de réir reachtaíocht na hÉireann agus an AE sna réimsí sin. Baineann an Ráiteas Straitéise seo le rialúchán ECN agus ECS[3].

1.4 Tá ról lárnach ag saintréithe geilleagracha na margaí miondíola agus mórdhíola ECS éagsúla i bhfeidhmiú na hearnála trí chéile. Mar shampla, b'fhéidir go gciallódh nádúr tráchtála na hinfheistíochta príobháidí nach mbeidh ECNanna ar ardchaighdeán á rolladh amach ach i gceantair áirithe (e.g. ceantair uirbeacha) agus i gceantair eile (e.g. ceantair thuaithe) b'fhéidir nach mbeadh cáilíocht na líonraí bunúsacha á gcothabháil de bhrí go bhfuil na costais níos airde.

1.5 Cuireann na saintréithe geilleagracha agus teipeanna margaidh seo bac ar chumas an phróisis iomaíoch tacú leis na torthaí leasa is fearr. Is é an cuspóir atá le rialáil eacnamaíoch san earnáil ECS iarracht a dhéanamh teipeanna margaidh a cheartú nó a chúiteamh trí idirghabhálacha oiriúnacha a úsáid. Tá go leor d'fheidhmeanna reachtúla agus cumhachtaí dlíthiúla ComReg bunaithe ar theip mhargaidh bhunúsach.

1.6 Úsáideann ComReg cumhachtaí dlíthiúla éagsúla chun gníomhaíochtaí agus iompraíocht imreoirí tionscadail ábhartha atá ag feidhmiú in Éirinn a rialú. I measc na n-imreoirí tionscail seo tá soláthraithe seirbhíse a thairgeann seirbhísí mórdhíola agus/nó miondíola san earnáil ECS.[4]

1.7 Tá roinnt príomhghrúpaí, eagraíochtaí agus comhlachtaí eile a bhfuil ról acu i bhforbairt na hearnála ECS in Éirinn, lena n-áirítear:

- 'Úsáideoirí Deiridh', lena n-áirítear úsáideoirí Tomhaltóra agus Gnó ECN / ECS miondíola.
- Soláthraithe Seirbhíse agus Infheisteoirí ECN / ECS i margadh na hÉireann.

---

1 Chun críche an doiciméid seo, is ionann tagairt do VHCN agus tagairt do líonraí a thairgeann luasanna íoslódála sa bhreis ar 500Mbps.
2 Lena n-áirítear seirbhísí teileachumarsáide, radachumarsáide agus tarchurtha craolta.
3 Baineann an Ráiteas Straitéise seo rialúchán ECN agus ECS. Foilsíonn ComReg Ráiteas Straitéise Poist ar leithligh gach dhá bhliain.
4 Coimeádann ComReg clár leictreonach de sholáthraithe 'Gnóthais Údaraithe' agus 'Seirbhís Ardráta'' ar a shuíomh gréasáin.

- Grúpaí Ionadaíocha, lena n-áirítear grúpaí tomhaltóirí agus tionscail.
- An Rialtas, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (‘**DECC**’), comhlachtaí poiblí eile agus rialtóirí earnálacha eile.
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (‘**CCPC**’) agus rialtóirí eacnamaíocha eile trí Líonra na Rialtóirí Eacnamaíocha (‘**ERN**’)[5].
- Gníomhaireachtaí agus Comhlachtaí an AE, lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach agus Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (‘**BEREC**’).
- Comhlachtaí idirnáisiúnta eile, cosúil le Comhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide (‘**CEPT**’) agus an tAontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (‘**ITU**’).

**1.8** Nuair a bhí an Straitéis seo á hullmhú, thug ComReg aird ar iompraíochtaí, beartais, pleananna, cláir oibre agus beartais éagsúla na bpáirtithe leasmhara seo, lena n-áirítear:

- Iompraíocht tomhaltóirí maidir le glacadh le, roghnú agus úsáid ECS, ECN agus teicneolaíochtaí agus seirbhísí gaolmhara.
- Pleananna agus tograí infheistíochta foilsithe ag an Tionscal.
- Pleananna, tograí, beartais agus straitéisí ábhartha curtha chun cinn ag an Rialtas agus straitéisí/beartais curtha chun cinn ag comhlachtaí poiblí eile.
- Pleananna, Comhairliúcháin, Treoir Dea-Chleachtais agus Tuairimí Coiteanna curtha chun cinn ag comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta eile agus rialtóirí eacnamaíocha in earnálacha eile.

## Ár Ról agus Misean

**1.9** Mar rialtóir eacnamaíoch, is é an ról atá againn a chinntiú go bhfuil margaí cumarsáide ag feidhmiú ar mhaithe le húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí.

**1.10** Is é ár misean, trí rialachán éifeachtach agus ábhartha, tacú le forbairt earnáil chumarsáide iomaíoch in Éirinn a mheallann infheistíocht, a spreagann nuálaíocht, a chuireann ar chumas tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

**1.11** Ionas gur féidir linn feidhmiú mar rialtóir eacnamaíoch éifeachtach, ní mór go mbeadh muinín ag páirtithe leasmhara inár gcumas ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go neamhspleách agus bunaithe ar fhianaise agus ar anailís ar ardchaighdeán, agus nach bhfuilimid claonta i dtreo aon rannpháirtí margaidh agus nach mbíonn orainn déileáil leis an rud ar a dtugtar “gabháil rialála”. Cuireann ár luachanna ar chumas páirtithe leasmhara muinín a bheith acu as an obair atá á déanamh ag ComReg.

### Luachanna Comreg

- **Ionracas**
- **Neamhchlaontacht**
- **Éifeachtacht**
- **Trédhearcacht**

5 Páirteach i Líonra na Rialtóirí Eacnamaíocha tá An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (‘CCPC’), an Coimisiún um Rialáil Fóntais (‘CRU’), Coimisiún na Meán (‘CnaM’), Banc Ceannais na hÉireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair (‘NTA’) agus ComReg.

## Ról agus Misean ComReg

**Is é ról ComReg a chinntiú go bhfuil margaí cumarsáide ag feidhmiú ar mhaithe le húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí.**
**Trí rialúchán éifeachtach agus ábhartha, tacóimid le forbairt earnáil chumarsáide iomaíoch in Éirinn a mheallann infheistíocht, a spreagann nuálaíocht, a chuireann ar chumas tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.**

## Ár bhFís

1.12 Ag tús na bliana 2020 ba dheacair an t-athrú atá tagtha ar an earnáil a shamhlú, mar aon leis an tionchar a bheadh ag dúshláin dhomhanda - cosúil le paindéim Covid-19 agus an cogadh sa Úcráin - ar an earnáil chumarsáide. Ar an gcuma chéanna, ag féachaint chun cinn chuig an mbliain 2030, is deacair na nuálaíochtaí teicneolaíocha agus sóisialta ar fad a mbeidh tionchar acu ar ár saol oibre agus ár saol baile a shamhlú.

1.13 Táimid i ndiaidh glacadh le fís don earnáil chumarsáide. Ní féidir ár bhfís - rochtain inacmhainne, ardchaighdeáin agus fhorleathan ag tomhaltóirí agus gnóthaí ar sheirbhísí agus feidhmchláir chumarsáide shlána a thacaíonn lena riachtanais shóisialta agus gheilleagracha – a chomhlíonadh i bhfolús; tuigimid go mbeidh gá le hidirghabhálacha beartais Rialtais, idirghabhálacha rialála agus gníomhaíochtaí a bheidh á gcur i gcrích ag an earnáil thionsclaíoch. Creidimid, áfach, gur cheart go mbeadh ár straitéis á treorú ag fís an toraidh is mian linn a bhaint amach.


## Ár bhFís don earnáil cumarsáide

**Tá rochtain ag tomhaltóirí agus gnóthaí in Éirinn ar sheirbhísí agus feidhmchláir chumarsáide shlána a thacaíonn lena riachtanais shóisialta agus gheilleagracha.**

## Ár Straitéis

1.14 Tá Straitéis ComReg bunaithe ar a thuiscint ar na príomhthreochtaí agus ar na príomhdhúshláin a mbeidh ar an earnáil déileáil leo sa tréimhse 2021-2026, an comhthéacs rialála agus an creat dlí athraitheach, agus rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara. Chinn ComReg glacadh le dearcadh cúig bliana nuair a bhíonn an straitéis cumarsáide leictreonaí seo á forbairt don tréimhse 2021-2026, rud a chiallaigh gurbh fhéidir díriú ar fhorbairtí agus ar nuálaíochtaí meántéarmacha a bheidh mar bhonn le ról an rialacháin amach anseo a fhorbairt. Faoi Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002 (arna leasú), tá dualgas ar ComReg doiciméad Ráiteas Straitéise a fhoilsiú gach dhá bhliain. Is ionann an doiciméad seo agus ár Ráiteas Straitéise Cumarsáide Leictreonaí 2023- 2025 agus cuimsítear ann athbhreithniú lár téarma ar Straitéis ECS Cúig Bliana a leagadh amach in 2021. Tá léargas i bhfoirm léaráide den struchtúr seo le fáil i bhFigiúr 1 thíos.

Figiúr 1: Straitéis ECS Cúig Bliana ComReg




1.15 Tá na huirlisí atá ar fáil do ComReg chun a shainordú agus fís don earnáil a chomhlíonadh bunaithe ar a chumhachtaí rialála. Is féidir iad seo a eagrú i gceithre phríomhchatagóir: **tacú le hiomaíocht éifeachtach, infheistíocht a éascú, tomhaltóirí a chosaint, nascacht fhairsing a chinntiú agus a chinntiú go bhfuil na rialacha á gcomhlíonadh ag eintitis rialaithe.**

Braitheann ár gcumas na huirlisí seo a úsáid ar scileanna agus acmhainní ár n-eagraíochta. Maidir leis na réimsí seo, tá ráiteas maidir le haidhm straitéiseach agus spriocanna a thacaíonn leis an aidhm straitéiseach forbartha againn (leagtha amach i dTábla 1 thíos). Tá eolas maidir leis an gcaidreamh idir na huirlisí atá ar fáil dúinn agus ár ról agus misean le fáil inár gcreat straitéiseach i bhFigiúr 2 thíos.

**Tábla 1 - Aidhmeanna Straitéiseacha ComReg**

| Aidhmeanna Straitéiseacha ComReg | |
|---|---|
| **SI 1: Iomaíocht & Infheistíocht** | Earnáil iomaíoch a sholáthraíonn infheistíocht éifeachtach, nuálaíocht agus rogha |
| **SI 2: Cosaint Tomhaltóirí** | is féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide leictreonaí a roghnú agus a úsáid go muiníneach |
| **SI 3: Nascacht & Athléimneacht an Líonra** | Tá rochtain fhorleathan ag úsáideoirí deiridh ar líonraí, seirbhísí agus feidhmchláir chumarsáide atá slán agus ar ardchaighdeán |
| **SI 4: Comhlíonadh & Forfheidhmiú** | Tá ceanglais rialála á gcomhlíonadh ag eintitis rialaithe |
| **SI 5: Eagrú** | Tá ComReg ag feidhmiú mar rialtóir éifeachtach, solúbtha agus ábhartha |

**Figiúr 2: Creat Straitéiseach ComReg**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ár dTreo** | **Fís** | **Misean** | **Ról** |
| **Na hUirlisí atá ar Fáil Dúinn** | **Iomaíocht & Infheistíocht** | **Nascacht & Athléimneacht an Líonra** | **Tomhaltóirí a Chosaint agus Eolas a Roinnt Leo** |
| | **Comhlíonadh agus Forfheidhmiú** | | |
| **Conas a dTacaímid lenár Ról** | **Rannpháirtíocht Éifeachtach le Páirtithe Leasmhara** | **Tuiscint mhaith ar mhargaí** | **Anailís stuama ar shonraí** |
| | **Eagraíocht atá solúbtha, oilte agus spreagtha** | | |
| **Ár Luachanna** | **Ionracas, Neamhchlaontacht, Éifeachtacht, Barr Feabhais, Trédhearcacht** | | |



# 2

# Comhthéacs ár Straitéise

# 2. Comhthéacs ár Straitéise

**2.1** Tá léargas le fáil sa chaibidil seo ar an gcomhthéacs geilleagrach agus dlí inar ullmhaigh ComReg a Straitéis ECS Cúig Bliana, mar aon le léargas ar na treochtaí agus dúshláin éagsúla a mbeidh tionchar acu ar an earnáil agus an cineál rialúcháin a bheidh á dhéanamh sa tréimhse atá san áireamh sa Straitéis seo. Tá anailís iomlán ar an gcomhthéacs agus ar na treochtaí le fáil i ndoiciméad an Aguisín (ComReg Doic. 23/34a).

## An Comhthéacs Geilleagrach

**2.2** Tá tionchar ag forbairt sa gheilleagar trí chéile ar an earnáil cumarsáide leictreonaí. Chuir paindéim Covid-19 dlús le digitiú agus leis an úsáid agus leis an tairbhe atá á baint ag earnálacha éagsúla as ECS agus ECN. Ó shin, chiallaigh imeachtaí geopholaitiúla agus leibhéil arda de bhoilsciú go raibh an dearcadh meántéarmach do gheilleagar na hÉireann éiginnte. Ciallaíonn nádúr beag, oscailte gheilleagar na hÉireann go bhféadfadh forbairtí idirnáisiúnta eile agus forbairt an gheilleagair dhomhanda tionchar suntasach a imirt ar ár ngeilleagar.

**2.3** Dá réir sin, seans go mbeidh tionchar ag an éiginnteacht gheilleagrach atá le brath faoi láthair, rátaí úis atá ag ardú agus boilsciú níos airde ar fud an domhain ar earnáil ECS na hÉireann agus ar a thomhaltóirí, trí phraghsanna níos airde mar shampla, agus freisin má bhíonn tionchar ag na himeachtaí seo ar fad ar phleananna infheistíochta. Tá ról lárnach ag saintréithe geilleagracha na margaí ECS i bhfeidhmiú na hearnála trí chéile. Tá anailís ar na saintréithe seo le fáil i ndoiciméad 21/70 ComReg.

## An Comhthéacs Dlí

**2.4** Ceadaíonn téarmaí tagartha agus cumhachtaí ComReg dó idirghabháil a dhéanamh i margaí ECS éagsúla (de réir mar is cuí) chun cabhrú lena chinntiú go bhfuil na margaí seo ag feidhmiú go héifeachtach, ar mhaithe le leas na sochaí agus na n-úsáideoirí deiridh. Ainneoin nach bhfuil réasúnaíocht bhunaidh an rialacháin athraithe, tá raon feidhme na dtéarmaí tagartha rialála agus an chreata dlí ag athrú go leanúnach taobh leis na margaí agus teicneolaíochtaí seo.

**2.5** Tá tuilleadh eolais maidir leis an reachtaíocht Éireannach agus AE atá mar bhonn le gníomhaíochtaí ComReg le fáil ag **comreg.ie/about/legislation**

### An Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach

**2.6** Ar an 17 Nollaig 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa le Treoir an Chóid um Chumarsáid Leictreonach[6] ('**EECC**' nó '**an Cód**'), arb ionann é agus creat reachtúil nua do mhargaí ECS. Tá ceithre chuspóir sonraithe in EECC - tacú le hiomaíocht; cabhrú le forbairt an mhargaidh inmheánaigh; tacú le leasanna shaoránaigh an AE; agus tacú le rochtain fhairsing ar, agus tairbhe a bhaint as VHCN - seasta agus gan sreang.

**2.7** Tá fianaise ar an mbéim atá á leagan ar nascacht in EECC le fáil i straitéis ComReg agus tá sé nasctha go ginearálta le fís ComReg don earnáil: rochtain inacmhainne, ardchaighdeáin agus fhorleathan ag tomhaltóirí agus gnóthaí ar sheirbhísí agus feidhmchláir chumarsáide shlána a thacaíonn lena riachtanais shóisialta agus gheilleagracha.

6 Treoir (AE) 2019/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach.

2.8 Tá an Cód á thrasuí in Éirinn trí reachtaíocht phríomha agus reachtaíocht thánaisteach, go sonrach An tAcht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023 (achtaithe ar an 2 Márta 2023) agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach), 2022 (I.R. Uimh. 444 de 2022).13 Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an dá phíosa reachtaíochta seo ar an dáta céanna, mar aon leis na trí ionstraim reachtúla thacúla (atá á bhforbairt faoi láthair) a cheanglaítear le haghaidh feidhmiú cuí na reachtaíochta príomha.

# Treochtaí agus Dúshláin

2.9 Braitheann forbairt na hearnála cumarsáide leictreonaí ar fhórsaí éagsúla sóisialta, geilleagracha, reachtúla agus teicneolaíocha. Tá tionchar dearfach ag cuid de na fórsaí seo ar mhargaí, spreagann siad forbairt na teicneolaíochta agus an ríomh-ionchuimsithe, agus cruthaíonn fórsaí eile fós dúshláin. I ndoiciméad 21/70 ComReg (Ráiteas Straitéise ECS do 2021-2023), shainaithin ComReg roinnt príomhthreochtaí ar dócha a bheidh mar bhonn le forbairt na hearnála agus a chruthaíonn dúshláin rialála i rith na tréimhse a chlúdaítear sa Straitéis seo. Áirítear i measc na dtreochtaí seo:

- Nascacht, Rolladh Amach Líonra & Teicneolaíochtaí Nua.
- Eispéireas Tomhaltóirí.
- Forbairt Margaí Cóngaracha agus Gaolmhara
- Todhchaí na Rialála san Earnáil

2.10 Tá leagan achoimre de na treochtaí seo le fáil thíos agus tá plé níos mine déanta orthu i ndoiciméad an Aguisín (Doic. 23/34a ComReg).

## Nascacht, Rolladh Amach Líonra agus Teicneolaíochtaí Nua

2.11 Tá ról níos tábhachtaí de réir a chéile ag ECN ardluais a sholáthar ar fud na tíre sa tréimhse a chlúdaítear sa Straitéis seo, forbairt atá ag tacú le nuálaíocht agus le tuilleadh digitithe in earnálacha éagsúla i sochaí na hÉireann.

2.12 Idir 2016 agus 2021, d'infheistigh oibritheoirí líonra tráchtála breis is €3.9 billiún chun a líonraí seasta agus móibíleacha a fhorbairt,[7] infheistíocht a bhí bunaithe ar rolladh amach teicneolaíochtaí líonra snáithín agus raon clúdaigh líonra 5G a fhorbairt. Ainneoin na bhforbairtí seo, ciallaíonn dálaí tráchtála nach gá go dtarlódh rolladh amach i gceantair thuaithe ina bhfuil daonra íseal. Tá Rialtas na hÉireann, trí idirghabháil státchabhrach trí Leathanbhanda Náisiúnta Éireann ('NBI'), ag infheistiú i rochtain leathanbhanda FTTH d'áitreabh sna ceantair thuaithe seo ina bhfuil daonra íseal. Anuas air sin, táthar ag súil, thar thréimhse na straitéise seo, go mbeidh deireadh ré na líonraí oidhreachta, cosúil leis an líonra seasta copair agus líonraí móibíleacha 3G, mar bhonn le rolladh amach ECN ardluais.

2.13 Le cois raon clúdaigh agus iontaofacht a chinntiú, príomhghné a bhainfidh le líonraí agus nascacht amach anseo í slándáil agus spleáchas a fheabhsú. Ní hamháin go mbraitheann slándáil líonra ar ghnéithe slándála teicniúla, braitheann sí ar dhearadh, feidhmiú agus oibriú an líonra freisin.

7 Eurostat

## Eispéireas Tomhaltóirí

**2.14** Chuir forbairt líonraí agus teicneolaíochtaí nua ar chumas daoine nascadh lena chéile ar bhealaí nua. Chuir spleáchas tomhaltóirí ar ECN agus ECS chun gníomhaíochtaí éagsúla sóisialta agus geilleagracha a dhéanamh dlús le forbairt na cianoibre agus níos mó úsáide a bheith á baint as feidhmchláir físchomhrá.

Chomh maith leis sin, tá níos mó tábhachta de réir a chéile ag baint le gníomhaíochtaí ar líne (lena n-áirítear cianobair) san earnáil fiontraíochta agus seirbhísí digiteacha cosúil le Ríomh-Rialachas, ríomhfhoghlaim agus néalstóras.[8]

**2.15** É sin ráite, níl patrún rolladh amach an líonra ar fud na tíre mar an gcéanna, agus tá leibhéil éagsúla de ghlacadh le teicneolaíocht i ndéimeagrafaic éagsúil le tabhairt faoi deara, rud a chiallaíonn nach bhfuil eispéiris tomhaltóirí san earnáil mar an gcéanna. Sa bhreis ar leibhéil dhifriúla nascachta idir ceantair uirbeacha agus thuaithe, tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara freisin i leibhéil ghlacachta ECN / ECS i measc na ngrúpaí déimeagrafacha éagsúla. Tá tionchar ag na fachtóirí seo, agus ag fachtóirí eile nach iad freisin, ar rochtain tomhaltóirí agus earraí agus seirbhísí teileachumarsáide agus ar iontaoibh tomhaltóirí chomh fada is a bhaineann leis na seirbhísí seo a roghnú agus a úsáid.

**2.16** Tá ról ag ComReg chomh fada is a bhaineann le cearta tomhaltóirí a chosaint agus oibritheoirí a chosc ó theacht i dtír ar thomhaltóirí sna margaí ECS. Coinníonn ComReg súil ghéar ar eispéireas tomhaltóirí, lena n-áirítear eispéireas tomhaltóirí a bhaineann úsáideann as a soláthraí seirbhíse chun clárú le haghaidh seirbhísí, ceisteanna a chur nó gearáin a réiteach.Bíonn an obair seo mar bhonn leis an léargas foriomlán a fhaighimid ar eispéireas tomhaltóirí, mar aon le comhthéacs a sholáthar don Ráiteas Straitéise ECS seo.

## Forbairt Margaí Cóngaracha agus Gaolmhara

**2.17** De réir mar a bhíonn margaí atá ábhartha do rialúchán ECN / ECS ag forbairt, bíonn trasnaíl le tabhairt faoi deara iontu agus athraíonn siad struchtúr agus tírdhreach iomaíoch an tionscail. Mar gheall ar na hathruithe seo, éileoidh rialúchán éifeachtach tuiscint ar éiceachóras casta na margaí gaolmhara agus ról na cumarsáide leictreonaí mar bhealach chun nuálaíocht sna margaí seo a chumasú. Dá réir sin, déanann ComReg monatóireacht ar fhorbairtí sa slabhra luacha trí chéile, i.e., margaí ionchuir, margaí comhlántacha agus margaí iartheachtacha.

## Todhchaí Athraithe na Rialála san Earnáil

**2.18** Baineann an phríomhthreocht deiridh leis an raon forbairtí rialála a bheidh i gceist i rith na tréimhse a chlúdaítear sa ráiteas straitéise seo. Táthar ag súil le roinnt athruithe agus forbairtí reachtúla sna blianta amach romhainn ar dócha go mbeidh tionchar acu ar ról agus sainordú ComReg, athruithe agus forbairtí a bhaineann leis na réimsí seo a leanas:

- Sainordú cosanta tomhaltóirí ComReg
- Straitéis chibearshlándála don ré dhigiteach
- Costas leathanbhanda a laghdú
- Príobháideachas agus cumarsáid leictreonach
- Faireachas margaidh

**2.19** Tá roinnt tionscnamh bunaithe ag CE a bhaineann leis an earnáil ECS. Is é atá mar aidhm le rialacha nua a bhaineann leis an ngeilleagar digiteach tomhaltóirí a chosaint ar bhealach níos fearr ar líne agus tacú le nuálaíocht, fás agus iomaíocht i margadh aonair na hEorpa. Chomh maith leis sin, tá béim leagtha ag CE ar an tábhacht a bhaineann le hearnáil dhigiteach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus breithneofar bearta a bhfuil sé mar aidhm leo feidhmíocht geilleagair chiorclaigh na hearnála digití a fheabhsú mar aon lena héifeachtúlacht fuinnimh.[9]

8 An Phríomh-Oifig Staidrimh, (2019), Staitisticí na Sochaí Faisnéise – Teaghlach
9 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún. An Comhaontú Glas don Eoraip COM/2019/640 Final





# 3

# Iomaíocht & Infheistíocht


# 3. Iomaíocht agus Infheistíocht

## Réamhrá

3.1 Is í an chéad aidhm straitéiseach ardleibhéil atá ag ComReg **a chinntiú gur earnáil iomaíoch í an earnáil chumarsáide leictreonaí in Éirinn a sholáthraíonn infheistíocht, nuálaíocht agus rogha éifeachtach**. Leagtar amach sa chaibidil seo na spriocanna atá luaite leis an aidhm straitéiseach seo.

3.2 Tá príomhról ag gníomhaíochtaí rialála ComReg in iomaíocht a éascú agus tacú le hinfheistíocht éifeachtúil ar fud na hÉireann (féach Figiúr 3 thíos). Is é treoirphrionsabal ComReg anseo nuair a bhíonn margaí ag feidhmiú go héifeachtach ó thaobh iomaíochta de, go mbaineann tomhaltóirí agus an tsochaí tairbhe as na torthaí is fearr agus is féidir chomh fada is a bhaineann le hinfheistíocht, praghas, cáilíocht agus rogha.

**Figiúr 3: Cumasaíonn Iomaíocht agus Infheistíocht Rialáil**




3.3 Cuimsítear i measc na n-uirlisí atá ar fáil do ComReg chun tacú le hiomaíocht éifeachtach agus chun infheistíocht a éascú: costas rialaithe caipitil do chumarsáid leictreonach agus do mhargaí craoltóireachta a bhunú, comharthaí oiriúnacha tóg nó ceannaigh a thabhairt chun níos mó iomaíochta líonra a spreagadh, agus leithdháileadh agus sannadh acmhainní speictrim agus uimhrithe.

3.4 Go dtí seo, chruthaigh agus chothaigh cinntí ComReg dreasacht iomaíocht d'oibritheoirí infheistiú i líonraí nua agus líonraí atá bunaithe cheana féin a uasghrádú. Tá an earnáil ECS ag forbairt go leanúnach, áfach, rud a chiallaíonn gur próiseas dinimiciúil é rialáil an mhargaidh seo. Tá ComReg ag déileáil leis an dúshlán seo trí mhonatóireacht leanúnach, nuashonrú agus coigeartú a chuir chuige. Ba cheart go laghdódh raon feidhme a leithéid de reachtaíocht ar bhonn fadtéarmach de réir mar a bhíonn iomaíocht inbhuanaithe le tabhairt faoi deara.

**Aidhm Straitéiseach 1:**

**Earnáil iomaíoch a sholáthraíon infheistíocht éifeachtach, nuálaíocht agus rogha.**

**Céard atá i gceist?**

- Tá fianaise shoiléir maidir leis an méid seo a leanas ar fáil:
    - Iomaíocht inbhuanaithe de réir a chéile
    - Nuálaíocht i gcumarsáid leictreonach agus i margaí gaolmhara, agus
    - Rogha ag tomhaltóirí
- Raon clúdaigh bonneagair a chuireann ar chumas gach úsáideoir deiridh páirt a ghlacadh sa tsochaí dhigiteach
- ECN / ECS mórdhíola a fhreastalaíonn ar éileamh margaidh
- Cinnteacht rialála a cheadaíonn infheistíocht éifeachtach
- Earnáil atá mealltach d'infheisteoirí

## Margaí Seasta agus Móibíleacha

3.5 Is margaí náisiúnta iad margaí ECS na hÉireann ina bhfuil roinnt Soláthraithe Seirbhíse ag tairiscint raon ECS a chuirtear ar fáil i dteannta le seirbhísí atá á ndíol i margaí cóngaracha gaolmhara go minic (e.g. craoltóireacht teilifíse).

3.6 Go bunúsach, braitheann an leibhéal iomaíochta sna margaí miondíola ECS ar an gcineál iomaíochta atá le tabhairt faoi deara sna margaí mórdhíola réamhtheachtaí atá mar bhonn leis an earnáil mhiondíola ECS Braitheann an margadh réamhtheachtach ar chumas oibritheoirí líonraí iomaíocha a sholáthar agus a chothabháil. Ainneoin go bhfuil an leibhéal d'iomaíocht líonra ag athrú fad is atá teicneolaíochtaí nua in úsáid, gach seans go mbeidh raon geografach na hiomaíochta líonra teoranta do cheantair ina bhfuil an daonra níos airde as seo go ceann cúig bliana. Is é dlús daonra an príomhghné atá mar bhonn le meánchostais soláthartha líonra; i gceantair ina bhfuil an daonra níos dlúithe tá sé níos barainní líonraí a sholáthar de bhrí go mbíonn an costas in aghaidh an áitribh/an duine clúdaithe níos ísle ná mar a bhíonn i gceantair nach bhfuil an daonra chomh dlúth céanna iontu.

### ECN / ECS agus tírdhreach iomaíoch a hÉireann

3.7 Mar atá thuasluaite, bhain na réigiúin in Éirinn ina bhfuil an daonra níos dlúithe iontu tairbhe as infheistíocht i líonraí atá bunaithe ar fhórsaí iomaíocha, rud a chiallaigh go raibh ECN maith ar fáil sna ceantair sin. I gcuid de na ceantair seo ina bhfuil seirbhísí maithe ar fáil, b'fhéidir go mbeadh na fórsaí iomaíocha sách láidir d'fhonn a chinntiú nach bhfuil gá le hidirghabháil rialála ex-ante níos mó.

3.8 Taobh amuigh de na ceantair iomaíocha seo, is dócha go mbeidh gá leanúnach le rialachán ex-ante de bhrí go gciallaíonn dlús daonra níos ísle agus costais soláthartha líonra níos airde nach bhfuil na fórsaí iomaíocha chomh láidir céanna. Sna ceantair seo, cinntíonn rialáil go mbíonn an líonra á chothabháil ag

caighdeán cuí ag an oibritheoir reatha agus go dtugtar rochtain mhórdhíola do sholáthraithe seirbhíse eile

3.9 Sna ceantair sin in Éirinn atá iargúlta nó ina bhfuil dlús daonra íseal, níl roinnt seirbhísí ECN / ECS fós ar fáil. Díol suntais é an áitreabh thart ar 560,000 a sainaithníodh sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda ('**NBP**') nach raibh rochtain aige ar sheirbhís leathanbhanda ar ardchaighdeán (le luasanna íoslódála sa bhreis ar 30Mbps). Tá Rialtas na hÉireann, trí idirghabháil státchabhrach trí NBI, ag infheistiú i rochtain leathanbhanda 'FTTH' a chur ar fáil do na háitribh (tuaithe den chuid is mó) a mbeidh seirbhísí leathanbhanda le luasanna sa bhreis ar 500Mbps á gcur ar fáil acu.

3.10 Chomh maith leis sin, bhí sé de nós ag oibritheoirí líonra, móibíleach agus gan sreang, díriú ar rolladh amach líonra i gceantair ina bhfuil an dlús daonra níos airde agus an raon clúdaigh líonra a fhorbairt ina dhiaidh sin feadh bhealaí an bhonneagair iompair agus chomh fada le ceantair ina bhfuil an daonra níos scaipthe, ainneoin nach bhfuil a leithéid á dhéanamh chomh tapa céanna nó ag an dlús céanna i gcomparáid le ceantair ina bhfuil an daonra níos airde.

3.11 Baineann tábhacht le forbairtí i margaí gaolmhara chomh maith céanna. Táthar ag súil go dtiocfaidh infheistíocht agus nuálaíocht ní hamháin ó oibritheoirí traidisiúnta ECN / ECS i margaí seasta agus móibíleacha, ach ó oibritheoirí eile freisin, lena n-áirítear Seirbhísí Cumarsáide Idirphearsanta Uimhir-Neamhspleácha ("**NIICS**"), ar a dtugtar soláthraithe seirbhíse Ar Líne ("**OTT**") go coitianta[10]. Go minic, d'fhéadfadh go mbeadh nuálaíochtaí i margaí eile (e.g. margaí digiteacha agus margaí sásanna láimhe móibíleacha) mar bhonn le hathruithe ar dhinimic iomaíoch na hearnála

## Iomaíocht ar líonraí seasta

3.12 Is féidir glacadh le hiomaíocht ar líonra seasta mar chontanam idir iomaíocht atá bunaithe ar sheirbhís agus iomaíocht atá bunaithe ar bhonneagar[11]. Maidir le hiomaíocht atá bunaithe go hiomlán ar sheirbhís, úsáideann oibritheoirí iontrálaí nó athdhíolann siad líonra oibritheoir eile chun a gcuid seirbhísí féin a sholáthar, gan infheistíochtaí bonneagair dá gcuid féin a dhéanamh. Is éard atá i gceist le hiomaíocht atá bunaithe ar bhonneagar nuair a bhraitheann oibritheoirí go hiomlán ar a mbonneagar féin agus ní ar ionchuir curtha ar fáil ag oibritheoirí eile. I gcleachtas, tá formhór na n-oibritheoirí áit éigin idir an dá chur chuige; tá úsáid á baint acu as meascán dá mbonneagar féin agus de rochtain chíosa ar líonraí eile. Ina theannta sin, cinneann oibritheoirí áirithe gan a gcuid seirbhísí a thairiscint ach ar bhonn mórdhíola d'oibritheoirí eile, agus gan aon bhaint a bheith acu le margaí miondíola.

3.13 Le deich mbliana anuas, tá a líonra copair oidhreachta á uasghrádú ag Eircom agus tá teicneolaíocht snáithín á cur ina áit. Ar dtús, teicneolaíocht cábla snáthoptaice go colbha ('FTTC') a bhí i gceist leis na huasghráduithe ach de réir a chéile tá úsáid á baint ag Eircom as FTTH ar a líonraí copair oidhreachta agus FTTC. Tá líonra snáithín Eircom (FTTC agus FTTH) ar fáil in thart ar 2 mhilliún áitreabh anois, agus tá sé ag freastal ar thart ar 840,000 síntiúsóir[12].

3.14 Beidh ar Eircom déileáil le hiomaíocht bonneagair ó roinnt oibritheoirí eile ar fud na hÉireann:

- Tá líonra Virgin Media ar fáil i thart ar 965,000 áitreabh agus tá 382,600 síntiúsóir leathanbhanda ag an líonra i gceantair uirbeacha den chuid is mó (Ráithe 4 2022). Soláthraíonn a líonra, líonra Shonraíocht Comhéadain Sheirbhís Thar Chábla ('DOCSIS')

10 Sa doiciméad seo, áit a dtagraíonn ComReg do sholáthraithe seirbhíse OTT, cuirtear san áireamh freisin Seirbhísí Cumarsáide Idirphearsanta Uimhir-Neamhspleácha ("NIICS")
11 In go leor cásanna, féadfaidh oibritheoir úsáid a bhaint as táirgí mórdhíola éagsúla i gceantair dhifriúla chun raon clúdaigh náisiúnta a sholáthar. D'fhéadfaí go n-áireofaí anseo a sócmhainní líonra a rolladh amach i gceantar amháin (e.g. FTTH), infheistiú in aisiompar líonra chun tairbhe a bhaint as táirgí díchuachta mórdhíola (e.g. Rochtain Díchuachta Fhíorúil) i gceantar eile, agus táirgí sruth giotán mórdhíola a cheannach i gcuid eile den tír. Lena chois sin, cinneann oibritheoirí áirithe gan ach seirbhísí mórdhíola a thairiscint, nó seirbhísí gnó amháin (e.g. naisc le hacmhainn thiomnaithe).
12 Torthaí Ghrúpa Eircom don tríú ráithe FY22 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022

den chuid is mó, a uasghrádaíodh chuig DOCSIS 3.1 in 2020, rud a chiallaíonn gur féidir luasanna a sholáthar atá cosúil le líonraí FTTH. Ag deireadh 2021, chuir Virgin Media tús le hobair uaghrádaithe ar an líonra DOCSIS trí FTTH14F a úsáid. Tá Virgin Media ar tí páirt a ghlacadh sa mhargadh mórdhíola agus a líonra a chur ar fáil d'oibritheoirí eile[13].

- Tá SIRO ag leanúint ar aghaidh lena líonra FTTH a sholáthar agus tá seirbhís á cur ar fáil i thart ar 475,000 áitreabh faoi láthair agus táthar ag cur go leanúnach leis an líon áitreabh. Clúdaíonn líonra SIRO ceantair uirbeacha níos lú atá lasmuigh de lorg Virgin Media den chuid is mó[14].
- Tá NBI tiomanta do FTTH a sholáthar i mbreis is 560,000 áitreabh i gceantair thuaithe ina bhfuil an raon clúdaigh ECN lag. Go dtí seo, tá seirbhís curtha ar fáil ag NBI i mbreis is 120,000 áitreabh[15].

3.15 Anuas air sin, beidh ar Eircom déileáil le hiomaíocht ó BT, Vodafone, Sky agus roinnt imreoirí éagsúla eile (lena n-áirítear oibritheoirí seasta gan sreang) a bhfuil leibhéil éagsúla d'infheistíocht bhonneagair ar fáil dóibh, mar gheall, den chuid is mó, ar infhaighteacht táirgí rochtana mórdhíola atá sainordaithe trí rialáil Cumhacht Shuntasach Mhargaidh ('**SMP**').

3.16 Faoi Ráithe 4 2022, bhí 89.3% de gach síntiús leathanbhanda seasta cothrom le 30Mbps, bunaithe ar an luas íoslódála díolta[16]. Bunaithe ar rolladh amach beartaithe NBI agus ar na fógraí éagsúla maidir le rolladh amach an phlean, gach seans go mbeidh rochtain ag formhór na dteaghlach agus na ngnóthaí in Éirinn ar leathanbhanda ardluais faoi dheireadh 2026 (30Mbps nó luasanna íoslódála níos mó).

## Iomaíocht ar líonraí móibíleacha

3.17 Tá trí phríomhfhoinse iomaíochta sa mhargadh móibíleach miondíola, mar atá leagtha amach i dTábla 2 thíos.

**Tábla 2 – Iomaíocht sa Mhargadh Móibíleach Miondíola[17]**

| | Oibritheoirí Líonra Mhóibíligh (MNOnna) | Oibritheoirí Líonra Fíorúil Móibíleach (MVNOnna) | Fobhrandaí MNO |
|---|---|---|---|
| **Oibritheoir/ branda** | **Eircom**<br>**Three Ireland**<br>**Vodafone Ireland** | **Lycamobile**<br>**Post Mobile**<br>**Tesco Mobile Ireland**<br>**Virgin Mobile** | **Gomo** (Eircom)<br>**48 Mobile** (Three Ireland)<br>**Clear Mobile** (Vodafone) |
| **An cineál iomaíochta** | **Iomaíocht ag leibhéal líonra:** faigheann gach oibritheoir cearta speictrim agus forbraíonn sé líonra móibíleach chun seirbhísí a sholáthar. | **Iomaíocht bunaithe ar sheirbhís:** Acmhainn cheannaigh MVNOnna ó MNO, seachas a líonra rochtana móibílí féin a fhorbairt (tarchuradóir stáisiúin bhunáite, aeróg agus aisiompar gaolmhar) | **De ghnáth, is cuid de straitéis tráchtála MNO é fobhranda** a bhfuil sé mar aidhm leis déileáil le agus freastal ar chomhpháirteanna nach féidir le príomhbhranda MNO díriú orthu. |

13 Torthaí Liberty Global don Bhliain 2022 ar fad
14 https://siro.ie/. Dáta rochtana: an 15 Márta 2022
15 NBI.ie Accessed on 15th March 2022
16 ComReg QKDR Ráithe 4 2022,
17 Tá ceanncheathrú ag Cubic Telecom in Éirinn, ach níl sé ag feidhmiú mar MVNO in Éirinn, agus seachas sin, braitheann sé ar chomhaontuithe fánaíochta dá nascacht in Éirinn

**3.18** Fachtóir eile atá le cur san áireamh nuair a bhíonn iomaíocht ag leibhéal líonra á breithniú é comhaontuithe comhroinnte líonra idir beirt oibritheoirí líonra nó níos mó. Is é an príomhbhuntáiste is féidir le hoibritheoirí móibíleacha a bhaint as comhroinnt líonra go mbeidh an costas[18] á laghdú agus go mbeidh úsáid níos éifeachtúla á baint as an speictream. Is é an míbhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis seo an riosca go laghdófar iomaíocht má chailleann oibritheoirí smacht ar roinnt oibríochtaí líonra agus roghanna teicneolaíochta straitéiseacha.

**3.19** Tá seirbhísí 5G á rolladh amach in Éirinn faoi láthair agus sheol na hoibritheoirí móibíleacha a gcuid seirbhísí 5G idir 2019 agus 2021. Ainneoin go bhfuil líonra 5G ar fáil do 72% de gach teaghlach in Éirinn, níl soláthar suntasach 5G tugtha faoi deara i gceantair thuaithe fós agus tá 35% de theaghlaigh thuaithe clúdaithe ag líonra 5G[19]. Feabhsófar acmhainn agus raon clúdaigh na líonraí 5G de réir mar a bheidh Dámhachtain Speictream Ilbhranda 2 ('**MBSA2**') ar fáil[20]. Ar an 19 Eanáir 2023 chuir ComReg MBSA2 i gcrích agus d'eisigh sé Ceadúnais Úsáide Liobrálaithe don cheathrar Tairgeoirí Buacacha (Eircom, Imagine, Three agus Vodafone). Tháinig gach ceann de na ceadúnais seo i bhfeidhm ar an 20 Eanáir 2023 agus rachaidh siad in éag ar an 13 Feabhra 2042. Nuair a cuireadh gradam MBSA2 i gcrích cuireadh 470 MHz de chearta speictrim chomhchuibhithe ar fáil sa Déphléascach 700 MHz, Banda 2.1 GHz, 2.3 GHz agus 2.6 GHz. Is ionann é seo agus méadú de 46% ar an speictream comhchuibhithe sannta chun seirbhísí leathanbhanda gan sreang a sholáthar.


**3.20** Ina theannta sin, cheadaigh na hinfheistíochtaí atá déanta i líonraí móibíleacha, go dtí seo, líonraí móibíleacha gutha agus sonraí (cosúil le 4G) a rolladh amach i gceantair nach bhfuil dóthain líonraí seasta ag freastal orthu faoi láthair. Éilíonn gach MNO anois go bhfuil ar a laghad 98% de raon clúdaigh 4G an daonra á chur ar fáil acu. Ainneoin go bhfuil Éire rangaithe ag leibhéal níos airde ná meánleibhéal Bhallstáit an AE chomh fada is a bhaineann le raon clúdaigh 4G an daonra,[21] is ann fós do cheantair gheografacha nach bhfuil dóthain líonraí 4G ag freastal orthu, go príomha de bhrí nach mbaineann ciall eacnamaíoch le seirbhísí a chur ar fáil sna ceantair sin.

## An staid iomaíochta i margaí miondíola

**3.21** Léirítear i bhFigiúr 4 thíos an leibhéal de chomhchruinniú margaidh sna margaí leathanbhanda seasta miondíola, seasta gutha agus margaí móibíleacha (seachas leathanbhanda móibíleach agus M2M). Sa ghraf baintear úsáid as Treoiruimhir Herfindahl-Hirschman ('**HHI**')[22]. Má tá an comhchruinniú margaidh ard (fianaise ar leibhéal iomaíochta níos laige), beidh an HHI ard.

18 Chomh maith leis, b'fhéidir gur mhaith le pobail tairbhe a bhaint as socruithe comhroinnte de bhrí go bhféadfadh sé a bheith mar bhonn leis an líon cill-láithreán a theastaíonn chun seirbhís a sholáthar a laghdú nó beidh siad in ann tairbhe a bhaint as nascacht níos luaithe mar gheall ar chostais soláthartha líonra laghdaithe le haghaidh oibritheoirí.
19 DESI https://digital-agenda-data.eu, sonraí 2022
20 15 Tá an t-eolas ar fad maidir leis an dámhachtain seo le fáil ar shuíomh gréasáin ComReg: https://www.comreg.ie/industry/radio-spectrum/spectrum-awards/proposed-multi-band-spectrum-award/
21 DESI - Nascacht
22 Is beart coiteann de chomhchruinniú margaidh é seo a úsáidtear chun anailís a dhéánamh ar struchtúr an mhargaidh. Ríomhtar é trí sciar margaidh gach gnólacht atá in iomaíocht sa mhargadh a chearnú agus na figiúirí a shuimiú. Is fianaise é figiúr ard ar chomhchruinniú margaidh níos dlúithe, agus má tá monaplacht iomlán i gceist beidh an HHI cothrom le 10,000. Bheadh HHI de 2,000 luaite le margaidh atá roinnte go cothrom faoi chúig

Figiúr 4: Comhchruinniú Miondíola (HHI), 2013 – 2022[23]





3.22 Sa mhargadh leathanbhanda, is fianaise í an meath leanúnach ar chomhchruinniú an mhargaidh miondíola ar níos mó iomaíochta miondíola mar gheall ar leibhéil mhéadaithe d'iomaíochta atá bunaithe ar an mbonneagar. Tugadh laghdú ar chomhchruinniú an mhargaidh miondíola faoi deara sa mhargadh guth sheasta ó 2013 freisin, ach is cosúil nach lean an treocht seo ar aghaidh go dtí 2022. Is margadh trí MNO é margadh móibíleach na hÉireann ó cónascadh Hutchison 3G agus Telefónica O2 in 2014. Ainneoin go soláthraíonn roinnt MVNOnna agus fobhrandaí brú iomaíoch breise, is é an margadh seo an margadh is comhchruinnithe san earnáil fós.

## Infheistíocht in ECN / ECS

3.23 Mhéadaigh infheistíocht phríobháideach san earnáil sa tréimhse idir 2015 - 2021, infheistíocht atá cothrom le €4.5 billiún (féach Figiúr 5 thíos). Is fianaise í an treocht seo ar infheistíocht atá ag méadú ar bhonn cobhsaí nó de réir a chéile mar chéatadán d'ioncam iomlán an tionscail, agus ar an meán bhí an leibhéal infheistíochta cothrom le thart ar 16% i rith na tréimhse.

23 ComReg QKDR Ráithe 4 2022

**Figiúr 5: Infheistíocht in ECN / ECS (Éire, € milliún)**[24]




# Iomaíocht & Infheistíocht

## Iomaíocht Mhiondíola

**3.24** Is í sprioc ComReg maidir le hiomaíocht mhiondíola gur cheart go mbeidh fianaise ar iomaíocht éifeachtach agus inbhuanaithe i margaí ECS inbhuanaithe.

**Sprioc 1.1**

**Tá fianaise ar iomaíocht éifeachtach agus inbhuanaithe i margaí ECS miondíola.**

**3.25** Tá cur chuige ComReg maidir le margaí ECS miondíola a rialú bunaithe ar fhorchur oibleagáidí rochtana mórdhíola réamhtheachtacha, a chiallaíonn nach bhfuil mórán seans ann go mbeidh margadh miondíola iartheachtach amháin nó níos mó ag feidhmiú go hiomaíoch ar bhealach éifeachtach agus inbhuanaithe gan idirghabháil rialála de chineál éigin.

**3.26** Trí úsáid a bheith á baint ag ComReg as uirlisí rialála agus déileáil le teipeanna margaidh, tugadh meath seasta ar rialáil margaí ECS miondíola faoi deara in Éirinn le deich mbliana anuas.

**3.27** Tá ComReg den tuairim go bhfuil sé tábhachtach monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht iomaíochta ní hamháin sna margaí rialáilte féin, ach sna margaí gaolmhara eile freisin laistigh d'éiceachóras ginearálta ECN / ECS. Tríd an méid sin a dhéanamh, éireoidh le ComReg teacht ar thuiscint ar na cúiseanna go mb'fhéidir nach bhfuil margaí ag feidhmiú go héifeachtach d'úsáideoirí deiridh. Cuirfidh sé seo ar chumas ComReg díriú ar idirghabhálacha rialála a bhaineann lena fheidhmeanna ar fad.

**3.28** Tá roinnt tionscadal bunaithe/beartaithe ag ComReg a éascóidh tuiscint níos fearr ar an mhargaí sa éiceachóras

- **Monatóireacht a dhéanamh ar ECS miondíola agus Margaí OTT ábhartha** – Leanfaidh ComReg le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí i margaí ECS miondíola agus margaí OTT ábhartha d'fhonn

24 Tuarascáil Ráithiúil Príomhshonraí Eurostat agus ComReg

a chinntiú go bhfeidhmíonn na margaí seo go héifeachtach agus go gcomhlíonann siad riachtanais tomhaltóirí

- **Monatóireacht a dhéanamh ar Phríomh-Mhargaí gaolmhara/cóngaracha** – Leanfaidh ComReg le monatóireacht a dhéánamh ar phríomh-mhargaí gaolmhara/cóngaracha de bhrí go bhféadfaidís cur isteach ar mhargaí ECS.
- **Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt an éilimh margaidh** - Leanfaidh ComReg le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt an éilimh margaidh de réir mar a bheidh teicneolaíochtaí nua, líonraí nua agus cásanna úsáide nua (do thomhaltóirí agus d'fhiontair) ag teacht chun cinn.

## Rialú Margaí Mórdhíola agus Rochtana

3.29 D'fhéadfadh margaí rochtana mórdhíola a bheith faoi réir teipeanna margaidh éagsúla. D'fhéadfadh na teipeanna margaidh seo a bheith mar bhonn le baic agus bacainní leanúnacha ar iontráil a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'iomaíocht mhiondíola éifeachtach agus dreasachtaí infheistíochta in ECS/ECN a mhaolú. Dá réir sin, is í sprioc ComReg i gcomhthéacs rialú an mhargaidh mórdhíola **go bhfuil** iomaíocht éifeachtach agus inbhuanaithe ann chomh fada agus is féidir i margaí mórdhíola, i bhfianaise na mbac agus na mbacainní leanúnacha ar iontráil.

### Sprioc 1.2

**Tá iomaíocht éifeachtach agus inbhuanaithe ann chomh fada agus is féidir i margaí mórdhíola, i bhfianaise na mbac agus na mbacainní leanúnacha ar iontráil.**

3.30 Príomhtheip mhargaidh amháin a mbaineann tábhacht ar leith léi é nuair a d'fhéadfadh Cumhacht Shuntasach Mhargaidh a bheith ag oibritheoir, i.e., an cumas feidhmiú gan srian ó iomaitheoirí. Mura seiceáiltear é d'fhéadfadh SMP a bheith mar bhonn le praghsanna arda, seirbhís ar chaighdeán lag, infheistíocht/nuálaíocht mhoillithe nó chaillte nó iontráil nó forbairt níos moille iomaitheoirí i margaí ECS.

3.31 Tá roinnt uirlisí rialála ar fáil do ComReg chun cabhrú leis déileáil le teipeanna margaidh agus ceisteanna eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn i margaí mórdhíola, d'fhonn a chinntiú go gcuireann na margaí seo nuálaíocht agus rogha ar fáil do thomhaltóirí. Cuimsítear i measc na n-uirlisí seo:

- Oibleagáidí rochtana trí Chreat SMP,
- Dlí Iomaíochta Ex-Post, agus
- Forálacha in EECC chun infheistíocht éifeachtúil a spreagadh

3.32 Tá uirlisí eile de chuid ComReg a úsáidtear chun nascacht a fheabhsú agus a chumhachtaí éagsúla chun tomhaltóirí a chosaint, díospóidí a réiteach agus cumhachtaí a fhorfheidhmiú ag cur leis an tsraith straitéisí thuasluaite.

3.33 Is iad cuspóirí ComReg rialúchán a fhorfheidhmiú díreach i margaí ar cosúil nach mbeidh iomaíocht éifeachtach iontu, agus déileáil le hábhair imní a bhaineann le hiomaíocht ag an leibhéal is réamhtheachtaí agus is féidir. San áireamh anseo de ghnáth bíonn rialáil a bhfuil sé mar aidhm léi díriú ar cheisteanna ag leibhéal mórdhíola seachas leibhéal miondíola.

### Rialú Rochtana – Creat SMP

3.34 Sa chás go sainaithnítear go bhfuil SMP luaite le hoibritheoir, féadfaidh ComReg raon oibleagáidí rialála a fhorchur, lena n-áirítear oibleagáidí a bhaineann le rochtain, praghsáil, neamh-idirdhealú agus trédhearcacht.

3.35 Sa chás go gcuirtear rialúchán SMP chun feidhme, díríonn ComReg ar oibleagáidí a fhorchur ar spreagann iomaíocht bunaithe ar bhonneagar agus seirbhís trí chur ar chumas iontrálaithe nua agus oibritheoirí níos lú dul in iomaíocht ar bhonn cothroim leis an

oibritheoir SMP. Tugann ComReg tús áite do bhreis iomaíochta bunaithe ar bhonneagar de bhrí go gcumasaíonn sé seo iomaíocht níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt agus leibhéil infheistíochta níos fearr in ECS/ ECN.

3.36 Ceanglaítear ar ComReg athbhreithniú a dhéanamh ar mhargaí rialaithe éagsúla gach cúig bliana. Tá sé beartaithe ag ComReg leanúint ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar na margaí éagsúla atá leagtha amach i dTábla 3 thíos agus athbhreithnithe margaidh a dhéanamh más gá. Chomh maith leis sin, is féidir le ComReg anailís mhargaidh fhoirmiúil a dhéanamh má tharlaíonn athrú suntasach - cosúil le cumasc nó éadáil a d'fhéadfadh nádúr na hiomaíochta sna margaí ábhartha mórdhíola agus iartheachtacha a athrú ó bhonn. Bheadh sé mar aidhm le hanailís mhargaidh sna cásanna seo athmheasúnú a dhéanamh ar iomaíocht agus cuardach a dhéanamh le haghaidh aon teipeanna margaidh féideartha.

3.37 Mar atá sonraithe i dTábla 3 thíos, roimhe seo ní dhearna ComReg athbhreithniú ar an margadh a bhí dírithe ar Rochtain Bhonneagair Fhisiciúil (‘**PIA**’) leis féin, seachas sin shainordaigh sé rochtain ar dhuchta agus cuaillí Eircom mar bhealach chun Rochtain Áitiúil Mhórdhíola (‘**WLA**’) a réiteach. In 2023, tá ComReg ag súil lena athbhreithniú ar an margadh do PIA a chur i gcrích.

3.38 Is é PIA an margadh is réamhtheachtaí a d'fhéadfaí a rialú agus, dá réir sin, b'fhéidir nach gceadódh sé seo an fhéidearthacht a bhaineann le tuilleadh dírialaithe réamhtheachtaigh. Ciallaíonn úsáid a bheith á baint ag oibritheoirí eile as PIA go bhfuil ar a gcumas a ngnéithe táirgí agus roghanna teicneolaíochta a rialú go héifeachtach, mar shampla, i gcomparáid le húsáid a bhaint as díchuachadh fíorúil. D'fhéadfadh sé seo dinimiceas na bhfórsaí iomaíocha a mhéadú. Ciallaíonn an úsáid atá á baint a oibritheoirí eile as PIA go bhfuil ar a gcumas a ngnéithe táirgí agus roghanna teicneolaíochta a rialú go héifeachtach i gcomparáid le réitigh eile cosúil le húsáid a bhaint as díchuchadh fíorúil. D'fhéadfadh sé seo dinimiceas na bhfórsaí iomaíocha a mhéadú.

**Tábla 3: Athbhreithnithe Margaidh Críochnaithe/Beartaithe**

<table>
<tr><th>Margadh</th><th>Athbhreithniú Reatha</th><th>Dáta Críochnaithe Táscach an Athbhreithnithe</th></tr>
<tr><td>Rochtain Mhiondíola ar Líonra Teileafóin Phoiblí ag Suíomh Seasta agus Rochtain Sheasta Mhórdhíola agus Bunús Glaonna (margaí RFTS agus FACO)</td><td>Athbhreithniú deiridh: 2014/2015</td><td>2022</td></tr>
<tr><td colspan="3">I mí Feabhra 2022, rinne ComReg tuilleadh comhairliúcháin maidir le togra a bhfuil sé mar aidhm leis an margadh rochtana miondíola agus an margadh mórdhíola a dhírialú go hiomlán.[25] Mar thoradh air sin, rinneadh cinneadh i mí Meithimh 2022 (D05/22) na margaí seo a dhírialú go hiomlán.</td></tr>
<tr><td>Foirceannadh Seasta agus Móibíleach</td><td>2019 (nuashonraithe in 2020)</td><td>2023</td></tr>
<tr><td colspan="3">Táthar ag leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar na Margaí Foirceannta Seasta agus Móibíleacha agus d'fhoilsigh ComReg comhairliúchán i Ráithe 4 2022 (Doic. 22/87 ComReg) inar moladh deireadh a chur le rialú na margaí seo. I mí Feabhra 2023, chuir ComReg scéala maidir lena dhréachtchinneadh faoi bhráid CE (Doic. 23/17 ComReg) agus níor nocht CE aon tuairim maidir leis seo. Glacadh le agus foilsíodh cinneadh críochnaitheach i mí Aibreáin 2023 (Doic. 23/33 ComReg).</td></tr>
<tr><td>Rochtain Bhonneagair Fhisiciúil (PIA)</td><td>-</td><td>2023</td></tr>
<tr><td colspan="3">Táthar ag leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar mhargadh PIA agus d'fhoilsigh ComReg comhairliúchán i mí Eanáir 2023 (Doic. 23/04 ComReg) inar moladh an margadh seo a rialú. Glacfar le cinneadh críochnaitheach maidir leis an athbhreithniú seo comhthreomhar le margaí WLA agus WCA i Ráithe 4 2023.</td></tr>
<tr><td>Rochtain Áitiúil Mhórdhíola agus Rochtain Lárnach Mhórdhíola (WLA agus WCA)</td><td>2018</td><td>2023</td></tr>
<tr><td colspan="3">Ar aon dul leis an tiomantas a tugadh i gCinneadh 2018, i mí Eanáir 2021 reáchtáil ComReg comhairliúchán maidir le tuilleadh dírialaithe mhargadh WCA. Glacadh le cinneadh críochnaitheach i mí na Samhna 2021 (D10/21). Tá athbhreithniú margaidh iomlán ar mhargadh WLA agus WCA á dhéanamh, agus d'fhoilsigh ComReg comhairliúchán i mí Eanáir 2023 (Doic. 23/03 ComReg) ina beartaíodh an margadh WCA a dhírialú ina iomláine agus an margadh WLA a pháirtrialú. Glacfar le cinneadh críochnaithe in 2023 taobh leis an athbhreithniú PIA thuasluaite.</td></tr>
<tr><td>Rochtain Ardcháilíochta Mhórdhíola agus Acmhainn Thiomnaithe (WHQA/DC)</td><td>2020</td><td>2025</td></tr>
<tr><td colspan="3">Tá ComReg ag leanúint ar aghaidh le sonraí a bhailiú, mar chuid den mhonatóireacht leanúnach atá á déanamh aige ar an margadh seo. Ba cheart go gcumasódh sé seo athbhreithniú tráthúil ar an margadh seo mar chuid den chéad timthriall athbhreithnithe margaidh 5 bliana eile. Táthar ag súil le comhairliúchán bunaithe ar an athbhreithniú margaidh seo i Ráithe 4 2023.</td></tr>
<tr><td>Seirbhísí tarchurtha agus dáileacháin Craoltóireacht Mhórdhíola</td><td>2021</td><td>2026</td></tr>
<tr><td colspan="3">In February 2021 ComReg updated its 2013 decision on the Broadcasting Transmission Services markets (ComReg doc 21/14), which continues to regulate RTÉ / 2RN. ComReg will continue to monitor developments in these markets, including the evolution of retail broadcasting</td></tr>
</table>

25 Rinneadh é seo i ndiaidh comhairliúcháin a rinneadh roimhe sin i mí Meithimh 2020 agus dréachtchinneadh a fógraíodh don Choimisiún Eorpach ina dhiaidh sin i mí Meithimh 2021. D'eisigh an Coimisiún Eorpach cinneadh aistarraingthe ina dhiaidh sin a bhain leis an dréachtchinneadh a rinne ComReg i mí Meithimh 2021.

3.39 Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe ag ComReg scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna nua a eascraíonn as na forálacha rialála nua éagsúla atá leagtha amach in EECC i gcomhthéacs na hÉireann, mar bhealach chun cur le creat SMP. Áirítear ina measc:

- **Oibleagáidí Rochtana Siméadracha (Airteagal 61 de EECC)** - Oibleagáidí chun rochtain 'siméadrach' a sholáthar ar shaoráidí áitiúla chun dúbailt 'neamhéifeachtúil' sócmhainní líonra a sheachaint. Féadfaidh ComReg rochtain ar shreangú, cáblaí agus saoráidí gaolmhara laistigh d'fhoirgnimh a fhorchur nó suas go dtí an chéad phointe comhchruinnithe nó dáileacháin.
- **Oibritheoirí mórdhíola (Airteagal 80 de EECC)** – Go dtí seo, níor aimsíodh go raibh SMP i margadh mórdhíola rialaithe in Éirinn ag aon oibritheoir mórdhíola. Is príomhbhreithniúchán iad a leithéid sin d'oibritheoirí, áfach, nuair a bhíonn a measúnú á dhéanamh ar SMP i margaí mórdhíola éagsúla.

## Aistarraingt thráthúil rialúcháin

3.40 Déanfaidh ComReg iarracht rialúchán mórdhíola a aistarraingt sa chás go bhfuil iomaíocht éifeachtach curtha ar fáil i margaí miondíola iartheachtacha nó sa chás go bhfuil iomaíocht éifeachtach forbartha i margaí mórdhíola. Is í sprioc ComReg sa chomhthéacs seo **tacú le hiomaíocht inbhuanaithe agus éifeachtach a cheadaíonn aistarraingt thráthúil rialúcháin.**

**Sprioc 1.3**

**D'fhéadfadh iomaíocht inbhuanaithe agus éifeachtach tacú le haistarraingt thráthúil rialúcháin.**

3.41 Ainneoin go bhfuil aistarraingt an rialúcháin ó mhargaí miondíola agus iartheachtacha inmhianaithe, braitheann an próiseas seo ar éifeachtacht an rialúcháin sna margaí réamhtheachtacha. Le déanaí, d'fhorchuir ComReg réitigh chomhréireacha i margaí mórdhíola a chreidimid a mhéadóidh an seans go dtarlóidh sé seo. Chomh maith leis sin, tá roinnt margaí mórdhíola dírialaithes[26] ag ComReg a bhfuil fianaise ar iomaíocht inbhuanaithe agus éifeachtach le fáil iontu.

3.42 Foráiltear in EECC gur cheart do ComReg rialúchán a bhaint ar bhealach a laghdaíonn an méid cur isteach agus ní mór dó a chinntiú nach leantar le rialúchán le haghaidh tréimhse níos faide ná mar is gá.

3.43 Tá sé beartaithe ag ComReg leanúint ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar mhargaí rialaithe d'fhonn a chinntiú go bhfuil réitigh ag déileáil go héifeachtach le teipeanna margaidh agus más féidir, deireadh a chur le rialacháin nach bhfuil gá leo a thuilleadh.

## Infheistíocht agus Cinnteacht Rialála

3.44 Tuigeann ComReg nach gá go soláthródh ECN / ECS neamhrialaithe na dreasachtaí cearta d'infheistíocht. Dá réir sin, leanfaidh ComReg ar aghaidh le húsáid a bhaint as bearta a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le próiseas an mhargaidh iomaíoch agus an próiseas sin a chosaint.

3.45 Is é ról ComReg tacú le nuálaíocht trí thimpeallacht infheistíochta chobhsaí agus córas rialála intuartha a chruthú, rud a chinnteoidh gur féidir an tionscal a fhorbairt, agus táirgí agus seirbhísí nua a chur ar fáil freisin.

3.46 Dá réir sin, is é an chéad cheann den dá sprioc atá ag ComReg maidir le hinfheistíocht agus cinnteacht rialála, go n-éascaíonn dreasachtaí iomaíocha infheistíocht tráchtála éifeachtúil i mbonneagar agus seirbhísí a nua agus atá ar fáil cheana féin, oiread agus is féidir.

26 Dhírialáil ComReg an Margadh Uibreach WCA in 2018 (D10/18) agus 2021 (D10/21), Margadh MI WHQA Chrios B in 2020 (D03/20), agus an margadh RFTS agus FACO i mí Meithimh 2022

## Sprioc 1.4

**Éascaíonn dreasachtaí iomaíocha infheistíocht tráchtála éifeachtúil i mbonneagar agus i seirbhísí nua agus atá bunaithe cheana féin oiread agus is féidir.**

3.47 De réir mar a bheidh na líonraí seasta (e.g. snáithín) agus móibíleacha (e.g. 5G) níos nuaí á rolladh amach, rachaidh úsáid agus tábhachtach ECN agus teicneolaíochtaí níos sine i laghad, agus i ndeireadh na dála, beidh siad á scor agus á n-aistarraingt.

3.48 Go ginearálta, tugann ComReg tús áite d'iomaíocht atá bunaithe ar bhonneagar, bunaithe ar iomaíocht idir-ardáin agus ar iomaíocht rochtainbhunaithe ag an leibhéal is doimhne agus is féidir. I gcónaí, tá sé mar aidhm le cinntí praghsála ComReg cothromaíocht a chinntiú idir an méid seo a leanas:

- Tacú le hinfheistíocht atá á déanamh ag na hoibritheoirí líonra in VHCN. Pointe tábhachtach is ea nár cheart go mbeadh praghsanna rochtana rialaithe ag leibhéal chomh híseal sin go gcuirtear cosc ar infheistíocht a bheadh inmharthana ar bhonn tráchtála murach sin;
- Tacú le hinfheistíocht inmharthana ina bhonneagar féin a bheith á déanamh ag daoine a cheannaíonn rochtain ó líonraí eile, go háirithe iad siúd a úsáideann rochtain rialaithe ar líonra Eircom;
- A chinntiú go bhfuil fianaise ar chleachtas éifeachtach sna praghsanna rialaithe agus nach dtarlaíonn téarnamh iomarcach chomh fada is a bhaineann leis an oibritheoir SMP;
- A chinntiú nach mbíonn praghsanna mórdhíola mar bhonn le cúngach praghsanna;
- Ní bhíonn praghsanna mórdhíola mar bhonn le praghsanna iomarcacha úsáideoir deiridh; agus
- Cinntíonn praghsanna mórdhíola ascnamh tráthúil agus éifeachtúil chun bonneagar nua de réir a chéile.

3.49 Tá sé tábhachtach freisin go bhfuil cinnteacht réasúnta ann maidir leis an gconair praghsanna le haghaidh imreoir, a mhéid agus is féidir. Chomh fada is a bhaineann le rialuithe praghsanna reatha, sa chás go bhfuil treoir tugtha maidir le praghsanna mar chuid den rialú praghsanna (lena n-áirítear praghsanna uasta), beidh feidhm lena leithéid de phraghsanna don tréimhse rialaithe praghsanna, mura ndéanann ComReg idirghabháil sa chás go bhfuil athruithe ábhartha nó imthosca eisceachtúla i gceist.

3.50 Leanfaidh ComReg le hanailís a dhéanamh ar na coinníollacha iomaíocha ábhartha agus le monatóireacht a dhéanamh ar na costais atá luaite le líonra FTTH Eircom agus cuirfear san áireamh go dtarraingeofar aird an tionscail ar athbhreithniú ar phraghsáil mhórdhíola FTTH Eircom roimh ré agus nach féidir forchur praghsáil atá bunaithe ar chostas a sheachaint. Dlúthchuid de bheartas praghsála rialála ComReg é na comharthaí infheistíochta is oiriúnaí a shonrú, obair a mbeidh ról lárnach aici i mbeartas praghsála rialála ComReg.

3.51 Leanfaidh ComReg ar aghaidh le hinfheistíocht a spreagadh ag an leibhéal is doimhne den líonra lena mbaineann ciall gheilleagrach. Sa chomhthéacs seo, breithníonn ComReg go bhfuil deis ann infheistíocht a spreagadh trí úsáid a bhaint as rochtain rialaithe ar bhonneagar éighníomhach atá ann cheana féin, cosúil le duchtaí agus cuaillí (PIA). Éileoidh sé seo rochtain fheidhmiúil agus éifeachtach ar bhonneagar éighníomhach ag praghsanna a shocraíonn na dreasachtaí oiriúnacha do gach imreoir.

3.52 Chomh maith leis sin, déanfaidh ComReg monatóireacht ar rochtain NBI ar bhonneagar fisiciúil Eircom chun cabhrú leis ról a bheith aige i rolladh amach rathúil agus tráthúil NBP. Sa chás go bhfuil gá le hinfheistíocht bhreise chun torthaí margaidh inmhianaithe a bhaint amach, seachas mar a bheadh á chur ar fáil i margadh iomaíoch éifeachtach,

beidh a leithéid sin d'infheistíocht á cur ar fáil ar bhealach nach gcuireann isteach go suntasach ar an margadh agus ar bhealach nach gcuireann infheistíocht tráchtála as an áireamh.

3.53 Tá ról chomh suntasach céanna ag cinnteacht rialála sna hiarrachtaí atá á ndéanamh coinníollacha infheistíochta a chruthú is atá ag dreasachtaí airgeadais a bhunú d'oibritheoirí. Tá ComReg fós ag súil go ndéanfar méideanna suntasacha infheistíochta i líonraí seasta agus móibíleacha nuair a bheidh iarrachtaí á ndéanamh ag oibritheoirí líonraí agus seirbhísí nua a rolladh amach do thomhaltóirí. Braitheann infheistíochtaí móra tráchtála dá leithéid a bheith á ndéanamh, i bpáirt ar a laghad, ar rátaí toraidh ionchais agus ar leibhéal praghais ionchais.

3.54 In go leor margaí ECS rialaithe, forchuireann ComReg oibleagáidí rialaithe praghsanna, lena n-áirítear an oibleagáid praghsanna mórdhíola atá bunaithe ar chostas a ghearradh. San áireamh i bpraghas mórdhíola dá leithéid atá bunaithe ar chostas a shocrú tá ráta toraidh réasúnach ar infheistíocht agus Meánchostas Ualaithe an Chaipitil ('**WACC**') measta. Cinntíonn ComReg go bhfuil WACC socraithe ag leibhéal atá oiriúnach chun tacú le hinfheistíochtaí éifeachtúla agus tráthúla agus le nuálaíocht i mbonneagar agus seirbhísí tarchurtha ECN / ECS agus craoltóireachta in Éirinn.

3.55 Dá réir sin, is í an dara sprioc atá ag ComReg maidir le cinnteacht infheistíochta agus rialála a chinntiú go **n-éascaíonn cinnteacht rialála, lena n-áirítear cinnteacht maidir le praghsáil mhórdhíola agus ráta toraidh, cinntí infheistíochta tráthúla**. Go háirithe, ba cheart go mbeadh an córas praghsála mórdhíola a roghnaítear agus gnóthú costais oiriúnach do na himthosca agus ba cheart go mbreithneofaí an gá atá le tacú le héifeachtúlacht agus le hiomaíocht éifeachtach agus buntáistí do thomhaltóirí a fheabhsú.

3.56 I gcomhthéacs an dá sprioc seo a bhaineann le cinnteacht infheistíochta agus rialála, tá sé beartaithe ag ComReg an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **Comharthaí Praghsála:** Feidhmíonn praghsanna mórdhíola forchurtha ag ComReg i margaí rialaithe mar chomharthaí praghsála don oibritheoir SMP agus d'oibritheoirí eile ar mian leo infheistíocht a dhéanamh in ECN / ECS. Ba cheart go spreagfadh comharthaí praghsála éifeachtacha oibritheoir chun infheistíocht éifeachtúil a dhéanamh agus an bonneagar oidhreachta a sheachaint.

## Sprioc 1.5

**Éascaíonn cinnteacht rialála, lena n-áirítear cinnteacht maidir le praghsáil mhórdhíola agus ráta toraidh, cinntí infheistíochta tráthúla.**

- **Ráta Réasúnach Toraidh:** Chomh maith leis sin, spreagfaidh ComReg infheistíochtaí a bheidh á ndéanamh ag oibritheoirí eile i margaí iartheachtacha trí rochtain ar ionchur arna rialú ag an oibritheoir SMP a shainordú agus a fhorfheidhmiú bunaithe ar théarmaí cothroma, trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha. Chun infheistíochtaí ón oibritheoir SMP a spreagadh, lena n-áirítear infheistíocht i líonraí an chéad ghlúin eile, cuirfidh ComReg san áireamh an infheistíocht déanta ag an oibritheoir, agus ceadóidh sé ráta réasúnach toraidh ar chaipiteal leordhóthanach úsáidte.
- **Costas Caipitil:** Nuashonraigh ComReg an WACC atá infheidhme i ndáil le Teileachumarsáid agus Craoltóireacht Sheasta & Mhóibíleach i mí Meithimh 2022[27]. Déanfaidh ComReg an WACC a athríomh ar bhonn bliantúil trí úsáid a bhaint as paraiméadair nuashonraithe. Ansin úsáidfear na luachanna WACC athríofa nuair a bheidh rialuithe praghsanna á leasú nó á nuashonrú mar chuid don chinneadh a dhéanann

27 Doiciméad 22/47 ComReg

ComReg ina dhiaidh sin. Sa chás go raibh praghsanna sonraithe ag ComReg roimhe seo (lena n-áirítear i bhfoirm praghsanna uasta), le haghaidh tréimhse shainithe, ní bheidh athrú a dhéanfar ar an WACC ina dhiaidh sin mar bhonn le haon athrú uathoibríoch ar na praghsanna sin.

## Líonraí Oidhreachta

3.57 Is é an aidhm atá le cuspóir Nascachta EECC tuilleadh infheistíochtaí in VHCN ar fud an AE a spreagadh. Tá ComReg airdeallach ar an tábhacht a bhaineann le VHCN a sholáthar ar bhonn forleathan, rud a chiallaíonn go mb'fhéidir go mbeadh ar oibritheoirí líonra líonraí oidhreachta a fhágáil ina ndiaidh de réir a chéile.

3.58 Tá ComReg ag tacú le rolladh amach líonra VHCN agus leis an aistriú ó líonraí oidhreachta. Tuigeann ComReg go bhfuil roinnt buntáistí ag baint le líonraí VHCN i gcomparáid le líonraí neamh-VHCN agus oidhreachta, lena n-áirítear luasanna íoslódála níos tapa, iontaofacht líonra agus ídiú fuinnimh níos ísle.

3.59 I mí Márta 2021, d'fhoilsigh Eircom ar an rud ar a dtugann sé 'páipéar bán' maidir leis an aistriú óna líonra copair oidhreachta chuig líonra VHCN bunaithe ar líonra FTTP Eircom. Breithníonn ComReg go bhfuil poitéinseal ag baint lena leithéid d'athrú nascacht ar ardchaighdeán agus iontaofa a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh ar fud na tíre a bhfuil líonraí copair agus FTTC Eircom in úsáid acu faoi láthair.

3.60 Tuigeann ComReg gurb é an tionscal atá freagrach as an aistriú ó na líonraí oidhreachta i ndeireadh na dála, agus go mbeidh gá le clár Tionscail, a mbeidh Eircom i gceannas air, agus a mbeidh maoirseacht á déanamh ag ComReg air, chun aistriú atá á bhainistiú go héifeachtach a chinntiú agus chun iomaíocht agus úsáideoirí deiridh (lena n-áirítear úsáideoirí deiridh leochaileacha) ag gach céim den phróiseas.

3.61 I mí Bealtaine 2021, leag ComReg amach a thuairim[28] maidir leis an ról a bhí aige maoirseacht a dhéanamh ar sheirbhísí rialaithe atá á gcur ar fáil i ndáil le VHCN nua agus an tionchar gaolmhar a bheidh ag a leithéid ar sheirbhísí rialaithe agus ar iomaíocht go ginearálta. Shonraigh ComReg go mbeidh a chur chuige maidir leis na saincheisteanna seo á threorú freisin ag na rialacháin ábhartha lena n-áirítear forálacha EECC (trasuite i Ráithe 1 2023 agus ar feitheamh ordú um thosach feidhme) maidir le próiseas díchoimisiúnaithe nó athsholáthair líonraí oidhreachta (Airteagal 81 agus Rialachán 63). Áirítear anseo nach mór go dtarlódh an t-aistriú ar bhealach intuartha agus trédhearcach chomh fada is a bhaineann leis na páirtithe leasmhara ar fad, agus go mbeidh tréimhsí fógra leordhóthanacha á sonrú. Ceanglaíonn EECC ar ComReg a chinntiú go mbíonn amchláir agus coinníollacha trédhearcacha luaite leis an aistriú ó líonraí copair oidhreachta faoi réir oibleagáidí SMP, agus gur féidir le húsáideoirí deiridh leanúint ar aghaidh le leathanbhanda agus táirgí teileafónaíochta a rochtain.

3.62 D'eisigh ComReg doiciméad comhairliúcháin ar an 25 Márta 2022. Táthar ag leanúint ar aghaidh le breithniú a dhéanamh ar na freagairtí faighte ó pháirtithe leasmhara ón Tionscal agus ó fhreagróirí aonair agus tá sé beartaithe fógra curtha faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh faoi Airteagal 32 de EECC i Ráithe 2 2023 agus Cinneadh a dhéanamh ina dhiaidh sin.

3.63 Idir an dá linn, tá oibleagáidí rialála forchurtha ar Eircom (e.g. Oibleagáid Seirbhíse Uilíche ('**USO**') agus oibleagáidí gan seirbhísí a aistarraingt) fós i bhfeidhm. I láthair na huaire, creideann ComReg, bunaithe ar eolas curtha ar fáil ag Eircom, go gcuirfear tús leis an aistriú ón líonra copair as seo go ceann cúig bliana.

---

28 Doiciméad 21/43 ComReg

## Speictream agus Uimhriú

3.64 Is acmhainn ghann é speictream raidió ag a bhfuil raon leathan úsáidí agus úsáideoirí deiridh. Is ionchur riachtanach atá ann chomh fada is a bhaineann le ECN / ECS gan sreang / raidióbhunaithe a sholáthar de bhrí go bhfuil roinnt comhpháirteanna gan sreang ar a laghad le fáil i bhformhór na líonraí ECN, fiú amháin na líonraí seasta. Dá réir sin, tá infhaighteacht speictrim riachtanach d'iontráil agus d'fhorbairt go leor oibritheoirí sna margaí cumarsáide leictreonaí. Tá an t-éileamh méadaithe ar speictream raidió bunaithe ar níos mó úsáide a bheith á baint ag an tsochaí as seirbhísí atá dian ar shonraí le linn a bheith ag dul ó áit go háit agus a bheith ag obair in áiteanna eile seachas san oifig agus sa bhaile.

3.65 Ar an gcuma chéanna, tá rochtain ar uimhreacha riachtanach chomh fada is a bhaineann le feidhmiú na margaí cumarsáide leictreonaí. Mar acmhainn náisiúnta fhinideach, déanann ComReg iarracht a chinntiú go bhfuil dóthain uimhreacha ar fáil i gcónaí chun tacú le héilimh custaiméirí agus soláthraithe seirbhíse reatha agus nua. Sa chomhthéacs seo, is í sprioc ComReg a chinntiú **go n-éascaíonn bainistíocht an speictrim agus uimhreacha iomaíocht, go bhfeabhsaítear nascacht agus go dtacaítear le hinfheistíocht éifeachtúil.**

### Speictream

3.66 Is éard atá i gceist le bainistíocht speictrim[29] an próiseas atá mar bhonn le húsáid minicíochtaí raidió a rialú ar mhaithe le tacú lena n-úsáid éifeachtúil chun tairbhe na sochaí.

3.67 Seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí a bhaineann le bainistíocht speictrim; **leithdháileadh**[30] agus **sannadh**[31] speictrim mar aon le monatóireacht, comhlíonadh agus forfheidhmiú coinníollacha ceadúnais agus caighdeán trealaimh. Chomh fada is a bhaineann le cearta speictrim le haghaidh ECN / ECS a shannadh, déanann ComReg cinneadh maidir leis an gcur chuige oiriúnach ar bhonn an cháis. Nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí seo á gcur i gcrích, breithníonn ComReg fachtóirí riaracháin, rialála, sóisialta, geilleagrach agus teicniúla, agus fachtóirí eile nach iad freisin.

3.68 Tá ról lárnach ag an bpróiseas comhchuibhithe idirnáisiúnta don speictream raidió i dtéarmaí infheistíochta de bhrí go n-éascaíonn sé barainneachtaí scála i ndéantúsaíocht trealamh raidió. Is príomhfhachtóir atá ann chomh fada is a bhaineann le cinneadh a dhéanamh maidir leis na treochláir theicneolaíochta ar ghlac soláthraithe domhanda trealamh raidió leo. Tá gníomhaíochtaí comhchuibhithe dírithe ar dhlús a chur faoin úsáid atá á baint as an speictream raidió.

**Sprioc 1.6**

**Éascaítear iomaíocht, feashbhaítear nascacht agust cuirtear infhestíocht éifeachtach chun cinn mar gheall ar bhainistíocht speictrim agus uimhreacha.**

3.69 Páirteach sa phróiseas comhchuibhithe idirnáisiúnta tá go leor gnéithe éagsúla lena n-áirítear comhchuibhiú na gcaighdeán teicneolaíochta in eagraíochtaí cosúil le ETSI 3GPP, agus comhchuibhiú na leithdháiltí speictream raidió agus na gcoinníollacha teicniúla in eagraíochtaí cosúil leis an Aontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide ('**ITU**'), BEREC, Grúpa um Beartas Speictream Raidió ('**RSPG**') agus Comhdháil na Riarachán Eorpach Poist agus Teileachumarsáide ('**CEPT**').

29 Féach Straitéis Bainistíochta Speictrim ComReg le haghaidh 2022 - 2024 (Doiciméad 21/136)
30 Tagraíonn **leithdháileadh** speictrim don ainmniúchán bandaí minicíochta áirithe atá le húsáid ag cineál seirbhís cumarsáid raidió amháin nó níos mó, más cuí, de réir coinníollacha sonraithe. Tá seirbhísí cumarsáid raidió á sainiú ag na rialacháin raidió idirnáisiúnta
31 Tagraíonn **sannadh** speictrim do na gníomhaíochtaí bainistíochta speictrim sin a áirítear iontu cearta úsáide le haghaidh minicíochtaí raidió a eisiúint agus úsáid a bhaint as na cearta sin a údarú.

3.70 Tá ról gníomhach ag ComReg, i dteannta le DECC, i bhfóraim idirnáisiúnta d'fhonn a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go bhfreastalaíonn cinntí a bhaineann le creat rialála idirnáisiúnta an speictrim raidió le ceanglais shonracha na hÉireann. Cabhraíonn rannpháirtíocht sa phróiseas comhchuibhithe idirnáisiúnta le ComReg breithniú gníomhach a dhéanamh agus gníomhú i ndáil le forbairtí ábhartha nuair a bhíonn a fheidhmeanna bainistíochta speictrim á bhfeidhmiú aige in Éirinn.

3.71 Chomh fada is a bhaineann le comhchuibhiú idirnáisiúnta, tá sé beartaithe an 39ú Comhdháil Dhomhanda Cumarsáid Raidió (WRC) a reáchtáil i Ráithe 4 2023. Leagtar amach i gclár oibre WRC-23 an treochlár d'fhorbairtí teicneolaíocha tábhachtacha a dhéanfar amach anseo agus cuimsítear ann 19 mhír shonracha agus 11 mhír sheasta.

3.72 Faoi cheannas DECC, tá ullmhúcháin á ndéanamh in Éirinn le haghaidh WRC-23 agus tá ról gníomhach ag ComReg san obair a bhfuil sé mar aidhm léi na cuspóirí agus na spriocanna a bhunófar i rith an phróisis ullmhúcháin náisiúnta a chomhlíonadh. Seo a leanas na míreanna suntasacha atá ar an gclár oibre ag WRC-23 a bhfuil spéis ag Éire iontu:

- Leathanbhanda agus Craoltóireacht Mhóibíleach;
- Cumarsáid Leathanbhanda Mhóibíleach;
- Cumarsáid Aerloingseoireachta;
- Cumarsáid Satailíte; agus
- Úsáid Eolaíochta an Speictrim.

3.73 Tá ComReg tiomanta do roinnt tionscadal tosaíochta speictrim, a chuirfear i gcrích sa tréimhse amach romhainn, lena n-áirítear naisc sheasta agus seirbhísí satailíte:

- **Naisc Sheasta:** I ndiaidh dianchomhairliúcháin[32] ta raibh sé mar aidhm leis athbhreithniú ar an gcóras ceadúnaithe atá in úsáid faoi láthair i ndáil le Naisc Sheasta, d'eisigh ComReg a dhréachtchinneadh agus a dhréachtrialacháin i mí na Samhna 2022.[33] I ndiaidh críoch a chur leis an gcinneadh agus Ionstraim Reachtúil nua a fhoilsiú, cuirfidh ComReg chun feidhme na hathruithe a d'eascair as an gcinneadh thar thréimhse trí bliana.
- **Satailítí:** Tá níos mó spéise léirithe arís in úsáid a bhaint as grúpaí de shatailítí beaga i ndomhanfhithisí ísle (LEOnna) chun rochtain idirlín a sholáthar. D'fhonn a chinntiú go bhfuil creat reachtúil oiriúnach ag Éirinn, rachaidh ComReg i gcomhairle maidir le húdarú stáisiún satailíte talún faoi 3 GHz agus athbhreithneoidh sé an córas ceadúnais atá i bhfeidhm faoi láthair le haghaidh stáisiún satailíte talún in Éirinn.

3.74 Tá an dá cheist thíosluaite á bhforbairt faoi láthair agus is dócha go réiteofar iad nó go ndéanfar neart dul chun cinn thar thréimhse na straitéise seo:

- **Nascacht líonra príobháideach ceantair áitiúil:** Thionscain an Coimisiún Eorpach staidéar trí CEPT chun measúnú a dhéanamh ar an úsáid atá á baint as an mbanda minicíochta 3.8 – 4.2 GHz chun 'líonraí áitiúla príobháideacha' a cheadúnú agus chun coinníollacha teicniúla comhchuibhithe a fhorbairt d'úsáid chomhroinnte an bhanda seo. Tá roinnt fiosrúchán faighte ag ComReg maidir le líonraí príobháideacha agus tá sé beartaithe aige monatóireacht a dhéanamh ar agus cur le forbairt aon dréachtchinneadh comhchuibhithe CE agus ECC maidir leis an úsáid a bhaintear as an mbanda seo.
- **Banda craolta UHF:** I rith WRC-23 mar chuid d'athbhreithniú ar an mbanda craolta UHF (470-960 MHz) breithneofar ceanglais speictrim na seirbhísí craoltóireachta, seirbhísí móibíleacha agus roinnt seirbhísí eile a úsáideann an banda seo[34]. Bhí ról lárnach ag ComReg sa phlé seo in CEPT a éascú agus i gcinneadh a dhéanamh maidir le seasamh CEPT ag WRC-23

32 Doiciméad 20/109 ComReg
33 Doiciméad 22/93 ComReg - Athbhreithniú ar Chóras Ceadúnaithe na Nasc Raidió Seasta - Freagairt ar Chomhairliúchán agus Dréachtchinneadh lena n-áirítear Dréachtrialacháin – foilsithe ar an 9 Samhain 2022.
34 San áireamh sna leithdháiltí a rinneadh i mbanda 470-960 MHz do Réigiún 1 tá seirbhísí seasta, rad-aimsithe, móibíleach talún coimhdeach le craoltóireacht agus déanamh clár, radairéalteolaíocht, radaloingseoireacht aeir agus satailít mhóibíleach seachas satailít mhóibíleach aerloingseoireachta (R)

3.75 Tá ComReg freagrach as feidhmiú Test & Trial Ireland[35] a bhfuil sé mar aidhm leis nuálaíocht agus forbairt a spreagadh a bhfuil teicneolaíochtaí nó seirbhísí raidió nua san áireamh ann. Tá dhá chineál cheadúnais ar fáil, ceadúnas amháin atá dírithe ar thástálacha teicneolaíochta agus ceadúnas eile atá dírithe ar thrialacha seirbhísí a bhaineann le tríú páirtithe nó leis an bpobal. Tá sé beartaithe go mbeidh an dá cheadúnas ag tacú le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha nua agus níl sé beartaithe go mbeidh siad in úsáid chun tacú le soláthar tráchtála seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Trí shracfhéachaint a thabhairt ar liosta de cheadúnais[36] Test and Trial a eisíodh roimhe seo is féidir eolas a fháil faoi chuid d'úsáideoirí na gceadúnas sin agus faoi na teicneolaíochtaí agus seirbhísí nuálacha a tástáladh nó ar baineadh triail astu in Éirinn.

## Uimhriú

3.76 Tá ComReg freagrach as an Scéim Uimhrithe Náisiúnta a bhainistiú, lena n-áirítear coinníollacha a bhunú maidir le cearta úsáide uimhreacha. Is é an ról atá ag ComReg cothromaíocht a chinntiú idir an riachtanas atá ann an acmhainn náisiúnta fhinideach seo a chaomhnú agus a chinntiú go bhfuil dóthain uimhreacha ann i gcónaí chun tacú le héilimh custaiméirí agus soláthraithe seirbhísí nua agus reatha. Ní mór go gcinnteodh aon choinníollacha úsáide nua a thacaíonn le hiomaíocht agus le nuálaíocht go mbeidh tomhaltóirí á gcosaint i gcoinne mí-úsáid uimhreacha.

3.77 Is dócha gur iad uimhreacha na haitheantóirí uilíocha is coitianta a bheidh in úsáid go dtí 2026 ar a laghad agus ar feadh blianta fada ina dhiaidh sin freisin. Tá uimhreacha á gcomhordú ag Údaráis Rialála Náisiúnta (NRAnna) ag leibhéal náisiúnta agus ag an ITU ag leibhéal idirnáisiúnta.

3.78 Cuireadh feabhsuithe i bhfeidhm ar an ardán Uimhrithe Neamhgheografaigh (NGN) i mí Eanáir 2022, nuair a cuireadh stop le feidhmiú trí raon uimhreach (uimhir 1850, 1890 agus 076). Níl ar fáil anois ach táirgí NGN a bhaineann leis an Uimhir Shaorghlao 1800 agus an Uimhir Ráta Chaighdeánaigh 0818. Gné shuntasach den chóras mórdhíola is ea go bhfuil laghdú 92% ar tháillí bunúsacha fóin phóca le haghaidh glaonna fóin phóca ar an Uimhir Shaorghlao 1800. I dteannta a chéile, cinntíonn na feabhsuithe seo go bhfuil ardán NGN atá oiriúnach dá fheidhm agus éasca le tuiscint ag Éirinn, agus margadh iomaíoch chun seirbhísí NGN a sholáthar.

3.79 I ndáil leis an sprioc thuasluaite, cuirfidh ComReg na gníomhaíochtaí seo a leanas i gcrích:

- **Tuilleadh nuashonruithe ar na Coinníollacha Úsáide Uimhrithe:** Nuashonraíonn ComReg na Coinníollacha Úsáide Uimhrithe gach 2-3 bhliain, chun cuntas a dhéanamh d'athruithe reachtúla, teicneolaíochtaí nua agus forbairtí margaidh. San áireamh sna nuashonruithe a cuireadh i gcrích i mí Iúil 2021[37] bhí anailís mhionsonraithe ar uimhreacha le haghaidh ardán néalchumarsáide. Thacaigh taighde margaidh a léirigh go raibh tromlach mór (thart ar 90%) tomhaltóirí i bhfabhar uimhreacha geografacha (líne thalún) a shannadh do ghnóthaí agus do dhaoine aonair a raibh áitreabh acu laistigh den chód ceantair. Cuireadh oibleagáidí uimhrithe nua agus leasaithe in EECC san áireamh i nuashonrú 2021 freisin. Rachaidh ComReg i gcomhairle maidir le tuilleadh nuashonruithe i rith 2023, agus seo a leanas na príomhchuspóirí a bheidh aige: i) tacú leis an Tascfhórsa Tionscail um Chumarsáid Núise ('**NCIT**') (féach Roinn 5.7) idirghabhálacha chun cumarsáid núise a mhaolú (glaonna agus téacsanna sceamála) agus ii) bunófar bearta coisctheacha comhlántacha nua chun sonraí Sainaithint Líne Glao ('**CLI**') a fheabhsú agus chun próisis 'Bíodh Tuiscint Agat ar Do Chustaiméir' ('**KYC**') oibritheoirí chun uimhreacha a shannadh a fheabhsú.

---

35 Féach https://www.testandtrial.ie/
36 Féachhttps://www.comreg.ie/industry/radio-spectrum/licensing/search-licence-type/wireless-test-trial/
37 Doiciméad 21/75 ComReg

- **An straitéis atá foilsithe ag ComReg chun tacú le soláthar thar an líonra (OTA) a chur chun feidhme:** Ceanglaíonn EECC ar Bhallstáit tacú le soláthar thar an líonra ('OTA') chun aistriú soláthraithe a éascú. Braitheann OTA ar theicneolaíocht SIM 'leabaithe' SIM ('eSIM'). I mí Meithimh 2022, d'fhoilsigh ComReg a fhreagairt don chomhairliúchán agus straitéis deiridh[38], , ina sonraítear clár oibre d'oibritheoirí móibíleacha in Éirinn. Is é cuspóir na straitéise go mbeidh custaiméirí in ann clárú agus aistriú idir oibritheoirí go digiteach faoi dheireadh 2023, agus go mb'fhéidir go bhféadfadh tomhaltóirí aistriú idir oibritheoirí in imeacht 5 nóiméad nó níos lú.

  Oibreoidh ComReg le hoibritheoirí i rith 2023 d'fhonn a chinntiú go bhfuil lántairbhe á baint as soláthar OTA agus teicneolaíocht eSIM. Áirítear i measc bhuntáistí OTA agus eSIM, mar shampla, deis a thabhairt do thomhaltóirí próifílí áitiúla sealadacha a íoslódáil nuair a bhíonn siad ag fánaíocht thar lear. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach nuair a bhíonn custaiméirí ag fánaíocht lasmuigh den AE, áit nach bhfuil feidhm le hoibleagáidí Fánaíocht ar Tháillí Baile (**RLAH**), de bhrí go mbíonn ar thomhaltóirí billí móra a íoc nuair a fhilleann siad ar an mbaile. D'fhéadfadh a leithéid de phróifílí áitiúla sealadacha a chinntiú gur féidir le tomhaltóirí tairbhe a bhaint as taraifí níos réasúnaí atá infheidhme go háitiúil (agus is fianaise ar an méid sin GoMoWorld a seoladh le déanaí).

38 Doiciméad 22/48A https://www.comreg.ie/publication/comreg-strategy-to-promote-over-the-air-provisioning-2



# 4

# Cosaint Tomhaltóirí

# 4. Cosaint Tomhaltóirí

## Réamhrá

4.1 Ba cheart do mhargaí atá ag feidhmiú go héifeachtach an oiread buntáistí agus is féidir a chur ar fáil do thomhaltóirí.[39] Ní sholáthraíonn margaí na torthaí is fearr agus is féidir do thomhaltóirí i gcónaí, áfach. Uaireanta cuireann teipeanna margaidh cosúil le neamhréireanna faisnéise bac ar thomhaltóirí ó roghanna eolasacha a dhéanamh. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh fadhbanna a bheith i gceist nuair nach seasann soláthraithe le cearta tomhaltóirí nó nuair a sholáthraíonn siad sásraí gearán agus sásaimh mí-oiriúnacha chun cabhrú le tomhaltóirí.

4.2 Is é an ról atá ag ComReg chomh fada is a bhaineann le tomhaltóirí de, iad a chosaint agus eolas a roinnt leo, ionas nach mbíonn orthu déileáil le díobhálacha agus ionas gur féidir leo seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach. San áireamh inár ról freisin tá breithniú a dhéanamh ar Sheirbhís Uilíocht don earnáil ECS d'fhonn a chinntiú go bhfuil rochtain ag tomhaltóirí ar ECS seasta áirithe ag praghas inacmhainne. Ar deireadh, tá ról againn i ndáil le sásamh tomhaltóirí, láimhseáil gearán agus Réiteach Díospóidí Malartach (‘**ADR**’).

**Aidhm Straitéiseach 2:** **Is féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.**

**Céard atá i gceist?**

- Tá tomhaltóirí in ann an fhaisnéis a theastaíonn uathu a fháil go héasca
- Tá rogha soláthraithe seirbhíse ar fáil do thomhaltóirí ach tá soláthraí amháin ar a laghad ar fáil le haghaidh seirbhísí bunúsacha (uilíoch)
- Tá úsáideoirí deiridh Leochaileacha agus faoi Mhíchumas á gcosaint
- Tá an próiseas cláraithe trédhearcach agus simplí, ach slán ag an am céanna
- Is féidir le tomhaltóirí aistriú ó sheirbhís go seirbhís gach aon chur isteach, pionóis nó tréimhsí fógra míchuí
- Faigheann tomhaltóirí an tseirbhís a gcláraíonn siad lena haghaidh
- Tuigeann tomhaltóirí a mbille agus seoltar billí cearta chucu
- Tá rochtain thráthúil ag tomhaltóirí ar chúram agus sásamh do chustaiméirí

39 Baineann ról agus cosaintí gaolmhara do thomhaltóirí ComReg, i gcásanna áirithe, le fiontair bheaga nó micrfhiontair, eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus tomhaltóirí. Áit a bhfuil an téarma tomhaltóir agus *tomhaltóirí* le feiceáil sa chaibidil seo, d'fhéadfadh úsáideoirí deiridh eile a bheith i gceist leis an téarma freisin.

4.3 Sa chaibidil seo leagtar amach an raon beart cosanta tomhaltóirí agus na cainéil/na huirlisí faisnéise a bheidh in úsáid againn sa tréimhse amach romhainn chun déileáil le díobhálacha do thomhaltóirí agus d'fhonn a chinntiú gur féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach. Chomh maith leis sin, leagtar amach sa chaibidil ár spriocanna straitéiseacha a bhaineann le tomhaltóirí a chosaint agus eolas a roinnt leo agus an cuspóir ardleibhéil seo a leanas - **is féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach**.

# Díobháil do Thomhaltóirí

4.4 Is é an ról atá ag ComReg chomh fada is a bhaineann le tomhaltóirí, iad a chosaint agus eolas a roinnt leo, ionas nach mbíonn orthu déileáil le díobhálacha agus ionas gur féidir leo seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach. Sa chomhthéacs seo, is í an sprioc atá ann go mbeadh díobhálacha do thomhaltóirí á sainaithint agus á dtuiscint ag ComReg. Tá roinnt bealaí in úsáid ag ComReg chun díobhálacha poitéinsiúla agus iarbhír do thomhaltóirí a shainaithint, díobhálacha nach mór déileáil leo trí úsáid a bhaint as a shraith straitéisí rialála, lena n-áirítear:

- Ceisteanna agus gearáin ó thomhaltóirí;
- Taighde Margaidh;
- Painéil Chomhairleacha agus Rannpháirtíocht; agus
- Bailiú Faisnéise, Monatóireacht ar Chomhlíonadh agus Imscrúduithe.

## Ceisteanna agus gearáin ó thomhaltóirí


4.5 Tá líon suntasach tomhaltóirí fós ag déileáil le fadhbanna le linn dóibh tairbhe a bhaint as Seirbhísí ECN / ECS agus Seirbhísí Ardráta ('**PRS**'). Tarraingítear aird ar roinnt treochtaí suntasacha san anailís atá déanta againn ar na glaonna ar dhéileáil ár Líne Tomhaltóirí leo[40]. Léirítear i bhFigiúr 6 an líon coibhneasta fiosrúchán agus gearán a fuarthas le 5 bliana anuas. Léirítear i bhFigiúr 7 miondealú coibhneasta ghearáin ECN / ECS bunaithe ar an gcineál gearáin. Is iad fadhbanna billeála, conarthacha agus seirbhíse na príomhfhadhbanna ECN / ECS a bhíonn ag tomhaltóirí.

## Sprioc 2.1


**Sainaithníonn agus tuigeann ComReg díobhálacha do thomhaltóirí.**

40 Tuairiscíonn ComReg staitisticí a bhaineann leis an líne tomhaltóirí ar bhonn ráithiúil. Ar fáil ag: www.comreg.ie/publications/

Figiúr 6: Miondealú ar Fhadhbanna Logáilte (Fiosrúcháin/Gearáin), 2017 - 2022[41]




Figiúr 7: Fiosrúcháin/Gearáin ECN / ECS agus PRS Iomlán san áireamh, 2017 - 2022[42]




41 Staitisticí Líne do Thomhaltóirí ComReg
42 Staitisticí Líne do Thomhaltóirí ComReg

**4.6** Is fianaise iad na treochtaí thuas, ainneoin gur mhéadaigh an líon fiosrúchán a cuireadh faoi bhráid ComReg go suntasach i rith Covid-19, agus táimid anois fillte ar na leibhéil réamh-Covid. Ainneoin gur mhéadaigh an líon gearán a fuarthas beagán freisin, tá na figiúirí anois faoi bhun na leibhéal réamh-Covid. Is amhlaidh atá mar gheall ar roinnt fachtóirí éagsúla lena n-áirítear staitisticí a bheith á bhfoilsiú ag ComReg, níos mó eolais a bheith ar fáil go héasca do thomhaltóirí, níos mó béime a bheith á leagan ag soláthraithe seirbhíse ar láimhseáil agus réiteach gearán agus ar chomhlíonadh. D'ainneoin na n-athruithe atá le tabhairt faoi deara ar an líon gearán, tá nádúr agus cineál na ngearán fós mórán mar an gcéanna. Baineann na gearáin le Billeáil, Fadhbanna Conartha, Fadhbanna Seirbhíse agus Aistriú. Tugadh laghdú suntasach faoi deara sa líon teagmhálacha a bhain le PRS.

## Taighde, Faisnéis Margaidh agus Staidéar Iompraíochta

**4.7** Déanann ComReg taighde rialta chun léargas a fháil ar iompraíocht, sainroghanna agus eispéiris tomhaltóirí. Tá tuilleadh sonraí le fáil i Rannóg 7.2.

## Painéil Chomhairleacha agus Rannpháirtíocht

**4.8** Bunaíodh Painéal Comhairleach Tomhaltóirí ('**CAP**') de réir Alt 12 d'Acht Cumarsáide, 2002[43]. Is é cuspóir CAP comhairle a chur orainn maidir le forbairtí, nuálaíochtaí agus réimsí atá ag déanamh imní do thomhaltóirí atá ábhartha do ról ComReg.

**4.9** Chomh maith leis sin, eagraíonn ComReg ceardlanna Rochtana agus Rogha[44] ar bhonn tréimhsiúil chun scrúdú a dhéanamh ar ábhair agus ar cheisteanna inrochtaineachta sonracha, eispéireas úsáideoirí deiridh i ndáil le rochtain agus úsáid Sheirbhís Athsheachadta Téacs na hÉireann ('**ITRS**')[45] agus faisnéis inrochtana ar shuíomh gréasáin ITRS, mar shampla.[46] Chomh maith leis sin, buaileann ComReg le tomhaltóirí agus leis an bpobal ag imeachtaí agus gníomhaíochtaí for-rochtana agus foghlaimíonn sé faoi ábhair imní tríd an gcainéal seo freisin.

## Bailiú Faisnéise, Monatóireacht ar Chomhlíonadh agus Imscrúduithe

**4.10** Déanann ComReg monatóireacht rialta ar chleachtais soláthraithe seirbhíse (e.g., faisnéis a chuireann siad ar fáil do chustaiméirí; conarthaí agus próisis ghnó) chun teacht ar thuiscint ar na díobhálacha do thomhaltóirí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Déantar é sin trí roinnt cainéal éagsúil, lena n-áirítear rúnsiopadóireacht, faisnéis bailithe go díreach ó thomhaltóirí agus soláthraithe seirbhíse, agus trí ghníomhaíochtaí agus imscrúduithe monatóireachta comhlíonta.

## Déileáil le Díobháil do Thomhaltóirí

**4.11** Sa tréimhse amach romhainn leanfaidh ar aghaidh ag forbairt agus ag bailiú léargas ó na foinsí seo chun teacht ar thuiscint níos fearr ar dhíobhálacha do thomhaltóirí agus chun idirghabhálacha rialála a dhearadh chun iad a mhaolú. Úsáidimid na léargais seo ar dhíobháil do thomhaltóirí chun grúpaí custaiméirí a d'fhéadfadh a bheith leochaileach nó a bhféadfadh tacaíocht a bheith ag teastáil uathu i margaí ECS a shainaithint agus chun cabhrú linn machnamh a dhéanamh ar conas a úsáidimid ár sraith straitéisí rialála chun lántairbhe a bhaint as éifeachtacht.

---

43 Páirteach in CAP tá ionadaithe ó Chumainn Tomhaltóirí na hÉireann, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, Comhthionól Réigiún an Tuaiscirt & an Iarthair agus Comhlachais Éireann

44 Bhunaigh ComReg an Fóram um Sheirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas de réir Alt 12 d'Acht Cumarsáide 2002. Athraíodh ainm an fhóraim go dtí an Fóram um Chomhionannas Rochtana & Rogha in 2016.

45 Doiciméad 14/143 ComReg Cinneadh D09/15

46 www.itrs.ie

## Sprioc 2.2

**Tá cearta agus cosaintí tomhaltóirí, lena n-áirítear tomhaltóirí leochaileacha agus faoi mhíchumas, oiriúnach chun díobháil do thomhaltóirí a mhaolú.**

4.12 Chun déileáil le haon chás de dhíobháil do thomhaltóirí, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh leochaileacha agus faoi mhíchumas, is féidir le ComReg a chumhachtaí a úsáid chun idirghabháil nó beart tacaíochta a shonrú d'fhonn a chinntiú go n-oibríonn margaí go héifeachtach do gach tomhaltóir agus go bhfuil úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas á gcosaint. Sa chomhthéacs seo, is í sprioc ComReg **go bhfuil ceart agus cosaintí tomhaltóirí, lena n-áirítear tomhaltóirí leochaileacha agus faoi mhíchumas, oiriúnach chun díobháil do thomhaltóirí a mhaolú.**

4.13 I ndáil leis an sprioc thuasluaite, cuirfidh ComReg na gníomhaíochtaí seo a leanas i gcrích:

- **Bearta chun maolú i gcoinne díobháil do thomhaltóirí:** Sa tréimhse amach romhainn, breithneoidh ComReg cibé acu atá nó nach bhfuil sé oiriúnach bearta a chur chun feidhme, a fheabhsú nó a fhorbairt chun maolú i gcoinne díobháil do thomhaltóirí.
- **Cairt Custaiméirí:** Ceann de na príomhchosaintí nua do Thomhaltóirí a bheidh ar fáil do ComReg le sonrú de réir mar is cuí, é Cairt Custaiméirí. I láthair na huaire, tá ComReg ag dul i mbun comhairle maidir le Cairteacha Custaiméirí a bhunú chun trédhearcacht a chruthú maidir leis na leibhéil de sheirbhísí do chustaiméirí atá á gcur ar fáil ag soláthraithe.


## Aistear an Tomhaltóra

4.14 Déanann ComReg cur síos ar an tslí a n-úsáideann an tomhaltóir an margadh, nó "Aistear an Tomhaltóra", i gceithre chéim ghinearálta arna léiriú i bhFigiúr 8 thíos:

- Cuardach
- Clárú
- Úsáid
- Aistriú

4.15 Ag gach céim d'Aistear an Tomhaltóra, déanaimid iarracht a chinntiú go bhfuil dóthain eolais ag tomhaltóirí, lena n-áirítear tomhaltóirí atá faoi mhíchumas, maidir lena gcearta tomhaltóirí, agus go bhfuil dóthain eolais chuí acu chun cinntí eolasacha a dhéanamh. Is é cuspóir ComReg a chinntiú go bhfuil tomhaltóirí á gcosaint ag gach céim d'Aistear an Tomhaltóra agus chun é sin a chinntiú úsáideann ComReg a shraith straitéisí rialála chun idirghabháil a dhéanamh agus chun cabhrú le tomhaltóirí nuair a bhíonn fadhbanna acu agus go ginearálta nuair a shainaithníonn sé cásanna, iarbhír nó poitéinsiúla, de dhíobháil do thomhaltóirí

**Figiúr 8: Aistear an Tomhaltóra**




## Céim 1 - Tairiscint seirbhíse a chuardach

4.16 Gan treoir nó tacaíocht chun rogha eolasach a dhéanamh, b'fhéidir nach mbeadh roinnt tomhaltóirí, tomhaltóirí faoi mhíchumas san áireamh, in ann cinneadh a dhéanamh, nó b'fhéidir go mbeadh orthu cinneadh a chur ar athlá, go deo, b'fhéidir. Cabhróidh treoir agus faisnéis atá curtha ar fáil ar bhealach inrochtana, úsáideach, inchomparáide agus beacht, a dhéanann ionadaíocht ar an táirge nó seirbhís, le tomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh. Lena chois sin, tá cumhachtaí ag ComReg rialacha a shonrú maidir leis an tslí a chuirtear faisnéis áirithe faoi tháirgí agus seirbhísí i láthair an tomhaltóra.

## Sprioc 2.3

**Tá faisnéis shoiléir, bheacht agus cothrom le dáta á cur ar fáil do thomhaltóirí, úsáideoirí deiridh leochaileacha agus faoi mhíchumas san áireamh, i rith Aistear an Tomhaltóra.**

4.17 Tá ComReg tiomanta do 'chomhairle agus tacaíocht iontaofa' a chur ar fáil lena chinntiú gur féidir le tomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh. Déanann ComReg é sin trí theanga shothuigthe a úsáid nuair a bhíonn sé ag déileáil le tomhaltóirí agus leis an bpobal. Is é sprioc ComReg i ndáil le faisnéis agus treoir inrochtana, úsáideach a chur ar fáil go mbeidh **faisnéis shoiléir, bheacht agus cothrom le dáta ar fáil do gach tomhaltóir, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh leochaileacha agus faoi mhí-bhuntáiste i rith Aistear an Tomhaltóra.**

**4.18** Tá roinnt foinsí faisnéis úsáideacha ar fáil do thomhaltóirí chun cabhrú leo cinneadh ceannacháin a dhéanamh. Is príomhfhoinsí dhá cheann de na foinsí seo – (1) Faisnéis curtha ar fáil ag Soláthraithe Seirbhíse agus (2) Faisnéis curtha ar fáil ag ComReg.

**4.19** **Faisnéis ó Sholáthraithe Seirbhíse:** Ba cheart go spreagfadh infhaighteacht faisnéis thrédhearcach, bheacht agus thráthúil maidir leis an bpróiseas aistrithe tomhaltóirí chun aistriú chuig seirbhísí nua agus a bheith níos toilteanaí tairiscintí margaidh nua a lorg. Chomh maith leis sin, tá tomhaltóirí i dteideal Achoimre Conartha a fháil, lena n-áirítear formáid inrochtana d'úsáideoirí deiridh atá faoi mhíchumas[47]. Sa tréimhse amach romhainn, cinnteoidh ComReg go mbeidh faisnéis oiriúnach, inrochtana ar fáil chun eolas a roinnt le tomhaltóirí a bhfuil tairiscint seirbhíse á lorg maidir leis na roghanna atá acu, lena n-áirítear:

- **Faisnéis Réamhchonarthach**: Cinnteoidh ComReg go gcuirfear Faisnéis Réamhchonarthach ar fáil do thomhaltóirí a bhaineann le tréimhse an chonartha, aon mhuirear aistrithe, socruithe cúitimh agus aisíocaíochta a bhaineann le moill nó mí-úsáid aistrithe, faisnéis maidir le conas aistriú, faisnéis maidir le conas aisíocaíocht creidmheas réamhíoctha a fháil nuair a bhítear ag aistriú agus sonraí maidir le haon táillí luathfhoirceannta (lena n-áirítear costais a bhaineann le sás láimhe a dhíghlasáil).
- **Achoimre Conartha**: Sa tréimhse amach romhainn beidh monatóireacht á déanamh againn ar an margadh d'fhonn a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis riachtanach maidir le hAchoimre Conartha á cur ar fáil ag an gcéim chuí do thomhaltóirí de réir mar is gá agus i bhformáid inrochtana d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas.
- **An Chomhairle Taraife is Fearr:** I gcás na dtomhaltóirí sin atá páirteach i gconradh cheana féin, glacfar le Comhairle Taraife is Fearr[48] atá á cur ar fáil ag soláthraithe seirbhíse i rith an chonartha, mar uirlis úsáideach freisin chun cabhrú le tomhaltóirí le roghanna a dhéanamh as measc na dtairiscintí atá ar fáil.

**4.20** **Faisnéis faoi ComReg:** Soláthraíonn ComReg raon uirlisí agus faisnéise chun cabhrú le tomhaltóirí tairiscintí a chur i gcomparáid lena chéile agus cur lena dtuiscint ar tháirgí ECN / ECS agus ar na cearta atá luaite leo. Sa tréimhse amach romhainn, díreofar ar na míreanna seo a leanas mar chuid den obair atá á déanamh againn i ndáil leis an sprioc seo:

- **Cúram do Thomhaltóirí:** Ní mór go mbeadh soláthraithe seirbhíse in ann déileáil go héifeachtúil le fiosrúcháin agus le fadhbanna a bhíonn ag a gcustaiméirí féin. Beidh obair á déanamh againn chun soláthraithe seirbhíse a spreagadh chun an t-eispéireas a chuireann siad ar fáil dá gcustaiméirí a fheabhsú trí thrédhearcacht maidir le Cáilíocht Seirbhíse a fheabhsú agus trína chinntiú go bhfuil siad ag déileáil le fadhbanna sistéamacha agus bunúsacha. Cabhróidh Cúram do Thomhaltóirí ComReg le tomhaltóirí lena bhfiosrúcháin agus gearáin, agus leanfaimid ar aghaidh ag tacú le tomhaltóirí a bhfuil comhairle agus tacaíocht ag teastáil uathu.
- **An suíomh gréasáin do thomhaltóirí:** Trínár suíomh gréasáin tá sé mar aidhm againn faisnéis shothuigthe a chur ar fáil do thomhaltóirí maidir le ceisteanna ábhartha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an rogha a dhéanann siad maidir le ECN / ECS nó ar an úsáid a bhaineann siad as a leithéid. Tá roinnt uirlisí úsáideacha do thomhaltóirí le fáil ar ár suíomh gréasáin, lena n-áirítear:
  - Uirlis Chomparáide ComReg: Ceadaíonn ár n-uirlis chomparáide do thomhaltóirí costais fóin phóca, fóin bhaile, leathanbhanda agus teilifíse a chur i gcomparáid lena chéile. Tá an uirlis chomparáide seo le fáil ag www.comreg.ie/compare. Chomh maith leis sin, tá

47 ar mhaithe le comhionannas rochtana a chinntiú d'úsáid deiridh faoi mhíchumas mar a shamhlaítear i Rialachán Chód Cur Chun Feidhme an Choimisiún (AE) 2019/2243 an 17 Nollaig 2019

48 Airteagal 105(3) de EECC

sé beartaithe againn próiseas creidiúnaithe a fhorbairt, ionas go mbeidh suíomhanna gréasáin a bhfuil uirlisí comparáide tráchtála á dtairiscint acu, a bhfuil na ceanglais riachtanacha á gcomhlíonadh acu, in ann iarratas a dhéanamh ar chreidiúnú a fháil ó ComReg dá n-uirlis chomparáide.

- Léarscáil Raon Clúdaigh Fón Póca Lasmuigh: Tá léarscáil raon clúdaigh fón póca lasmuigh ar fáil ar ár suíomh gréasáin (agus trí aip) chun deis a thabhairt do thomhaltóirí tuartha soláthraithe seirbhíse maidir le raon clúdaigh fón póca lasmuigh ag suíomhanna ar fud na tíre a sheiceáil. Tá an léarscáil seo le fáil ag www.comreg.ie/coveragemap. Nuashonraíodh na sonraí raon clúdaigh in 2022 agus beidh sonraí maidir le raon clúdaigh 5G agus raon clúdaigh 4G, 3G agus 2G á nuashonrú go tréimhsiúil i rith na bliana. Feabhsaíodh feidhmiúlacht na haipe chun an raon clúdaigh ar fad ag suíomh sonrach a thaispeáint.

Sa tréimhse amach romhainn, leanfaimid ar aghaidh le feidhmiúlacht na léarscáile a fheabhsú agus leis na hathruithe atá riachtanach do mhúchadh teicneolaíochta a dhéanamh.

- Uirlis Nascachta Leathanbhanda: As seo go ceann píosa, beimid ag obair ar uirlis a chur ar fáil do thomhaltóirí chun faisnéis maidir le nascacht leathanbhanda a sheiceáil agus soláthraithe seirbhíse atá ar fáil ag suíomh ar leith.
- Seiceálaí Seirbhísí Ardráta: Is féidir le tomhaltóirí ár seiceálaí seirbhísí PRS a úsáid chun ainm agus uimhir PRS atá beartaithe acu a úsáid nó a bhfuil bille faighte acu lena n-aghaidh. Tá sé seo ar fáil ag www.comreg.ie/servicechecker.

- **Feachtais Tomhaltóirí agus Phoiblí:** Eagraímid feachtais mhargaíochta dhigiteacha, dhíreacha agus thraidisiúnta ar bhonn tréimhsiúil chun faisnéis riachtanach a roinnt le tomhaltóirí ionas gur féidir leo roghanna eolasacha a dhéanamh. Le déanaí, mar shampla, tharraingíomar aird ar ár n-uirlis Chomparáide agus ar an Léarscáil Raon Clúdaigh Fón Póca Lasmuigh agus Aip trí fheachtas fógraíochta ar na hardáin dhigiteacha agus ar an meáin shóisialta.
- **Teicneolaíochtaí nua atá ar fáil:** Mar chuid de chlár oibre an Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda, thugamar gealltanas maidir le feachtas faisnéise do thomhaltóirí a sheoladh a bhfuil sé mar aidhm leis feasacht tomhaltóirí agus an phobail ar ghnéithe bunúsacha na dteicneolaíochtaí nua atá ar fáil a fheabhsú. Tá dhá theachtaireacht á roinnt mar chuid den fheachtas seo:
  - *bogadh chuig teicneolaíocht snáithín nó mhalartach agus líonraí copair a mhúchadh;*
  - *bogadh chuig 4G agus 5G agus 2G/3G a mhúchadh.*
- Reáchtálfar an feachtas seo le haghaidh tréimhse fhada, agus beidh sé ailínithe le múchadh líonraí copair agus garspriocanna tionscadail mhúchadh 2G/3G. Is iad seo a leanas cuspóirí an fheachtais - feasacht tomhaltóirí agus an phobail ar theicneolaíochtaí nua agus ar na buntáistí a bhaineann leo a fheabhsú; tacú le tomhaltóirí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua ar mhaithe le nascacht agus seirbhísí tomhaltóirí a fheabhsú; aird tomhaltóirí a tharraingt ar fhachtóirí tábhachtacha atá le cur san áireamh nuair a bhíonn seirbhísí a roghnú
- **Inbhuanaitheacht Chomhshaoil:** Cuirfidh ComReg tús le breithniú a dhéanamh ar ghníomhachtaí faisnéise do thomhaltóirí chun bonn eolais a chur ar fáil do roghanna tomhaltóirí atá dírithe ar inbhuanaitheacht chomhshaoil na hearnála cumarsáide leictreonaí a fheabhsú.
- **Cearta Feabhsaithe do Thomhaltóirí:** Cuirfimid faisnéis ar fáil do thomhaltóirí trínár bhfoireann cúram do thomhaltóirí agus cainéil eile i ndáil le cearta feabhsaithe do thomhaltóirí de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

## Céim 2 - Ag Clárú le haghaidh seirbhíse

4.21 Má tá faisnéis agus treoir ábhartha ag tomhaltóirí maidir leis na tairiscintí atá ar fáil, féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh clárú le haghaidh nó páirt a ghlacadh i gconradh le haghaidh seirbhísí lena rogha soláthraí seirbhíse.

4.22 Táimid den tuairim go mbraitheann iomaíocht éifeachtach san earnáil ECS ar, i measc rudaí eile, cumas agus toilteanas tomhaltóirí aistriú óna soláthar seirbhíse nó óna bplean/beartán mar thoradh ar mhargadh níos fearr a bheith le fáil san áit mhargaidh. Is í an sprioc atá againn, dá réir sin, **nach bhfuil mórán rudaí ag cur bac ar thomhaltóirí ó rogha oiriúnach a dhéanamh nuair a bhíonn siad ag clárú do sheirbhís.**

### Sprioc 2.4

**Níl mórán rudaí ag cur bac ar thomhaltóirí ó rogha oiriúnach a dhéanamh nuair a bhíonn siad ag clárú do sheirbhís.**

4.23 I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar an Achoimre Conartha atá curtha ar fáil ag soláthraí seirbhíse agus breithniú a dhéanamh ar an roghanna agus ar an bhfaisnéis ábhartha ar fad, ba cheart do thomhaltóirí ar mian leis nó léi aistriú teagmháil a dhéanamh lena s(h)oláthraí seirbhíse nua. ionas gur féidir leo roghanna eolasacha a dhéanamh; agus cabhrú le tomhaltóirí aistriú chuig teicneolaíochtaí nua.

- **Cumarsáid Núise:** Leanfaimid ar aghaidh le faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí maidir le cumarsáid núise agus maidir le conas iad féin a chosaint óna leithéid.

Ansin, eagróidh an soláthraí seirbhíse nua an t-aistriú agus foirceannófar an conradh atá ag tomhaltóir i láthair na huaire. Níor cheart go mbeadh aon bhriseadh seirbhíse le tabhairt faoi deara agus is féidir na huimhreacha fón a aistriú (portáil) ó sholáthraí seirbhíse amháin go soláthraí seirbhíse eile.

4.24 Tá treoir do thomhaltóirí á chur ar fáil ag ComReg ar a shuíomh gréasáin chun cabhrú le tomhaltóirí ar mian leo aistriú[49]. Bunaithe ar an méid atá ar eolas ag ComReg agus ar a thaithí ar cheisteanna a bhaineann le díobháil do thomhaltóirí, agus cosaintí breise atá á gcur ar fáil ag EECC, is é an aidhm atá ag ComReg bacainní roimh thomhaltóirí, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, a laghdú ionas gur féidir leo rogha a dhéanamh. Sa chomhthéacs seo, as seo go ceann píosa, cuimseofar na nithe seo a leanas i measc na bpríomhnithe a mbeimid ag díriú orthu;

- Clárú;
- Conarthaí Marthanacha;
- Beart-Tairiscintí; agus
- Suiteálacha Moillithe.

4.25 Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na nithe seo le fáil i dTábla 4 thíos

49 https://www.comreg.ie/consumer-information/mobile-phone/switching-providers/

**Table 4: Areas of focus**

| **Clárú** |
|---|
| • Déanfaimid gach iarracht a chinntiú go bhfuil próisis chláraithe inrochtana agus go bhfuil faisnéis bheacht ag tomhaltóirí ionas gur féidir leo an próiseas iomlán agus an conradh atá á shíniú acu a thuiscint agus go bhfuil na conarthaí cóir. |
| **Conarthaí Marthanacha** |
| • Déanfaimid gach iarracht a chinntiú go bhfaigheann tomhaltóirí a gconarthaí nuair a chláraíonn siad agus nuair a roghnaíonn siad uasghrádú, go háirithe ar an bhfón nó ar líne, agus gur féidir leo tairbhe a bhaint as cearta marana. Déanfaimid monatóireacht d'fhonn a chinntiú go bhfuil conarthaí agus achoimrí conartha comhsheasmhach i measc na soláthraithe seirbhíse ar fad agus de réir na reachtaíochta.[50] |
| **Beart-Tairiscintí** |
| • Ceanglaíonn Airteagal 107 de EECC ar sholáthraithe seirbhíse forálacha áirithe maidir le cearta úsáideoirí deiridh a chur i bhfeidhm i ndáil le gach gné de bheart[51]. Cabhróidh na forálacha seo le tomhaltóirí aistriú ó sholáthraí seirbhíse amháin go soláthraí seirbhíse eile gan stró agus tairbhe a bhaint as tairiscintí iomaíocha an bhirt ar fad más spéis leo. Déanfaidh ComReg monatóireacht ar cheanglais faoi EECC a chomhlíonadh. |
| **Suiteálacha Moillithe** |
| • Forbróidh ComReg a chur chuige maidir le réitigh do sheirbhís chaillte agus suiteálfar coinní de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 106 de EECC. |

## Céim 3 - An tSeirbhís a Úsáid

**4.26** I ndiaidh clárú le haghaidh seirbhíse, aon trealamh riachtanach a shuiteáil agus soláthraí seirbhíse a aistriú, ba cheart go mbeadh tomhaltóirí in ann a seirbhís a úsáid. D'fhéadfadh fadhbanna a bheith ag daoine le linn dóibh seirbhís a úsáid. Sa chomhthéacs seo, is í sprioc ComReg go dtugann soláthraithe seirbhíse aird ar chearta tomhaltóirí i rith a n-aistir.

### Sprioc 2.5

**Tugann a soláthraithe seirbhíse aird ar a gceart tomhaltóirí i rith a n-aistir.**

**4.27** Tá raon ceart agus cosaintí ann a bhaineann leis an úsáid a bhaineann tomhaltóirí as a seirbhís ECN / ECS. I gcónaí, ba cheart caitheamh go cothrom le daoine de réir a gceart tomhaltóra. Sa tréimhse amach romhainn, cuirfidh ComReg na gníomhaíochtaí seo a leanas i gcrích:

50 Tá Treoir Rialála ábhartha foilsithe ag ComReg, ComReg 20/111R
51 Lena n-áirítear trealamh teirminéil, ábhar digiteach nó seirbhísí digiteacha agus ECN / ECS nach bhfuil clúdaithe go díreach ar shlí eile ag raon feidhme fhorálacha na gceart úsáideora deiridh sin.

- **Treoir Rialála maidir le Cearta Úsáideoirí Deiridh:** Chun cabhrú le soláthraithe seirbhíse an raon ceart úsáideoirí deiridh a thuiscint, in 2020, d'fhoilsíomar Treoir Rialála maidir le Cearta Úsáideoirí Deiridh EECC[52]. In 2021, d'fhoilsigh ComReg Treoir Rialála freisin do sholáthraithe Seirbhísí Rochtana Idirlín ("IAS") do mhargadh na hÉireann.[53] Ba é an aidhm a bhí le Treoir IAS cabhrú leis an tionscal próisis idiroibritheora a dhearadh chun a gceanglais a chomhlíonadh de bhua Airteagal 106 den Chód arb é an toradh atá leis go mbeidh cead ag an usáideoir deiridh rogha a dhéanamh agus soláthraí IAS a athrú.Bhunaigh ComReg Foras IAS ar iarratas an tionscail.[54] Leanfaidh ComReg ar aghaidh lena rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara maidir le haistriú IAS agus lena threoir féin maidir le cur chun feidhme fhorálacha a bhaineann le cearta úsáideoirí deiridh, de réir mar is cuí. Sa tréimhse amach romhainn déanfaimid tuilleadh breithnithe ar ár gcur chuige maidir leis an treoir seo maidir le cearta nua i dteannta le foilsiú gníomhaíochtaí forfheidhmithe bunaithe ar an ionstraim reachtúil iarmhartach (I.R. 444 de 2022). 58F
- **Ascnamh ó Bhonneagar Oidhreachta:** Faoi réir Comhairliúcháin maidir leis an gCreat atá beartaithe don ascnamh ó bhonneagar oidhreachta chun bonneagar nua-aimseartha, breithneoidh ComReg faisnéis a dháileadh ar úsáideoirí deiridh agus cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh seo a bheith riachtanach agus oiriúnach treoir a chur ar fáil do sholáthraithe seirbhíse miondíola (RSPanna). Bheadh sé mar aidhm lena leithéid de threoir ionchais ComReg maidir leis na RSPanna a shonrú i ndáil le tacú le custaiméirí a ascnamh agus a gcuid oibleagáidí faoin reachtaíocht infheidhme a chomhlíonadh roimh, i rith agus i ndiaidh an Ascnaimh ón mBonneagar Oidhreachta.
- **Forálacha d'Úsáideoirí Deiridh faoi Mhíchumas: T**áthar ag leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú ComReg ar na hoibleagáidí atá ar Sholáthraithe Seirbhíse faoi láthair, lena n-áirítear Seirbhís Athsheachadta Téacs na hÉireann, agus é mar aidhm a chinntiú go bhfuil forbairtí margaidh agus reachtúla á léiriú sna bearta nó seirbhísí tacaíochta atá á gcur ar fáil d'úsáideoirí deiridh atá faoi mhíchumas agus leanúint ar aghaidh ag tacú le húsáideoirí deiridh atá faoi mhíchumas a ECS agus faisnéis ghaolmhar a rochtain agus a úsáid. Mar chéad chéim, d'eisigh ComReg Gairm ar Ionchuir ina léirítear breathnóireachtaí, ar bhonn táscach, maidir le feidhmiú na mBeart reatha nó seirbhísí sonracha agus tacaíocht atá ar fáil d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas nuair a bhíonn ECS á rochtain agus á úsáid acu. Tá an ghairm ar Ionchuir bunaithe ar rannpháirtíocht leis an tionscal, grúpaí úsáideoirí agus rialtóirí eile. Tá ComReg ag lorg ionchuir ó úsáideoirí deiridh maidir lena dtaithí féin ar na seirbhísí sonracha sin agus ar an tacaíocht atá ar fáil dóibh (i.e., Bearta) nuair a bhíonn ECS á roghnú agus á úsáid, agus maidir lena bplé lena soláthraí seirbhíse i rith aistear an tomhaltóra. D'fhéadfadh ComReg comhairliúchán poiblí eile a eagrú chun díriú ar fhorálacha sonracha d'úsáideoirí deiridh atá faoi mhíchumas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar an nGairm ar Ionchur agus trasuí an Chóid a bhaineann le faisnéis inrochtana. Cinnteoidh ComReg go mbeidh an cuspóir a bhaineann le comhionannas rochtana agus rogha d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas faoi Airteagal 111 de EECC (Rialachán 94 de IR 444 de 2022) á chomhlíonadh.
- **Seirbhísí Ardráta:** Leanfaidh ComReg le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí sna margaí PRS d'fhonn a chinntiú nach bhfuil tomhaltóirí á gclárú go mícheart agus go gcloíonn soláthraithe PRS leis na ceanglais atá sonraithe i gCód Cleachtais PRS ComReg.[55]
- **Monatóireacht ar neodracht idirlín:** Leanfaidh ComReg le monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar chomhlíonadh a bhaineann le gnéithe éagsúla cosúil le cleachtais bainistíochta tráchta agus conarthaí tomhaltóirí, agus le monatóireacht a dhéanamh ar chleachtais nialasacha freisin.
- **Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála ('ECAS'):** Leanfaidh ComReg lena chuid oibre mar chuid d'fhóraim tionscail ECAS ar mhaithe

52 Doiciméad 20/111R ComReg
53 Doiciméad 21/107R ComReg
54 Fógra Faisnéis ComReg, https://www.comreg.ie/publication/internet-access-service-switching-forum
55 Cinneadh D03/18 ComReg. Ba é cuspóir an chinnidh seo cead a thabhairt do thomhaltóirí rochtain a fháil ar sheirbhísí ardráta SMS nó MMS agus an seans go bhfaighidh tomhaltóirí billí níos airde ná a mbíonn siad ag súil leo a fháil.

le faisnéis maidir le suíomh a fheabhsú agus cabhrú, más cuí, le forálacha nua in EECC. Déanfaidh ComReg comhlíonadh le nascacht le ECAS a fhorfheidhmiú.

- **Cúltaca Cadhnra ('BBU'):** Ciallaíonn na Rialacháin agus an Cód go bhfuil oibleagáidí faisnéise úsáideora deiridh le comhlíonadh go díreach ag soláthraithe. Ba cheart do sholáthraithe leanúint ar aghaidh le faisnéis riachtanach a roinnt le húsáideoirí deiridh, lena n-áirítear, faisnéis maidir leis an mbaol go gcuirfear isteach ar ECS. Chomh maith leis sin, déanfaidh ComReg teagmháil le húsáideoirí deiridh agus cuirfidh sé faisnéis ar fáil d'úsáideoirí deiridh maidir le hinfhaighteacht ECS i rith gearradh cumhachta agus Cúltaca Cadhnra. Déanfaidh ComReg monatóireacht ar mhargadh athraitheach agus ar iompraíocht tomhaltóirí agus dearcthaí athraitheacha maidir le faisnéis agus BBU. Féadfaidh ComReg idirghabháil a dhéanamh más gá, más cuí agus más comhréireach chun cabhrú le húsáideoirí deiridh roghanna eolasacha a dhéanamh agus ECS a úsáid go muiníneach.
- **Cairt Custaiméirí:** Go ginearálta, baineann easpa trédhearcacht le cáilíocht seirbhísí do chustaiméirí. Ciallaíonn sé sin go mbíonn deacrachtaí ag custaiméirí an leibhéal seirbhísí do chustaiméirí is féidir leo a bheith ag súil leis óna soláthraí féin a oibriú amach nó an tairiscint seirbhísí do chustaiméirí a rinneadh a chur i gcomparáid le tairiscintí soláthraithe seirbhísí eile, nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar aistriú chuig soláthar difriúil mar shampla.

  Faoi na forálacha nua a bhaineann le cosaint custaiméirí faoi Acht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023, bunaíodh Cairteacha Custaiméirí, cumhachtaí do ComReg chun íoschaighdeáin a bhunú a bhfuil smachtbhannaí ag tacú leo agus/nó sásamh sa chás go dtarlaíonn neamhchomhlíonadh, cúiteamh tomhaltóirí san áireamh. Soláthróidh Cairt Custaiméirí faisnéis do chustaiméirí maidir leis na leibhéil seirbhísí do chustaiméirí ar féidir leo a bheith ag súil leo óna soláthraí seirbhíse. Tá breithniú á dhéanamh ag ComReg ar Chairt Custaiméirí a bhunú.

  Trí Chairt a bhunú is féidir déileáil le díobháil do thomhaltóirí trí dhá phríomhchuspóir: trédhearcacht a chruthú maidir leis na leibhéil seirbhísí do chustaiméirí a thairgeann soláthraithe agus dlús a chur le feabhsuithe ar na leibhéil seirbhísí do chustaiméirí trí chéile. I mí Márta 2023, d'eisigh ComReg comhairliúchán poiblí a bhí dírithe ar shonraíocht bheartaithe ceanglas a bhí le comhlíonadh ag soláthraithe i ndáil le cairt custaiméirí a ullmhú, a fhoilsiú agus choinneáil cothrom le dáta[56]. Anuas air sin, tá an chumhacht ag ComReg Íoschaighdeáin Cháilíochta Seirbhíse a shonrú faoi alt 37 den Acht, agus faoi alt 38 den Acht tugtar an chumhacht do ComReg an fhoirm agus an fhaisnéis atá le cur san áireamh sa Chairt a shonrú, lena n-áirítear Íoschaighdeáin Cháilíochta Seirbhíse. Má chinneann ComReg gan Cairt a bhunú, déanfaidh ComReg monatóireacht agus meastóireacht ar chur chun feidhme cheanglais na Cairte agus na leibhéil seirbhísí do chustaiméirí geallta agus curtha chun feidhme ag soláthraithe agus a leordhóthanacht ("athbhreithniú leordhóthanacha"). I ndiaidh athbhreithniú ar leordhóthanacht a dhéanamh, féadfaidh ComReg iarracht a dhéanamh Íoschaighdeáin Cháilíochta Seirbhíse a shonrú agus, a cheangal go bhfuil aon fhaisnéis a bhaineann le hÍoschaighdeáin Cháilíochta Seirbhíse curtha san áireamh i gCairt, faoi réir comhairliúcháin.

4.28 D'ainneoin na gceart éagsúil úsáideoirí deiridh agus na mbeart cosanta tomhaltóirí thuasluaite, d'fhéadfadh riosca díobháil do thomhaltóirí a bheith fós ann sa chás nach leor na cosaintí seo chun leasanna tomhaltóirí a chosaint.

56 Doiciméad 23/14 ComReg

## Céim 4 - Ag Fágáil Conartha/Ag Aistriú

4.29 D'fhéadfadh tomhaltóirí cinneadh a dhéanamh ar gconradh a scor le haghaidh cúiseanna éagsúla, lena n-áirítear:

- Tá cinneadh déanta acu nach dteastaíonn an tseirbhís uathu níos mó.
- Tá siad míshásta leis an tseirbhís atá á cur ar fáil dóibh faoi láthair.
- Tá deireadh conartha sroichte acu (téarma íosta)[57].
- D'ardaigh a soláthraí seirbhíse an praghas nó d'athraigh a soláthraí seirbhíse cuid eile dá gconradh agus tá ceart scoir tugtha dóibh agus chinn siad an ceart seo a fheidhmiú.
- Tá siad ag bogadh chuig áitreabh eile.
- Cuireadh Comhairle Taraife is Fearr orthu nó tugadh tairiscint uasghrádaithe dóibh, agus is mian leo páirt a ghlacadh i gconradh nua lena soláthraí seirbhíse reatha.

4.30 Gné bhunúsach de na hiarrachtaí a chinntiú gur féidir le tomhaltóirí an chuid seo den aistear a chur díobh go héasca go bhfuil faisnéis ar fáil dóibh, lena n-áirítear faisnéis inrochtana agus oiriúnacha maidir le trealamh teirminéil agus costais agus nósanna imeachta díghlasála, táillí luathfhoirceannta, aisíocaíochtaí, soláthraí a aistriú, conradh a chealú, deireadh a chur leis an tseirbhís, fadhbanna leis an mbille deiridh agus láimhseáil gearán.

4.31 Tá sé ríthábhachtach faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí ag céimeanna ábhartha Aistear an Tomhaltóra agus ba cheart an fhaisnéis a chur ar fáil i bhformáid inrochtana d'úsáideoirí deiridh atá faoi mhíchumas.

4.32 I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh cleachtais agus fadhbanna bacainní aistrithe a chruthú trí phróiseas róchasta a bhunú do thomhaltóirí (e.g., próisis aistrithe chasta, caillteanas uimhreach nó seirbhíse, sásanna láimhe móibíleacha glasáilte, aisíocaíochtaí neamheisithe nó easpa tréimhse mharana oiriúnach).

### Sprioc 2.6

**Níl mórán rudaí ag cur bac ar thomhaltóirí ó rogha oiriúnach a dhéanamh nuair a bhíonn siad ag fágáil conartha.**

4.33 Déanann ComReg monatóireacht ar an leibhéal aistrithe sna margaí ECS bunaithe ar na sonraí a bhailítear ó thaighde tionscail agus margaidh. Trínár ngníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe, cinntímid nach bhfuil tomhaltóirí faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar chleachtais éagothroma nó mhídhleathacha a bhfuil sé mar aidhm leo srian a chur le cearta aistrithe tomhaltóirí nó dídhreasachtaí aistrithe a chruthú.

4.34 Dá réir sin, is í an sprioc atá againn nach bhfuil mórán rudaí ag cur bac ar thomhaltóirí ó rogha oiriúnach a dhéanamh nuair a bhíonn siad ag fágáil conartha.

4.35 As seo go ceann tamaill, beidh ComReg dírithe ar a chinntiú go bhfuil faisnéis bheacht, inrochtana ar fáil do thomhaltóirí agus go bhfuil próisis chealaithe (mar aon le próisis aistrithe) á gcur chun feidhme go cuí ag soláthraithe seirbhíse, lena n-áirítear trí fhorfheidhmiú. Beidh an méid seo a leanas san áireamh inár gcuid oibre:

- **Fógra Athraithe Conartha:** Déanfaidh ComReg monatóireacht ar chuir chuige soláthraithe maidir le Fógra Athraithe Conartha a eisiúint le haghaidh aon athruithe ar théarmaí agus coinníollacha a mholann siad, agus cuirfidh sé comhairle ar thomhaltóirí maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil ceart foirceannta i gceist, bunaithe ar an athrú/ na hathruithe a bhfuil cur síos déanta orthu

57 Anois, tá tomhaltóirí i dteideal fógra deireadh conartha a fháil.

in EECC. Chomh maith leis sin, féadfaidh ComReg ceanglais bhreise a shonrú d'fhonn a chinntiú go ndéantar fógraí athraithe conartha ar bhealach soiléir agus sothuigthe, agus ar mheán marthanach.

- **Fógra Deireadh Conartha agus Comhairle Taraife is Fearr:** Sula gcuirtear síneadh uathoibríoch le conradh, ceanglaítear ar sholáthraithe eolas a roinnt le tomhaltóir ar bhealach soiléir, tráthúil, agus ar mheán marthanach, maidir le dáta deiridh an chonartha téarma sheasta agus maidir le conas an conradh a fhoirceannadh ("Fógra Deireadh Conartha"). Ag an am céanna, ba cheart Comhairle Taraife is Fearr a bhaineann lena seirbhísí a chur ar fáil. I ndiaidh síneadh a chur leis an gconradh agus i rith thréimhse shínte an chonartha, ba cheart a leithéid de Chomhairle Taraife is Fearr a chur ar fáil gach bliain ar a laghad. Déanfaidh ComReg monatóireacht ar chur chuige soláthraithe maidir le Fógraí Rialála a cheanglaítear a sheoladh chuig úsáideoirí deiridh de bhua Airteagal 105 (3) de EECC a chomhlíonadh. Tá a bhreithniúcháin agus tuairimí beartais tosaigh maidir le dea-chleachtas i ndáil le conas Comhairle Taraife is Fearr a sholáthar leagtha amach ag ComReg agus breithneoidh sé an bhfuil gá le tuilleadh idirghabhála d'fhonn a chinntiú go bhfuil cuspóirí EECC a gcomhlíonadh.
- **Dídhreasachtaí chun Aistrithe:** Leanfaidh ComReg le dídhreasachtaí chun aistrithe a shainaithint agus déanfaidh sé gníomh d'fhonn a chinntiú go gcuirtear deireadh le cleachtais a d'fhéadfadh bac a chur ar thomhaltóirí aistriú. San áireamh anseo tá sásanna láimhe a dhíghlasáil go pras ar iarratas an tomhaltóra. Díreoimid ar a chinntiú go bhfuil próisis aistrithe an tionscail ag feidhmiú go héifeachtach ar mhaithe le tomhaltóirí.

## Seirbhís Uilíoch - Rochtain inacmhainne ar sheirbhísí bunúsacha

4.36 Faoi I.R. 444 de 2022, is é cuspóir na Seirbhíse Uilíche a chinntiú go bhfuil rochtain ag tomhaltóirí, ag praghas inacmhainne, ar leathanbhanda oiriúnach ar fáil ('**ABB**'), seirbhísí rochtana idirlíne agus seirbhísí cumarsáide gutha, lena n-áirítear nasc bunúsach, ag suíomh seasta.

### Sprioc 2.7

**Tá rochtain inacmhainne ag gach úsáideoir deiridh ar sheirbhísí oiriúnacha leathanbhanda agus gutha ag suíomh seasta.**

4.37 Ní theastaíonn an tSeirbhís Uilíoch ach amháin sa chás go dteipeann ar an margadh agus go bhfuil úsáid bainte as gach idirghabháil beartais phoiblí ábhartha. Sa chomhthéacs seo is í an sprioc atá againn **go mbeidh rochtain ag gach úsáideoir deiridh ar sheirbhísí oiriúnacha leathanbhanda agus gutha ag suíomh seasta.**

4.38 Faoi reachtaíocht náisiúnta nua, braitheann ról ComReg i ndáil le gnéithe áirithe de sheirbhís uilíoch ar shonraíochtaí nó ar cheanglais a bheidh bunaithe ag an Aire, mar is cuí, lena n-áirítear sainmhíniú ar leathanbhanda oiriúnach agus na caighdeáin cháilíochta ghaolmhara agus aon cheanglas a bhaineann le bearta inacmhainneachta.

4.39 I láthair na huaire, tá Eircom Tta ainmnithe mar sholáthraí na Seirbhíse Uilíche, agus soláthraíonn sé seirbhís ghutha ag suíomh seasta arb ionann é agus eangach shábháilteachta a chinntíonn rochtain ar ECN / ECS bunúsach.

4.40 Le cois na Seirbhíse Uilíche thuasluaite, tá tomhaltóirí i dteideal rochtain ar sheirbhísí freagartha glaonna éigeandála. Ní mór do gach soláthar ECN / ECS atá ar fáil go poiblí rochtain agus nasc saor in aisce ar sheirbhísí éigeandála a chur ar fáil.

4.41 Tá oibleagáidí ar Eircom Tta, mar sholáthraí ainmnithe na Seirbhíse Uilíche maidir le seirbhísí áirithe a sholáthar lena n-áirítear:

- **Nasc agus seirbhís ghutha a sholáthar:** Ní mór do Eircom gach iarratas 'réasúnach' ar nasc fóin ag suíomh seasta a chomhlíonadh.

4.42 Sa tréimhse amach romhainn, tá roinnt gníomhaíochtaí pleanáilte ag ComReg a bhaineann leis an sprioc seo:

- **Guth Seasta AFL USO:** Rachaidh ComReg i gcomhairle maidir leis an ngá atá le USO do ghuth seasta i ndiaidh an 30 Meitheamh 2023.
- **USO QoS:** Leanfaidh ComReg le faisnéis a fhoilsiú maidir le feidhmíocht Cháilíocht Seirbhíse ('QoS') USO Eircom ar a shuíomh gréasáin[58].
- **Maoiniú USO**: Chomh fada is a bhaineann leis an tseirbhís uilíoch a mhaoiniú, in 2019 rinne Eircom agóid dhlíthiúil maidir le cinntí a rinne ComReg maidir le hiarratais ar mhaoiniú USO le haghaidh 2010-2015. Sa tréimhse amach romhainn, cosnóidh ComReg gach cinneadh a rinneadh maidir le hiarratais ar mhaoiniú USO

  Chomh maith leis sin, tá ComReg ag leanúint ar aghaidh ag obair ar iarrtas ar mhaoiniú USO 2015-2016 Eircom.

  Chuir Eircom in iúl do ComReg go gcoimeádann sé an ceart iarratais ar mhaoiniú USO a dhéanamh le haghaidh na dtréimhsí airgeadais seo a leanas - 2016 - 2020 agus le haghaidh aon iarratas breise ar mhaoiniú a bhíonn dlite sula ndéantar cinneadh maidir lena achomharc ar chinntí ComReg maidir le hiarratas mhaoinithe éagsúla a bhaineann le tréimhse 2010-2015.[59]
- **Leathanbhanda Leordhóthanach:** Leagtar amach in I.R. 444 de 2022 go saineoidh an tAire leathanbhanda leordhóthanach ('ABB') agus an cháilíocht seirbhíse ghaolmhar. Féadfaidh an tAire dul i gcomhairle le ComReg sula sainítear leathanbhanda leordhóthanach nó sula sonraítear na caighdeáin cháilíochta infheidhme.

  Féadfaidh ComReg ainmniúchán a fhorchur chun oibleagáidí oiriúnacha seirbhíse uilíche a fhorchur chun gach iarratas réasúnacha a dhéanann úsáideoirí deiridh a bhfuil a leithéid de sheirbhísí á rochtain acu a chomhlíonadh, i ndáil le gealltanais dhifriúla nó tacair gealltanas, d'fhonn a chinntiú go bhfuil a leithéid de sheirbhísí ar fáil ag suíomh seasta nó chun páirteanna difriúla den Stát a chlúdach.

## Gearáin ó Thomhaltóirí agus Sásamh Tomhaltóirí

4.43 Ionas go mbeidh tomhaltóirí in ann seirbhísí teileachumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach, teastaíonn próiseas réitigh a dhíríonn leis an éagothromaíocht cumhachta idir soláthraí seirbhíse agus an tomhaltóir. Sa chomhthéacs seo is í sprioc ComReg **go mbeidh sásraí sásaimh éifeachtacha ag tomhaltóirí lena n-áirítear rochtain ar phróisis thráthúla fiosrúcháin agus láimhseála gearán.**

4.44 Tá oibleagáid ar gach Soláthraí ECN / ECS Cód Cleachtais Láimhseála Gearán a bheith acu, ina sonraítear conas ba cheart déileáil le díospóidí agus na céimeanna atá le leanúint ag tomhaltóir. Sa chás nach bhfuil gearán réitithe laistigh de 10 lá, is féidir le ComReg idirghabháil a dhéanamh chun teacht ar réiteach a mheastar atá oiriúnach don tomhaltóir.

4.45 Sa bhreis ar ár seirbhís láimhseála gearán (trí Líne Tomhaltóirí ComReg), in 2018 bhunaíomar Nósanna Imeachta Foirmiúla um Réiteach Díospóidí le haghaidh gearán ECN / ECS[60] atá gan réiteach le haghaidh 40 lá oibre i ndiaidh gearán a dhéanamh le soláthraí seirbhíse. Sa chás seo, féadfaidh tomhaltóir iarratas a chur faoi bhráid ComReg chun breithniú a dhéanamh ar dhíospóid.

4.46 Chomh fada is a bhaineann leis an sprioc seo, cuirfear an méid seo a leanas i gcrích as seo go ceann tamaill:

- **Cód Cleachtais Láimhseála Gearán:** Breithníonn ComReg gur cheart gearáin ó thomhaltóirí a réiteach go tapa agus go héifeachtach. Chun é sin a dhéanamh, as seo go ceann tamaill tá sé beartaithe againn níos mó airde a tharraingt ar ár gCód Cleachtais Láimhseála Gearán, monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh íoschaighdeán agus aon feabhsuithe riachtanacha

58 Foilsithe mar Cheanglais Seirbhíse Uilíche – Rochtain á Soláthar ag Suíomh Seasta (AFL) ag Eircom Teoranta – Sonraí maidir le Feidhmíocht Cáilíocht Seirbhíse. Féach ar Dhoiciméad 20/120 ComReg má theastaíonn faisnéis uait maidir le Ráithe 2 2020 agus 2019/2020
59 Taifead 2019/167 MCA na hArd-Chúirte. Fógra Faisnéise 21/44 ComReg.
60 Doiciméad 18/104 D14/18 ComReg

a dhéanamh chun amfhrámaí réitigh soláthraithe seirbhíse agus eispéiris réitigh díospóidí tomhaltóirí a fheabhsú.

- **Réiteach Díospóidí Foirmiúil:** tá sé beartaithe againn leanúint ar aghaidh leis an obair atá á déanamh againn i ndáil le Réiteach Díospóidí Foirmiúil.

## Sprioc 2.8

**Tá sásraí sásaimh éifeachtacha ag tomhaltóirí lena n-áirítear rochtain ar phróisis thráthúla fiosrúcháin agus láimhseála gearán.**

## Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

4.47 Tá Cumarsáid agus Rannpháirtíocht le tomhaltóirí riachtanach d'fhonn a chinntiú go bhfuil tomhaltóirí eolach ar a gcearta ag gach céim d'Aistear an Tomhaltóra. Sa chomhthéacs seo, is é an aidhm atá againn **feidhmiú mar abhcóide éifeachtach do thomhaltóirí.**

4.48 Áirítear i measc ár ngníomhaíochtaí cumarsáide agus rannpháirtíochta na cainéil chumarsáide seo a leanas ach níl siad teoranta dóibh:

- teagmháil dhíreach le tomhaltóirí,
- rannpháirtíocht in imeachtaí for-rochtana,
- rannpháirtíocht ar líne,
- trínár suíomh gréasáin agus meáin shóisialta, agus
- rannpháirtíocht indíreach trí na meáin.

## Sprioc 2.9

**Tá ComReg ag feidhmiú mar abhcóide éifeachtach do thomhaltóirí.**

4.49 Chomh maith leis sin, baineann ComReg tairbhe as rannpháirtíocht trí theagmhálacha le comhlachtaí ionadaíocha agus bailíonn sé faisnéise maidir le riachtanais úsáideoirí deiridh trí thaighde margaidh. Chomh maith leis sin, éiríonn linn cúrsaí a phlé le comhlachtaí ionadaíocha agus le comhlachtaí poiblí ábhartha trí CAP agus rannpháirtíocht sa Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda. Anuas air sin, bíonn cúrsaí á bplé againn le DECC, comhlachtaí poiblí agus rialtóirí earnálacha eile maidir le ceisteanna atá ábhartha do thomhaltóirí. I ndiaidh téamaí a bhain le tomhaltóirí a phlé le páirtithe leasmhara ón tionscal, mar shampla, leanfaimid ar aghaidh leis na mórcheisteanna a mbeidh ar an earnáil déileáil leo amach anseo a phlé, lena n-áirítear ascnamh chuig seirbhísí snáithín, aistarraingt líonraí teileachumarsáide oidhreachta, cibearshlándáil, seirbhísí do chustaiméirí agus glaonna núise/glaonna camscéimeanna.

4.50 Tá tairbhe á baint ag ComReg as cur chuige straitéiseach chun cumarsáid a dhéanamh le tomhaltóirí agus leis an bpobal, agus tá raon uirlisí agus teicnící in úsáid aige, lena n-áirítear feachtais, atá dírithe ar ábhar sonrach, ar mhaithe le heolas agus feasacht tomhaltóirí a fheabhsú agus déileáil le bearnaí eolais. Cabhraíonn branda tomhaltóirí ComReg, '**ComReg Connects**', lena chinntiú go n-aithníonn tomhaltóirí agus an pobal i gcoitinne ComReg mar bhranda a bhfuil ról lárnach aige i gcosaint tomhaltóirí, branda a léiríonn cén cineál eagraíochta é ComReg agus cén cineál oibre atá á dhéanamh aige. Tá eolas agus nuacht le fáil ar ár suíomh gréasáin **Comreg.ie/consumer** a bhfuil sé mar aidhm leis a chinntiú go bhfuil níos mó ar eolas ag tomhaltóirí maidir le fadhbanna agus forbairtí sa mhargadh.

ComReg Connects
Trusted Advice and Support

4.51 Sa tréimhse amach romhainn, tá sé beartaithe againn tionscnaimh a bhaineann leis an sprioc seo a chur i gcrích freisin:

- **Imeachtaí For-rochtana Tomhaltóirí:** Roinnimid eolas maidir le ceisteanna tráthúla trí ghrúpaí ionadaíocha tomhaltóirí, Aoisbhá Éireann mar shampla, agus leanfaimid ar aghaidh ag obair mar seo chun eolas a roinnt le cohóirt spriocdhírithe tomhaltóirí.
- **Suíomh Gréasáin:** Leanfaimid ar aghaidh le comreg. ie/consumer a fheabhsú agus raon uirlisí a chur ar fáil a tháirgeann faisnéis neamhspleách d'úsáideoirí.
- **Rolladh Amach Branda:** Leanfaimid ar aghaidh lenár dteanga chumarsáide a fhorbairt mar aon leis na huirlisí tomhaltóirí éagsúla atá le fáil ar ár suíomh gréasáin do thomhaltóirí chun léargas a thabhairt ar luachanna branda ComReg.

# 5

# Nascacht & Athléimneacht an Líonra

# 5. Nascacht & Athléimneacht an Líonra

## Réamhrá

5.1 Is é aidhm straitéiseach ComReg chomh fada is a bhaineann le nascacht **a chinntiú go bhfuil rochtain fhorleathan ag úsáideoirí deiridh ar líonraí, seirbhísí agus feidhmchláir chumarsáide atá slán agus ar ardchaighdeán**. Is éard atá i gceist le 'nascacht' dar le ComReg rochtain ar an ECN riachtanach ionas gur féidir úsáid a bhaint as seirbhísí agus feidhmchláir éagsúla ar bhealach slán. I gcás ComReg, ní hé atá i gceist le nascacht úsáideoirí deiridh go mbeadh teicneolaíocht líonra amháin in iomaíocht le teicneolaíocht líonra eile, ach go mbeidh nascacht fhorleathan, leanúnach, shlán agus ar ardchaighdeán úsáideoirí deiridh á cinntiú.

5.2 San áireamh in EECC tá cuspóir nua a mbeidh ComReg, an Rialtas agus BEREC ag díriú air: tacú le nascacht agus rochtain ar, agus úsáid, líonraí fíor-ardacmhainneachta, lena n-áirítear líonraí seasta, móibíleacha agus gan sreang, i measc saoránach agus gnóthaí uile an Aontais. Agus iarracht á déanamh an cuspóir seo a chomhlíonadh, athshonraítear in EECC an gá atá le cothromaíocht idir dreasachtaí oiriúnacha a sholáthar chun infheistiú in VHCN agus an gá atá le rialúchán.

5.3 Sa lá inniu ann, tá nascacht úsáideoirí deiridh riachtanach chun ionchuimsiú sóisialta agus digiteach a chinntiú. Tá ComReg den tuairim nach féidir le húsáideoirí páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar trí chéile ach má tá a riachtanais nascachta á gcomhlíonadh.

**Aidhm Straitéiseach 3:** **Tá rochtain fhorleathan ag úsáideoirí deiridh ar líonraí, seirbhísí agus feidhmchláir chumarsáide atá slán agus ar ardchaighdeán.**

**Céard atá i gceist?**

- Éascaíonn infhaighteacht fhorleathan ECS agus ECNanna ionchuimsiú digiteach gach tomhaltóir
- Déileáiltear le dúshláin nascachta agus bíonn seirbhísí gutha móibíleacha laistigh (trí naisc mhóibíleacha nó glao Wi-Fi) ar fáil do gach duine.
- Tá líonraí slán agus seasmhach.
- Tá Cuspóirí AE le haghaidh 'Nascacht' úsáideoirí deiridh á gcomhlíonadh.

5.4 Go minic bíonn líonraí, teicneolaíochtaí agus réitigh éagsúla ar fáil do dhaoine chun cabhrú leo a gcuid riachtanas nascachta a chomhlíonadh. Dar le ComReg, is le cáilíocht agus iontaofacht ECS/ ECN a bhaineann an tábhacht, ní leis an modh seachadta.

5.5 Níl seirbhísí maithe ECN ar fáil d'úsáideoirí deiridh áirithe, áfach. B'fhéidir nach mbeadh deis ag cuid de na húsáideoirí deiridh seo nach bhfuil seirbhísí maithe ar fáil dóibh tairbhe a bhaint as líonraí iontaofa difriúla a bheith ar fáil. B'fhéidir go mbeadh ar úsáideoirí deiridh eile fós déileáil le seirbhísí laga anois is arís, mar gheall ar fhachtóirí éagsúla nach bhfuil aon smacht acu orthu.

5.6 Bainfidh tábhacht ar leith lena chinntiú gur féidir le gach duine seirbhísí ar líne agus digiteacha a rochtain, beag beann ar an áit a bhfuil cónaí orthu nó conas a nascann siad leis na seirbhísí sin, i ndáil le rannpháirtíocht sa gheilleagar agus sa tsochaí dhigiteach a spreagadh. Tá cásanna a éilíonn nascacht iontaofa ar ardchaighdeán cosúil le cianobair, cianoideachas agus ríomhsheirbhísí sláinte níos tábhachtaí anois in eagraíochtaí agus i saol daoine aonair sa ré i ndiaidh phaindéim Covid-19.

5.7 Tá roinnt rioscaí luaite le ECN na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le cur isteach ar sheirbhísí d'úsáideoirí deiridh. I measc na rioscaí seo tá mífheidhmiú trealaimh, earráid dhaonna, ionsuithe mailíseacha agus cibearionsuithe, teagmhais adhaimsire agus teagmhais sheachtracha (e.g. éarthaí leictreachais). Dá réir sin, tá níos mó tábhachta anois ná riamh le hathléimneacht, iontaofacht agus slándáil líonra. Is é ról ComReg sa chomhthéacs seo teacht ar thuiscint iomlánaíoch ar na rioscaí nascachta éagsúla a mbeidh sé riachtanach déileáil leo sa tír. San áireamh anseo tá slándáil líonra, príomhghné de straitéis dhigiteach náisiúnta an Rialtais 'Leas a Bhaint as Digitiú - Creat Digiteach na hÉireann'.

5.8 Ainneoin go leanfaidh ComReg ar aghaidh le húsáid a bhaint as a chumhachtaí rialála chun déileáil le fadhbanna líonra, i roinnt cásanna, sa chás go bhfuil na cumhachtaí rialála oiriúnach i seilbh údarás eile, beidh gá le cur chuige ilghníomhaireachta. Leanfaidh ComReg ar aghaidh ag tacú le húdaráis fhreagracha eile (e.g. DECC) agus ag feidhmiú mar rialtóir eolasach trí eolas a chur ar fáil do phlé agus do dhíospóireacht a bhaineann le beartas.

## Raon Clúdaigh Líonra

5.9 Tá roinnt ceantar in Éirinn fós nach bhfuil ECS / ECN ar ardchaighdeán agus iontaofa le fáil iontu. Is ceantair thuaithe iad formhór na gceantar sin, ina bhfuil daonra íseal. De réir mar a laghdaíonn dlús daonra, méadaíonn an t-achar idir áitreabh go ginearálta, rud a chiallaíonn go méadaíonn an costas a bhaineann le ECN a sholáthar. Dá réir sin, ní bhíonn ciall eacnamaíoch le líonraí ar ardchaighdeán, iontaofa a bheith á gcur ar fáil ag oibritheoirí ECN tráchtála i gceantair mar seo mura bhfuil dreasachtaí breise ar fáil.


5.10 Faoin mbliain 2030, tá ComReg ag súil go mbeidh VHCN seasta rollta amach chuig beagnach gach áitreabh (teaghlaigh agus gnóthaí) sa tír trí mheascán de sheirbhísí tráchtála agus infheistíocht phoiblí trí NBP.

5.11 Chun freastal ar éilimh mhéadaithe thomhaltóirí na hÉireann amach anseo seans go mbeidh gá ní hamháin le raon clúdaigh fón póca feabhsaithe agus dlús líonra méadaithe, ach le gléasanna agus seirbhísí móibíleacha ar féidir iad a ascnamh go héasca idir líonraí móibíleacha agus seasta (e.g., Wi-Fi) nuair a bhíonn siad in úsáid. Sa chomhthéacs seo, tá ról lárnach ag rolladh amach líonra seasta agus infhaighteacht speictrim bhreise chun tabhairt faoin dúshlán seo.

5.12 Tá an úsáid atá á baint as ECN/ECS méadaithe le trí bliana anuas agus tá trácht sonraí seasta agus móibíleacha méadaithe ón 2019. Mar a léirítear i bhFigiúr 9 thíos, tá go leor sonraí in úsáid agus tá na leibhéil úsáide seo ag méadú, dhúbailt na figiúirí idir Ráithe 4 2019 agus Ráithe 4 2022[61].

61 QKDR Ráithe 4 2023

Figiúr 9: Trácht Sonraí ar Líonraí Seasta agus Móibíleacha




## Ag Tacú leis an mBonneagar Digiteach

5.13 Is í sprioc ComReg maidir le bonneagar digiteach go gceadaíonn **líonraí teileachumarsáide, teicneolaíochtaí agus réitigh d'úsáideoirí deiridh páirt iomlán a ghlacadh i ngach gné den tsochaí**. Dá réir sin, is é an aidhm atá le straitéis ComReg infhaighteacht fhorleathan ar sheirbhísí iontaofa ar ardchaighdeán a chinntiú.

5.14 As seo go ceann tamaill, leanfaidh ComReg ar aghaidh ag díriú ar an méid sin trí na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- **An Deighilt Dhigiteach:** Leanfaidh ComReg ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar dheighiltí digiteacha i margaí éagsúla ECS agus i margaí cóngaracha ECS. Cabhróidh an léargas seo linn teacht ar thuiscint iomlánaíoch ar na dúshláin nascachta a bheith ag le sárú ag úsáideoirí deiridh agus cabhróidh sé linn bonn eolais a chur ar fáil do chinntí beartais agus rialála éagsúla atá á ndéanamh ag ComReg.
- **Léarscáiliú Geografach Líonraí:** De réir Alt 22 de EECC, tá ComReg ag leanúint ar aghaidh leis an obair a bhaineann le léarscáil de líonraí leathanbhanda in Éirinn a thiomsú agus a fhoilsiú, lena n-áirítear raon clúdaigh a thuar. D'fhéadfadh léarscáileanna cosúil leo seo cabhrú le tomhaltóirí, an tionscal, an rialtas agus ComReg. Tá siad seo le cur sa fáil sa bhreis ar Léarscáil Raon Clúdaigh Fón Póca Lasmuigh ComReg atá pléite i gCaibidil 4.
- **Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí líonra agus teicneolaíochta:** Leanfaidh ComReg ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí agus nuálaíochtaí[62] i dteicneolaíochtaí líonra agus lena n-úsáid a rialú más cuí.

### Sprioc 3.1

**Ceadaíonn líonraí, teicneolaíochtaí agus réitigh theileachumarsáide d'úsáideoirí deiridh páirt iomlán a ghlacadh i ngach gné den tsochaí.**

62 Gach seans go gcuimseofar ina leithéid sin d'fhorbairtí rolladh amach 5G, leathanbhanda satailíte ar Dhomhanfhithis Íseal, ViLTE (LTE físeáin ghuthaithe), DOCSIS 4.0 agus Cealla Beaga

**5.15** Tháinig na Rialacháin um Chostais Leathanbhanda a Laghdú[63] ('**BCRR**') i bhfeidhm in 2016 agus ba é an aidhm a bhí leo an costas a bhaineann le ECN poiblí ardluais a chur ar fáil a laghdú. Níl mórán úsáidte bainte ag oibritheoirí Éireannacha as BCRR, áfach. Tá trí fheidhm ag ComReg faoi BCRR:

- A chinntiú go bhfuil BCRR á chomhlíonadh;
- Feidhmiú mar chomhlacht réitigh díospóidí náisiúnta i ndáil le BCRR[64]; agus
- The provision of a Single Information Point ('**SIP**')[65] a chur ar fáil chun rochtain ar fhaisnéis maidir le ceadanna d'oibreacha sibhialta a éascú.

**5.16** Thug ComReg faoi deara go ndearna CE athbhreithniú ar BCRR le déanaí agus gur mhol sé Acht um Bonneagar Gigighiotáin[66] mar chuid de Phacáiste Nascachta mhí Feabhra 2023 chun dlús a chur le líonraí 5G agus snáithín a sholáthar.

**5.17** Is é atá mar aidhm leis an Acht um Bonneagar Gigighiotáin atá beartaithe déileáil leis an dúshlán a bhaineann le soláthar mall agus costasach an bhonneagair fhisiciúil bhunúsaigh atá ag tacú le hardlíonraí Gigighiotáin. Tá sé mar aidhm leis 'ró-oifigiúlachas' a laghdú mar aon leis na costais agus an t-ualach riaracháin a bhaineann le líonraí Gigighiotáin a sholáthar. Chomh maith leis sin, feabhsóidh an rialachán atá beartaithe comhordú oibreacha sibhialta idir oibritheoirí líonra chun an bonneagar fisiciúil bunúsach a sholáthar, cosúil le duchtaí agus crainn, agus cinnteoidh sé go mbeidh rochtain ag na gníomhaithe ábhartha air.

**5.18** Leagtar amach in Airteagal 76 agus 79 de EECC na socruithe le haghaidh comhaontuithe comhinfheistíochta idir oibritheoir SMP agus oibritheoir eile chun VHCN nó stáisiún bunáite móibíleach a thógáil, agus díolmhaítear a leithéid d'infheistíochtaí ó réitigh rochtana SMP. Leagtar amach in EECC freisin coinníollacha breise atá le breithniú ag ComReg (e.g. comhroinnt rioscaí agus rochtain leanúnach d'iarrthóirí rochtana) sula gceadaítear a leithéid de shocruithe comhinfheistíochta. Leagtar amach in Airteagal 79 cumhachtaí nua don NRA chun tairiscintí rochtana agus comhinfheistíochta déanta ag soláthraí SMP atá ceangailteach a dhéanamh, in ionad oibleagáidí SMP a fhorchur. Breithneoidh ComReg aon togra dá leithéid ón tionscal a bhaineann le comhinfheistíocht má thugtar a leithéid faoi deara.

## Ag Tacú le Nascacht agus Athléimneacht Líonra

**5.19** Tá raon uirlisí rialála ar fáil do ComReg agus don Rialtas chun soláthar bonneagair i gceantair nach bhfuil líonraí tráchtála ag freastal orthu faoi láthair a dhreasú. Sa chomhthéacs seo, is í sprioc ComReg, **trí úsáid a bhaint as an tsraith straitéisí rialála, a chinntiú go dtacóidh gníomhaíochtaí ComReg le nascacht agus/nó go ndreasóidh siad rolladh amach bonneagair**.

**5.20** Soláthróidh fórsaí iomaíocha, má thugtar cead a gcinn dóibh, ECS/ECN ag leibhéal agus cáilíocht áirithe. Ní dócha go mbainfear amach nascacht ardleibhéil sa bhreis ar an leibhéal seo mar gheall ar nádúr neamhthráchtála an rolladh amach líonra i gceantair gheografacha áirithe.

---

63 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Costas a Bhaineann le Líonraí Cumarsáide Poiblí Ardluais a Chur ar Fáil a Laghdú), 2016 (I.R. Uimh. 391/2016)
64 Tá Próiseas Láimhseála Díospóidí ComReg le fáil ar a shuíomh gréasáin – Doiciméad 16/77r ComReg
65 Féach https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/tps00003/default/table?lang=en
66 Togra agus Measúnú Tionchair an Achta um Bhonneagar Gigighiotáin - https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/gigabit-infrastructure-act-proposal-and-impact-assessment

## Sprioc 3.2

**Trí úsáid a bhaint as an tsraith straitéisí rialála, tacóidh gníomhaíochtaí ComReg le nascacht agus/nó dreasóidh siad rolladh amach bonneagair.**

5.21 Chomh maith leis sin, tuigeann ComReg, ainneoin go bhfuil a shraith straitéisí rialála úsáideacha, go bhfuil srianta ag baint léi chomh fada is a bhaineann le déileáil le fadhbanna nascachta atá ag cur isteach ar úsáideoirí deiridh áirithe.

5.22 San áireamh sna ceadúnais a bronnadh mar chuid de **MBSA2** ComReg a forbraíodh le déanaí bhí oibleagáidí raon clúdaigh d'fhonn a chinntiú go sáraíonn an raon clúdaigh gutha fón póca lasmuigh 99% den daonra agus go sáróidh raon clúdaigh sonraí fón póca lasmuigh ag luasanna níos mó ná 30 Mbps 95% den daonra ar deireadh thiar.

5.23 Mar atá leagtha amach i gCaibidil 4, tá léarscáileanna raon clúdaigh fón póca lasmuigh forbartha ag ComReg ionas gur féidir leis an bpobal sonraí raon clúdaigh a sheiceáil de réir an oibritheora. Tá sé beartaithe ag ComReg leanúint ar aghaidh leis na léarscáileanna seo a fheabhsú agus gnéithe nua a chur leo. In 2022, chuir ComReg raon clúdaigh fón póca lasmuigh 5G lena léarscáileanna raon clúdaigh fón póca.

5.24 Is dócha go n-éileoidh na hiarrachtaí freastal ar riachtanais thomhaltóirí na hÉireann amach anseo feidhmchláir a úsáideann neart sonraí a rochtain ó ghléasanna móibíleach raon clúdaigh feabhsaithe líonraí móibíleacha mar aon le cur ar chumas tomhaltóirí agus seirbhísí bogadh gan stró idir líonraí leathanbhanda móibíleacha agus seasta nuair a bheidh glaonna á ndéanamh acu nó nuair a bheidh seirbhísí sonraí in úsáid acu. Príomhchumasóirí i ndáil le díriú ar an dúshlán seo iad líonraí seasta a bheith á rolladh amach ag oibritheoirí tráchtála agus NBI agus infhaighteacht speictrim bhreise trí dhámhachtainí speictrim amach anseo.

5.25 Chuir ComReg in iúl roimhe seo go mb'fhéidir go bhféadfaí úsáid a bhaint as bearta níos idirghabhálaí chun raon clúdaigh a sholáthar ag suíomhanna nach mbeadh sé inmharthana, ó thaobh cúrsaí tráchtála de, a leithéid a dhéanamh iontu. Ní mór déileáil le roinnt ceisteanna suntasacha beartais, áfach, lena n-áirítear cibé acu an ionann nó nach ionann a leithéid de bhearta agus luach ar airgead, conas a bhféadfaí spriocshuíomhanna a roghnú agus conas a mbeadh rialacha Státchabhrach an AE á gcomhlíonadh ag aon tionscnamh. Ainneoin nach mbeadh oiriúnach dá mbeadh roghanna beartais á ndéanamh ag ComReg, d'fhéadfadh sé ionchur saineolach a chur ar fáil chun tacú le breithniú a dhéanamh ar shásraí a d'fhéadfaí a úsáid chun torthaí raon clúdaigh a chinntiú sa bhreis ar leibhéil atá bunaithe ar an margadh.

5.26 Sa tréimhse amach romhainn, leanfaidh ComReg ar aghaidh ag obair leis an Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda chun réitigh a sholáthar chun déileáil leis an mbearna sa raon clúdaigh leathanbhanda/fón póca, agus chun imscrúdú a dhéanamh ar conas is féidir seirbhísí níos fearr a chur ar fáil do thomhaltóirí.

### Státchabhair agus Seirbhís Uilíoch

5.27 Sa chás nach leor an ghiaráil thráchtála agus rialála chun líonraí a sholáthar, tá maoiniú poiblí in úsáid chun seirbhísí a chur ar fáil i gceantair iargúlta. Cinntíonn Treoirlínte Státchabhrach an AE nach gcuireann a leithéid de mhaoiniú isteach ar iomaíocht sa mhargadh. Le breis is 15 bhliain anuas tá infheistíocht déanta ag Rialtas na hÉireann in ECN trí scéimeanna éagsúla[67], lena n-áirítear an NBP a bhronnadh ar Leathanbhanda Náisiúnta Éireann.

67 Lena n-áirítear trí Líonraí achair cathrach, an Scéim Náisiúnta Leathanbhanda agus Plean Náisiúnta Leathanbhanda,

5.28 Ainneoin nach bhfuil ComReg freagrach as an NBP, cuireann sé comhairle theicniúil ar DECC maidir le NBP agus tá comhaltaí foirne tugtha ar iasacht do DECC aige chun a leithéid de chúnamh a chur ar fáil. Tuigeann ComReg go bhféadfadh impleachtaí a bheith ag rolladh amach NBI ar rialú, le himeacht ama. Breithneoidh ComReg, i gcónaí, an tionchar a bheith ag rolladh amach NBI ar iomaíocht sna margaí ábhartha miondíola agus mórdhíola.

5.29 Mar a pléadh i gCaibidil 4, is é cuspóir na Seirbhíse Uilíche a chinntiú go bhfuil rochtain ag tomhaltóirí, ag praghas inacmhainne, ar leathanbhanda leordhóthanach agus ar sheirbhísí cumarsáide gutha, lena n-áirítear nasc bunúsach, ag suíomh seasta.

## Slándáil Líonra

5.30 Baineann slándáil líonraí agus seirbhísí le cumas ECN nó ECS déileáil ag leibhéal áirithe iontaoibhe, le haon ghníomh a chuireann isteach ar infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht na líonraí agus seirbhísí sin, de shonraí stóráilte nó tarchurtha nó sonraí próiseáilte, nó na seirbhísí gaolmhara tairgthe aige, nó inrochtana tríd an ECN nó ECS sin.

5.31 Tá sochaí nua-aimseartha agus nasctha go digiteach na hÉireann ag brath go mór ar ECN agus ECS iontaofa agus slán. Is ionann iad agus cnámh droma go leor de bhonneagar náisiúnta criticiúil na hÉireann atá ag soláthar nascachta le haghaidh seirbhísí riachtanacha a bhfuil saoránaigh ag brath orthu, cosúil le soláthraithe cúraim sláinte, soláthraithe fuinnimh, institiúidí airgeadais, seirbhísí éigeandála agus riarachán poiblí. Is den tábhacht é go bhfuil na líonraí agus seirbhísí riachtanacha seo á gcosaint ón raon iomlán bagairtí le leibhéal oiriúnach de bhearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla.

5.32 Mar chuid de na bearta a bhfuil sé mar aidhm leo slándáil líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí in Éirinn a fheabhsú, bearta a d'fhógair an Rialtas ag deireadh mhí na Samhna 2021, d'fhoilsigh DECC a chomhairliúchán maidir le Bearta Slándála na Cumarsáide Leictreonaí (“**ECSManna**”). Is tacar mionsonraithe beart teicniúil agus eagraíochtúil iad ECSManna a mbeidh dualgas ar sholáthraithe ECN poiblí agus ECS atá ar fáil go poiblí a chur chun feidhme. D'eisigh DECC a freagairt don chomhairliúchán le déanaí.

5.33 Tugann an tAcht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023, cumhachtaí comhlíonta agus forfheidhmithe do ComReg i ndáil leis na ECSManna seo a bheith á gcur chun feidhme ag na soláthraithe seo. Feidhmeoidh na hoibleagáidí agus feidhmeanna nua do ComReg mar bhonnlíne íosta slándála do sholáthraithe ECN agus ECS. Beidh an ceanglas seo mar bhonn leis an mbonneagar cumarsáide leictreonaí laistigh den Stát a fheabhsú tuilleadh agus a choinneáil níos sláine.

5.34 Ainneoin go bhfuil fianaise ar bheartais, próisis agus nósanna imeachta atá bunaithe cheana féin ag go leor oibritheoirí ECN agus ECS le fáil in go leor bearta slándála atá sonraithe sna ECSManna, éileoidh roinnt beart eile athruithe suntasacha a dhéanamh ar oibríochtaí laethúla. Cuirfear na ECSManna chun feidhme mar chuid de chlár a éileoidh, i gcásanna áirithe, infheistíochtaí suntasacha ama, acmhainn airgeadais agus daonna. Uaireanta, áfach, d'fhéadfadh na costais a bhaineann le déileáil le hionsaí a bheith i bhfad níos airde ná costas na mbeart slándála coisctheach, go díreach agus go hindíreach, ag féachaint do na rioscaí do chlú agus an damáiste a d'fhéadfadh a leithéid d'ionsaithe a dhéanamh d'oibritheoirí, custaiméirí agus tomhaltóirí.

5.35 Bunaithe ar nádúr dinimiciúil na seirbhísí cumarsáide leictreonaí, ní mór glacadh leis na ECSManna mar “doiciméid bheo” a mbeidh sé riachtanach iad a leasú go minic. Chomh maith leis sin, beidh sé riachtanach ECSManna eile a fhorbairt chun nuálaíochtaí eile a chur san áireamh, úsáid eSIM, mar shampla.

5.36 Glactar le cibirionsaí maidir cheann de na bagairtí do shlándáil agus d'athléimneacht ECS agus ECN. Mar gheall ar an mbagairt

a bhaineann le sárú slándála mailíseach a bheadh mar bhonn le cibirionsaithe in Éirinn, comhoibríonn ComReg le Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála ('**NCSC**') na hÉireann, cuid de DECC, an phríomhghníomhaireacht in Éirinn atá ag déileáil leis an bhfearann Cibearshlándála.

5.37 Ceanglaítear ar oibritheoirí eolas a roinnt le ComReg sa chás go dtarlaíonn sárú na tairsí slándála nó caillteanas ionracais a bhfuil tionchar suntasach acu ar oibriú a líonraí nó seirbhísí[68]. Sa chás go bhfaightear a leithéid de thuairiscí, fógraíonn ComReg a leithéid, nuair is gá, do NCSC, DECC, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Líonra agus Faisnéise ('**ENISA**') agus an pobal.

5.38 Idirghníomhaíonn ComReg leis an oibritheoir d'fhonn a chinntiú go bhfuil seirbhísí á n-aischur agus go bhfuil gníomhaíochtaí bunaithe chun maolú in aghaidh sáruithe den chineál céanna ar Shlándáil Líonra amach anseo.

5.39 Tá go leor gnéithe de shlándáil líonra nach mbaineann le téarmaí tagartha ComReg, príobháideachas sonraí, mar shampla. Chomh maith leis sin, tá ról ag roinnt comhlachtaí poiblí eile i ndáil le slándáil agus athléimneacht líonra, lena n-áirítear DECC, ENISA , an Coimisiún um Chosaint Sonraí ('DPC'), An Garda Síochána agus Óglaigh na hÉireann. Braitheann na gníomhaireachtaí ábhartha ar an tsaincheist agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an tsaincheist sin.

## Sprioc 3.3

**Tá nósanna imeachta rioscabhunaithe oiriúnacha bunaithe ag oibritheoirí chun slándáil agus athléimneacht líonraí a bhainistiú.**

5.40 Tá sé beartaithe ag ComReg an méid seo a leanas sa tréimhse amach romhainn:

- **Bearta Slándála Cumarsáide Leictreonaí a Chur Chun Feidhme:** Forbróidh ComReg an creat chun cur chun feidhme comhréireach, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach maidir le ECSManna a bheith á gcur chun feidhme ag soláthraithe ECN nó ECS. Anuas air sin, beidh ComReg freagrach as measúnú, comhlíonadh, iniúchadh agus forfheidhmiú oibleagáidí oibritheoir ECSM ar bhonn leanúnach. Cinnteoidh ComReg go mbeidh na ECSM ábhartha trí iad a nuashonrú go rialta de réir mar is gá agus ECSManna breise a fhorbairt atá dírithe ar réimsí eile d'ábharthacht slándála de réir mar a bheidh na líonraí agus an teicneolaíocht ar a bhfuil siad bunaithe ag forbairt.

## Athléimneacht an Líonra

5.41 Baineann athléimneacht ECS nó ECNN[69] ECN69 le cumas an ECN sin filleadh ar a ghnáthstaid i ndiaidh teagmhais thrioblóidigh. D'fhéadfaí cur isteach ar chroílár líonra agus ar chodanna dáileacháin agus rochtana líonra, agus d'fhéadfadh tionchar a bheith ag a leithéid ar an oibritheoir líonra, a chustaiméirí agus soláthraithe eile ECS agus/nó ECN a bhraitheann ar rochtain nó idirnasc mórdhíola. D'fhéadfadh éarthaí líonra agus seirbhíse cur isteach ar bhealach suntasach ardúsáideoirí deiridh, rud a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le caillteanas geilleagrach, airgeadas agus sochaíoch. Ainneoin go dtuigeann ComReg go bhféadfadh teagmhais 'force majeure' tarlú agus go dtarlóidh siad, rud is cúis le caillteanas sealadach dosheachanta seirbhíse, tá sé riachtanach gach réamhchúram agus próiseas réasúnach agus is féidir a bhunú chun leanúnachas soláthair a chinntiú. Tá sé riachtanach, dá réir sin, go bhfuil réamhchúraimí agus infheistíochtaí leordhóthanacha ar fáil chun leanúnachas agus infhaighteacht líonraí agus seirbhísí a chuirtear ar fáil ar na líonraí seo a chinntiú.

68 Féach Doiciméad 14/02a ComReg agus Doiciméad 19/98 ComReg
69 Tá gníomhaíochtaí ComReg i ndáil le hathléimneacht ECS agus ECN teoranta do Rialachán 23 & 24 de na Rialacháin Chreata agus Airteagal 40 & 41 de EECC

**5.42** Baineann níos mó tábhachta anois ná riamh le idirnascachta agus idirinoibritheacht líonraí, go háirithe i ndáil le hathléimneacht líonraí agus dearbhuithe maidir le leanúnachas seirbhísí. Baineann tábhacht ar leith le hathléimneacht, ní hamháin i ndáil le líonraí agus seirbhísí aonair, ach freisin mar gheall ar an bhféidearthacht go mbeadh fadhbanna ag eascairt as idirspleáchas líonraí agus seirbhísí. Áirítear anseo, mar shampla, an t-idirghaol idir líonraí móibíleacha agus seasta.

**5.43** Breithníonn ComReg cibé acu atá nó nach bhfuil riosca teip margaidh ann a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le tearcinfheistiú oibritheoirí i slándáil agus athléimneacht líonraí agus seirbhísí. Baineann teip margaidh féideartha le rioscaí sistéamacha – rioscaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an tionscal ar fad. Rachadh infheistíochtaí i riosca sistéamach a mhaolú chun tairbhe gach úsáideoir deiridh, ní hamháin custaiméirí an oibritheora a bhfuil an infheistíocht á déanamh acu. Ar an lámh eile, má tá gach oibritheoir ag déileáil leis an riosca sistéamach céanna, ní bheidh aon mhíbhuntáiste iomaíoch ann má thagann an riosca chun cinn – rud a chiallaíonn go bhfuil dreasacht tráchtála laghdaithe ann chun é a mhaolú.

**5.44** Ceanglaítear ar sholáthraithe ECN/ECS atá ar fáil go poiblí ionracas agus sláine a líonraí agus seirbhísí a bhainistiú[70]. Chomh maith leis sin, ceanglaítear orthu bearta teicniúla agus eagraíochtúla oiriúnacha a bhunú chun rioscaí do shlándáil a leithéid de líonraí agus seirbhísí a bhainistiú. Chiallódh a leithéid de chur chuige rioscabhunaithe go gcuirfeadh oibritheoirí cosc ar, go ndiúltóidís do, go maolóidís agus go ndéileálfaidís le bagairt do shlándáil agus d'athléimneacht líonraí agus seirbhísí atá á gcur ar fáil acu.

**5.45** D'fhonn a chinntiú go bhfuil athléimneacht líonra á bainistiú go héifeachtach, ba cheart go mbeadh tuiscint chuimsitheach ag oibritheoirí ar na rioscaí ábhartha ar fad a bhfuil siad neamhchosanta orthu agus anailís a dhéanamh ar na rioscaí sin.

**5.46** I gcomhthéacs Sprioc 3.3 ComReg a bhaineann le slándáil agus athléimneacht líonra, sa tréimhse amach romhainn, tá sé beartaithe ag ComReg díriú ar na tionscadail seo a leanas:

- **Comhoibriú:** Leanfaidh ComReg ar aghaidh ag obair le páirtithe leasmhara sa chás go bhfuil tionchar ag ceisteanna a bhaineann le hathléimneacht líonra. Ceist amháin dá leithéid a raibh agus a bhfuil ComReg ag obair le hoibritheoirí maidir léi é an riosca a bhaineann le héarthaí cumhachta mar gheall ar easnamh i nginiúint leictreachais. Thosaigh ComReg ag obair le hoibritheoirí ar dtús i mí Dheireadh Fómhair 2021 mar gheall ar an riosca a bhain le héarthaí cumhachta féideartha i rith an gheimhridh in 2021/2022/ Is é an cuspóir atá leis an rannpháirtíocht leanúnach seo a chinntiú go bhfuil an riosca méadaithe d'éarthaí cumhachtaí san eangach náisiúnta trí chéile á gcur san áireamh ag oibritheoirí ina measúnuithe riosca.
- **Athléimneacht an Líonra:** Tá ComReg ag leanúint ar aghaidh ag obair leis an earnáil thionsclaíoch chun measúnú a dhéanamh ar chleachtais bainistíochta riosca sholáthraithe ECS/ECN. Tá an tionscadal dírithe ar riosca agus athléimneacht a bhaineann le gnéithe difriúla d'fheidhmeanna líonra ECS/ECN. le haghaidh líonraí agus seirbhísí seasta agus móibíleacha. Déanfar athbhreithniú ar an obair de réir na n-oibleagáidí agus na bhfeidhmeanna atá leagtha amach in An tAcht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023.
- **Costas Geilleagrach agus Sochaíoch Teagmhas Líonra:** Tá staidéar coimisiúnaithe ag ComReg chun imscrúdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag teagmhais líonra agus chun samhail a fhorbairt a thabharfaidh léargas ar an gcostas geilleagrach agus sochaíoch a bhaineann lena leithéid de theagmhais. D'fheádfadh toradh an mheasúnaithe seo a úsáid chun bonn eolais a chur ar fáil do ComReg le haghaidh idirghabháil rialála amach anseo.

70 Faoi Rialachán 23 de na Rialacháin Chreata agus Airteagal 40 & 41 de EECC

- **An tAthrú Aeráide agus an Tionchar atá aige ar Athléimneacht Líonra in Éirinn:** Tá staidéar foilsithe ag ComReg a rinne Frontier Economics[71] a raibh sé mar aidhm leis imscrúdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag athrú aeráide ar ECN, agus teacht ar thuiscint maidir leis an méid atá á dhéanamh ag soláthraithe ECN chun maolú i gcoinne na n-éifeachtaí seo. Déanfaidh ComReg athbhreithniú ar thorthaí an staidéir seo agus d'fhéadfadh sé tuilleadh fiosraithe a dhéanamh ar cheann de na torthaí sin a d'fhéadfadh breisluach a chur le hathléimneacht ECN in Éirinn.
- **Tuarascáil Bhliantúil Oibríochtaí Líonra**: Foilsíonn ComReg tuarascáil bhliantúil maidir le hoibríochtaí líonra a bhaineann lena ghníomhaíochtaí.
- **Tuarascáil Bhliantúil Teagmhais ENISA:** Leanfaidh ComReg ar aghaidh le teagmhais a thuairisciú do ENISA ar bhonn bliantúil, de réir a oibleagáidí reachtúla.

## Cumarsáid Núise

5.47 Is éard atá i gceist le cumarsáid núise cumarsáid gan iarraidh, nár iarradh atá dírithe go ginearálta ar ghrúpaí móra den daonra. Go minic, is é an aidhm a bhíonn le cumarsáid núise dul amú a chur ar an bhfaighteoir, ionas go soláthraíonn sé/sí faisnéis phearsanta íogair go haineolach. D'fhéadfadh sé sin cur ar chumas an choirpigh calaois a dhéanamh.

5.48 Tá sochaí agus geilleagar na hÉireann ag brath níos mó anois ná riamh ar theicneolaíocht teileachumarsáide. Ainneoin go bhfuil sé comhtháite go dlúth i ngach réimse den gheilleagar agus sochaí, tá bagairtí agus leochaileachtaí ag baint leis an ngné leanúnach seo dár saol freisin. Is foirm ísealriosca de choireacht í calaois atá á déanamh trí ECS agus ECN a úsáid.

5.49 Mar gheall ar chostas laghdaithe agus infhaighteacht mhéadaithe tá calaois i bhfoirm cumarsáide núise méadaithe go suntasach in Éirinn. Tá dúshaothrú á dhéanamh ag coirpigh ar an úsáid laethúil atá á baint againn as ECN agus ECS, coirpigh a úsáideann ionsaithe innealtóireachta sóisialta - glaoscaireacht, smioscaireacht agus cumarsáid faoi bhréagriocht CLI mar shampla, a bhfuil sé mar aidhm leo faisnéis phearsanta tomhaltóirí a fháil, ar mhaithe le calaois airgeadais.

5.50 Go bunúsach, is ionann an fhoirm chalaoise agus mí-úsáid a bheith á baint as táirgí teileachumarsáide (fóin agus fóin phóca den chuid is mó) nó seirbhísí, mí-úsáid a bhfuil sé mar aidhm léi airgead a fháil go mídhleathach ó sholáthraí seirbhísí cumarsáide nó a chustaiméirí. Baineann coirpigh tairbhe as an úsáid laethúil a bhainimid as gléasanna leictreonacha agus déanann siad iarrachtaí leanúnach bealaí nua a aimsiú chun úsáid a bhaint as leochaileachtaí agus chun faisnéis a rochtain. Ciallaíonn costas laghdaithe agus infhaighteacht mhéadaithe trealaimh chumasúcháin go bhfuil an cineál calaoise seo ag méadú.

5.51 Mar thír ina labhraítear Béarla, tá cónaitheoirí Éireannacha á spriocdhíriú go díréireach i gcomparáid lena gcontrapháirteanna AE. Tá sé seo ag tarlú de bhrí gur féidir le calaoiseoirí gluaiseacht gan stró idir tíorthaí ina labhraítear Béarla, agus a gcuid acmhainní a spriocdhíriú áit ar dócha go n-éireoidh go maith le cumarsáid sceamála. Níl aon amhras ach go leanfaidh calaoiseoirí ar aghaidh ag spriocdhíriú ar (agus go ndéanfaidh siad níos mó calaoise) na tíortha sin, agus go háirithe na tíortha ina labhraítear Béarla, atá fós leochaileach do chalaois a bhaineann le teileachumarsáid. Dá réir sin, ní mór d'Éirinn gníomhú go tapa ar mhaithe le leas is fearr ár sochaí, gnóthaí agus cónaitheoirí agus cúis áthais do ComReg ról a bheith aige san obair seo.

5.52 Tá fianaise le fáil san fhoilseachán i déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh ("CSO") maidir le coireacht go bhfuil cumarsáid núise fós ag méadú. Ainneoin go mbaineann na sonraí seo le calaois go ginearálta, agus ní le calaois déanta trí chumarsáid núise amháin, leag an CSO béim ar an bpointe gur bhain an méadú 90% bliain ar bhliain in 2021 le "idirbhearta agus iarrachtaí neamhúdaraithe faisnéis phearsanta nó bhaincéireachta a fháil ar líne

71 https://www.comreg.ie/publication/climate-change-and-its-effect-on-network-resilience-a-study-by-frontier-economics

nó ar an bhfón”[72], figiúr atá ag teacht leis na figiúirí idirnáisiúnta.

**5.53** Bunaithe ar thuiscint ComReg ar éifeachtaí dochracha agus castacht na cumarsáide núise, agus ar an ngá atá le hiarracht trastionscail chun dul i ngleic leis an bhfadhb, i mí na Nollag 2021, d'fhógair sé bunú NCIT[73]. Reáchtáil NCIT a chéad chruinniú faoi Chathaoirleach neamhspleách i mí Feabhra 2022. Le cois ComReg, tá 15 chomhalta tionscail[74] a dhéileálann le formhór na nglaonna agus teachtaireachtaí SMS a seoltar chuig úsáideoirí Éireannacha.

**5.54** Chuir NCIT tús lena chuid oibre trí ionadaithe ón tionscal teileachumarsáide a thabhairt le chéile, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- idirghabhálacha féideartha a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar líonraí chun líon agus éifeacht na cumarsáide núise a laghdú/a mhaolú a phlé;
- treochlár cur chun feidhme a fhorbairt d'fhonn a chinntiú go bhfuil na hidirghabhálacha á gcur chun feidhme ag na soláthraithe líonra agus/nó seirbhíse cuí chomh tapa agus is féidir de réir amlínte insoláthartha an tascfhórsa; agus
- tacú le modh éifeachtach don tionscal chun comhoibriú lena chéile agus faisnéis a chomhroinnt ar bhonn fadtéarmach má bhíonn cumarsáid núise á déanamh nó má dhéantar ionsaí leanúnach cumarsáide núise ar líonra(í).

**5.55** Is é an aidhm atá ag ComReg agus NCIT iontaoibh a bhunú i seirbhísí teileachumarsáide an athuair trí idirghabhálacha a bhunú a bhfuil sé mar aidhm leo éifeachtaí dochracha cumarsáide núise agus an tionchar atá ag a leithéid ar thomhaltóirí agus sochaí na hÉireann a laghdú..

**5.56** Ionas go mbeidh rath ar NCIT ní mór go mbeadh an tionscal teileachumarsáide ar fad sásta tacú leis, lena n-áirítear na soláthraithe tairsí idirnáisiúnta agus ní mór go mbeadh na POFanna[75] ábhartha ag tacú go láidir leis an obair atá á déanamh. Glacann ComReg leis gurb iad na cuideachtaí seo atá freagrach as líonraí teileachumarsáide na hÉireann a oibriú agus a rith agus, dá réir sin, gur acu sin atá an méid is mó eolais agus acmhainní a theastaíonn chun déileáil leis an bhfadhb seo.

**5.57** Tá scrúdú déanta ag NCIT ar roinnt idirghabhálacha agus tá sé i ndiaidh teacht ar chomhaontú maidir le sonraíochtaí teicniúla ardleibhéil, a bheidh mar bhonn le líon na cumarsáidí núise atá á dtaifeadadh sa Stát faoi láthair a laghdú go suntasach. Tharraing ComReg aird ar an méid seo a leanas:

- Tá tús curtha le céim cur chuig feidhme NCIT, agus tá cead ag oibritheoirí idirghabhálacha a sholáthar anois;
- Reáchtáladh triail Ná Tionscain (“DNO”)[76] i rith mhí Mheán Fómhair 2022 le cúnamh ó eagraíochtaí iomchuí, agus ina dhiaidh sin chuir ComReg sonraí na trialach seo ar fáil do gach eagraíocht ar mian leo tairbhe a bhaint as an gcosaint a sholáthraíonn sé ó Dheireadh Fómhair 2022 ar aghaidh[77]; agus

72 CSO “Coireacht Taifeadta Ráithe 1 2022” ar fáil anseo https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-rc/recordedcrimeq12022/
73 Fógra Faisnéise 21/129 ComReg
74 BT Ireland, Blueface, Colt, Eircom, Imagine Communications, Intellicom, Magnet, Sky Ireland, Tesco Mobile, Three, Twilio, Verizon, Viatel, Virgin Media, Vodafone
75 Chuige sin, shínigh POFanna bhalleagraíochtaí NCIT Cód Iompair a chiallaíonn go ngeallann comhaltaí seasamh le Téarmaí Tagartha NCIT.
76 Úsáideann go leor eagraíochtaí uimhreacha fóin le haghaidh glaonna isteach amháin chun seirbhísí éagsúla a chur ar fáil do thomhaltóirí. Uaireanta tionscnaíonn calaoiseoirí glaonna ionas go mbeidh an chuma orthu go bhfuil siad ag teacht ó na huimhreacha seo chun cleas a imirt ar thomhaltóirí ionas go bhfreagróidh siad na glaonna. Spúfáil a thugtar ar an ngníomhaíocht seo. Chun déileáil leis an bhfadhb, thiomsaigh ComReg liosta "Ná Tionscain” nó “DNO”, ar a bhfuil uimhreacha fóin nach n-úsáidtear riamh le haghaidh glaonna amach agus, dá réir sin, uimhreacha ar féidir le hoibritheoirí bac a chur orthu.
77 Féach www.comreg.ie/dno and ComReg document 22/86a

- Cuimsítear i ndearadh gach idirghabhála méadracht a bhailiú chun cabhrú le meastóireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na hidirghabhála.

5.58 Bunaithe ar an méid calaoise agus ar an éifeacht dhochrach atá aici ar iontaoibh i seirbhísí teileachumarsáide Éireannacha, ag cruinniú NCIT a reáchtáladh ar an 4 Eanáir 2023, chinn tomhaltóirí gur cheart leanúint ar aghaidh le NCIT i ndiaidh an 12 mhí thosaigh. Thángthas ar chomhaontú maidir le Téarmaí Tagartha nua freisin[78], agus leagan béim ar aird iomlán chomhaltaí NCIT a tharraingt ar chur chun feidhme tapa agus ar sholáthar tapa na n-idirghabhálacha seo.

5.59 Amach anseo, beidh tuilleadh oibre le déanamh ag an tionscal teileachumarsáide chun déileáil le leochaileachtaí eile, níos casta, agus chun cabhrú le bac a chur ar chineálacha cumarsáide núise nua nó atá á bhforbairt. Áirítear i measc na gcúraimí sin, ach níl siad teoranta do:

- treochláir cur chun feidhme aontaithe ag comhaltaí a leanúint d'fhonn a chinntiú go bhfuil na hidirghabhálacha á gcur chun feidhme ag an líonra agus/nó ag na soláthraithe seirbhíse oiriúnacha chomh tapa agus is féidir;
- méadracht a sholáthar de réir na sonraíochtaí teicniúla comhaontaithe agus dé réir amlínte insoláthartha an tascfhórsa;
- anailís ar bhearnaí a dhéanamh chun bearta breise is féidir a dhéanamh a shainaithint, lena n-áirítear idirghabhálacha níos dinimiciúla;
- monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí a bhaineann le cumarsáid núise in Éirinn agus thar lear;
- comhoibriú agus comhordú idiroibritheora agus tras-earnála a bhunú go foirmiúil;
- gníomhaíochtaí a shainaithint don tionscal agus do ComReg chun aird tomhaltóirí a tharraingt ar chamscéimeanna;
- i ndeireadh na dála, straitéis náisiúnta fhadtéarmach uilechuimsitheach a fhorbairt chun cumarsáide núise a chomhrac; agus
- cur le tionscnaimh rialála idirnáisiúnta chun tacú le cur chuige idirnáisiúnta, de réir mar is cuí.

5.60 Tá ComReg ag súil le bheith ag obair le NCIT sna míonna amach romhainn, agus tairbhe a bhaint as tiomantas iomlán agus gníomhach na gcomhaltaí agus na bpáirtithe leasmhara eile ar fad.

78 Cumarsáid Núise: Téarmaí Tagartha athbhreithnithe comhaontaithe don Tascfhórsa Tionscail um Chumarsáid Núise, 23/12.



# 6

# Comhlíonadh & Forfheidhmiú

# 6. Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

## Réamhrá

6.1 Ní bhíonn rialúchán éifeachtach ach amháin má chomhlíonann eintitis rialaithe a gcuid oibleagáidí rialála. Is é aidhm straitéiseach ComReg i ndáil le comhlíonadh agus forfheidhmiú **go mbeadh ceanglais rialála á gcomhlíonadh ag eintitis rialaithe**. Tacaíonn an aidhm seo le héifeachtacht na dtrí aidhm straitéiseacha a bhí sonraithe roimhe seo

**Aidhm Straitéiseach 4:** **Tá ceanglais rialála á gcomhlíonadh an eintitis rialaithe.**

**Céard atá i gceist?**

- Bíonn eintitis rialaithe airdeallach i gcónaí ar a gcuid oibleagáidí agus bíonn siad á gcomhlíonadh acu.
- Cuirtear bac ar eintitis rialaithe ó na hoibleagáidí a shárú.
- Tá cultúr institiúidithe de chomhlíonadh in eintitis rialaithe.


6.2 Is féidir feidhmeanna reachtúla ComReg i ndáil le comhlíonadh agus forfheidhmiú a roinnt in dhá chatagóir: d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann eintitis rialaithe a n-oibleagáidí rialála agus d'fhonn a chinntiú go bhfuil an speictream raidió á bhainistiú ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach.

6.3 Tá na gnéithe seo a leanas le fáil i straitéis forfheidhmithe ComReg:

- **An Cultúr Comhlíonta:** Go hidéalach, bheadh a gcuid oibleagáidí á gcomhlíonadh go deonach ag eintitis rialaithe agus bheadh cultúr comhlíonta inmheánach bunaithe acu.
- **Monatóireacht Ghníomhach:** Trí úsáid a bhaint as foinsí faisnéise agus sonraí éagsúla, cinntíonn an mhonatóireacht a dhéantar ar oibleagáidí rialaithe go bhforbraíonn margaí i gceart.
- **Forfheidhmiú Spriocdhírithe:** Tá acmhainní in úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí forfheidhmithe ar bhealach a bhaineann an oiread tairbhe agus is féidir as éifeachtacht an chórais.
- **Díspreagadh Éifeachtach:** Braitheann éifeachtacht an chórais ní hamháin ar dheireadh a chur le hiompar neamhchomhlíontach ach leis an tionchar atá ag a leithéid chomh fada is a bhaineann le neamhchomhlíonadh amach anseo a stopadh.

6.4 I bprionsabal, tá gnéithe straitéis forfheidhmithe ComReg ag feidhmiú ar bhealach dearfach timthriallach a chiallaíonn go mbíonn eintitis rialaithe ag feidhmiú ar bhonn comhlíonta chomh fada is a bhaineann le hiompar spriocdhírithe, rud a thugann cead don rialtóir díriú an athuair ar ghníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe, agus mar sin de.

**Figiúr 10: Forfheidhmiú Barrmhaith**




# Socruithe Difriúla Forfheidhmithe

**6.5** Chomh fada is a bhaineann leis an earnáil cumarsáide leictreonaí, tá roinnt príomhréimsí freagrachta ag ComReg i ndáil le comhlíonadh agus forfheidhmiú:

- Treoracha maidir le Bainistíocht Speictrim,
- Údarás Faireachais Mhargaidh do Threalamh Raidió8 agus Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach82F,
- an Rialachán um Shábháilteacht Táirgí Mórdhíola (SMP) le chéile,
- forfheidhmiú dlí iomaíochta agus
- Cosaint tomhaltóirí.

## Comhlíonadh agus forfheidhmiú i gcomhthéacs bainistíocht speictrim

**6.6** Tá feidhm reachtúil ag ComReg i ndáil leis an speictream radaimhinicíochta in Éirinn a bhainistiú. Áirítear i measc na hoibre sin:

- Monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus coinníollacha a bhaineann le cearta úsáide speictrim (e.g. na coinníollacha ginearálta údaraithe agus ceadúnaithe);
- Monatóireacht a dhéanamh ar an speictream raidió chun úsáid neamhúdaraithe a bhrath agus chun gníomh forfheidhmithe chuí a dhéanamh; agus
- Cás de chur isteach díobhálach tuairiscithe ag ceadúnaithe agus ag an bpobal i gcoitinne a imscrúdú agus gníomh forfheidhmithe chuí a dhéanamh.

**6.7** Maidir le húsáid neamhúdaraithe an speictrim, cuimsítear i measc na ngnáthcheisteanna a thagann chun cinn:

- úsáid neamhcheadúnaithe an speictrim raidió,
- neamh-athnuachan ceadúnas, agus
- úsáid a bhaint as trealamh atá neamhchomhlíontach leis an reachtaíocht ábhartha arb é ComReg an tÚdarás Faireachais Mhargaidh lena haghaidh[79,80].

**6.8** Chomh maith leis sin, tugann ComReg faoi shraith réamhghníomhach gníomhaireachtaí monatóireachta a áirítear inti líonraí móibíleacha a thástáil chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh le hoibleagáidí raon clúdaigh agus chun suirbhéanna a dhéanamh d'fhonn a chinntiú go teorainneacha radaíochta neamhianúcháin á gcomhlíonadh.

## Comhlíonadh agus Forfheidhmiú i gcomhthéacs Sábháilteacht Táirgí

**6.9** Ceanglas de Mhargadh Aonair an AE é faireachas margaidh ar threalamh raidió agus cinntíonn sé go bhfuil trealamh raidió a chuirtear ar an margadh á dhéanamh ag caighdeán íosta agus gur féidir le hÚsáideoirí Deiridh é a úsáid go sábháilte agus go muiníneach. Geallann ComReg, an tÚdarás Faireachais Mhargaidh ('MSA') do Rialacháin Trealamh Raidió[81] agus Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach[82], faireachas margaidh a dhéanamh d'fhonn a chinntiú go bhfuil trealamh raidió neamh-chomhlíontach á shainaithint, á thástáil, á urghabháil agus / nó á bhaint den mhargadh.

**6.10** Tá Aonad Sábháilteachta Táirgí ComReg, atá ag feidhmiú laistigh de théarmaí tagartha cúnga ComReg, freagrach as faireachas margaidh a dhéanamh ar tháirgí nach mbaineann le raon feidhme na dTreoracha maidir le Trealamh Raidió agus Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach, agus tá béim ar leith á leagan ar na táirgí sin ar dócha a bheidh mar bhonn le cur isteach díobhálach ar an speictream raidió.

## Comhlíonadh agus forfheidhmiú i gcomhthéacs rialachán SMP

**6.11** Féadfaidh ComReg oibleagáidí ex-ante a fhorchur ar ghnóthais má chinntear go bhfuil SMP acu. Is réitigh ar fhadhbanna iomaíochta sainaitheanta sna margaí rialaithe iad na hoibleagáidí ex-ante seo. Tá ComReg freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar agus comhlíonadh a leithéid d'oibleagáidí SMP a fhorfheidhmiú.

**6.12** Ní bhreithnítear go bhfuil fadhbanna iomaíochta a eascraíonn as SMP maolaithe ach nuair a chomhlíonann oibritheoir, a bhfuil SMP aige, an tacar iomlán d'oibleagáidí ex-ante atá forchurtha ag ComReg. Ainneoin go mb'fhéidir gur leo páirtchomhlíonadh chun iontráil margaidh a spreagadh, d'fhéadfaí leanúint ar aghaidh leis an mbonn a bhaint de mhuinín lucht iarrtha rochtana infheistíocht a dhéanamh má thugann siad faoi deara, mar shampla, gur caitheadh leo ar bhealach idir-dhealaitheach nó gur cuireadh moill mhíchuí ar iarratais rochtana. Chuige seo, d'fhéadfadh gach cás de neamhchomhlíonadh damáiste tromchúiseach a dhéanamh d'iomaíocht.

**6.13** Le cois na n-oibleagáidí SMP, tá ComReg freagrach as monatóireacht agus forfheidhmiú oibleagáidí éagsúla a thugann chun cinn faoi chreat rialála an AE do chumarsáid leictreonach agus faoi reachtaíocht náisiúnta. Chomh maith leis sin, tá ról ag ComReg i ndáil le díospóirí idir gnóthais san earnáil.[83]

79 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Trealamh Raidió), 2017 I.R. 248 de 2017.
80 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach), 2017, I.R. 69 de 2017.
81 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Trealamh Raidió), 2017, I.R. Uimh. 248 de 2017.
82 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach), 2017 I.R. 69 de 2017
83 D'fhéadfadh díospóidí teacht chun cinn faoi Rialachán 31 de na Rialacháin Chreata, Alt 57 d'Acht 2002 agus Rialachán 4, 5, 6, 7, 8 agus 9 de na Rialacháin um Chostas Leathanbhanda agus Airteagal 5 de EECC.

## Dlí Iomaíochta Ex-Post

**6.14** I ndiaidh bhunú an Achta um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007, tugadh feidhm bhreise do ComReg a bhain le himscrúdú a dhéanamh ar sháruithe ar dhlí iomaíochta san earnáil[84], agus roinneann sé an fhreagracht seo le CCPC. Tá an chumhacht ag ComReg imscrúdú a dhéanamh de bhua gearáin nó bunaithe ar chinneadh a dhéanann ComReg. Déantar a leithéid d'imscrúduithe ar bhonn ex-post, (i.e. i ndiaidh na fírice) sa chás gur tharla an iompraíocht fhrithiomaíoch airbheartaithe nó go bhfuil sé ag tarlú faoi láthair. D'fhéadfaí imscrúdú a dhéanamh i margaí ina bhfuil rialachán ex-ante i bhfeidhm le cois margaí neamhrialaithe.

**6.15** Síníodh an tAcht Iomaíochta (Leasú), 2022 ina dhlí ar an 29 Meitheamh 2022 agus trasuíonn sé an Treoir ECN+ in Éirinn. Tabharfaidh an tAcht seo, nuair a bheidh tús curtha leis, cumhachtaí iomaíochta suntasacha nua do ComReg. Forálann an reachtaíocht seo do chóras d'fhorfheidhmiú neamhchoiriúil d'fhorálacha áirithe de dhlí iomaíochta agus d'eisiúint fógraí toirmisc mar fhreagairt do sháruithe amhrasta de dhlí iomaíochta.

**6.16** Chomh maith leis sin, forálann sé do chóras de phionóis forfheidhmithe agus riaracháin (neamhchoiriúil) i ndáil le sáruithe áirithe de dhlí iomaíochta, lena n-áirítear trí réitigh struchtúrtha agus iompraíochta neamhchoiriúla agus smachtbhannaí airgeadais neamhchoiriúla áirithe a fhorchur.

**6.17** Chomh maith leis sin, méadaíonn an tAcht an leibhéal pionós is féidir a fhorchur le haghaidh cionta coiriúla áirithe a bhaineann le dlí iomaíochta a shárú agus bunaíonn sé raon cionta nóis imeachta nua atá deartha chun imscrúdú agus forfheidhmiú dlí iomaíochta in Éirinn a fheabhsú. Bunaíonn an tAcht córas nua de bhua ar féidir le ComReg (nó an CCPC) a leithéid de smachtbhannaí a fhorchur agus conas is féidir leis an Ard-Chúirt iad a dheimhniú nó conas is féidir iad a achomharc chuig an Ard-Chúirt. Ar deireadh, bunaíonn an tAcht clár trócaire cairtéil in Éirinn, rud nach raibh bunaithe in Éirinn roimhe seo. Is é aidhm shonraithe an Achta a chinntiú go bhfuil údaráis iomaíochta ag feidhmiú go neamhspleách, go bhfuil dóthain acmhainní acu agus go bhfuil cumhacht forfheidhmithe oiriúnach acu. Bainfidh na cumhachtaí forfheidhmithe seo le toirmisc ar ghnóthais ó pháirt a ghlacadh i gcomhaontuithe agus cleachtais fhrithiomaíocha agus mí-úsáid a bhaint as seasamh ceannasach.

## Comhlíonadh agus forfheidhmiú i gcomhthéacs cosaint tomhaltóirí

**6.18** Tá ComReg freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar agus as a chinntiú go bhfuil forálacha cosanta tomhaltóirí éagsúla á gcomhlíonadh ag soláthraithe seirbhíse ECN / ECS agus ag soláthraithe PRS. San áireamh sna príomhdhlíthe cosanta tomhaltóirí tá forálacha úsáideora deiridh EECC[85], na Rialacháin r-Phríobháideachais[86], Acht 2002, Acht PRS[87], an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2022[88], agus oibleagáidí gnóthas de bhua a nÚdaraithe Ghinearálta. Tabharfaidh an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2022, éifeacht don Treoir maidir le díol earraí[89] agus do phríomhfhorálacha na Treorach maidir le forfheidhmiú níos fearr agus nuachóiriú rialacha cosanta tomhaltóirí an Aontais[90]. Comhdhlúthaíonn

---

84 Tá tuilleadh sonraí maidir le ról ComReg faoi dhlí iomaíocht agus a leithéid de ghearáin a imscrúdú leagtha amach ina Nóta Treorach maidir le Gearáin Iomaíochta. Treoir maidir le Gearáin Iomaíochta a Dhéanamh a bhaineann leis an Earnáil Cumarsáide Leictreonaí, Fógra Faisnéise, Doiciméad 10/110 ComReg, Nollaig 2010
85 Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (Athmhúnlú)
86 I.R. Uimh. 336/2011 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí)
87 An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí), 2010
88 An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2022
89 Treoir (AE) 2019/1771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí le haghaidh díol earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 AGUS Treoir 2009/22/EC, agus lena n-aisghairtear Treoir 199/44/EC
90 Treoir (AE) 2019/2161 Forfheidhmiú agus Nuachóiriú ( an Treoir omnibus)

agus nuashonraíonn an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2022 dlí tomhaltóirí reatha; leanfaidh ComReg le freagracht a ghlacadh as forfheidhmiú na bhforálacha a bhaineann le seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus ag seasamh le cearta agus réitigh i gconarthaí tomhaltóirí do sheirbhísí neamhdhigiteacha a sholáthar.

**6.19** Chomh maith leis sin, beidh feidhm forfheidhmithe feabhsaithe ag ComReg faoi Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 ("Acht 2007") maidir le cleachtais éagothroma, mhíthreoracha, ionsaitheacha agus thoirmiscthe in idirbhearta le haghaidh líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus seirbhísí ardráta. Chun cloí leis na forálacha forfheidhmithe feabhsaithe sa Treoir Omnibus[91], beidh na cumhachtaí céanna ag ComReg faoin Acht agus atá ar fáil do CCPC lena n-áirítear an chumhacht glacadh le gnóthais agus fógraí íocaíochta seasta agus fógraí comhlíonta a eisiúint.

**6.20** Tá roinnt cúiseanna ann chun imscrúduithe a bhaineann le cosaint tomhaltóirí a dhéanamh. Go príomha, déanann ComReg imscrúdú ar ghearáin agus ar threochtaí nua ag eascairt as teagmháil leis an Líne Tomhaltóirí agus leis an suíomh gréasáin agus déanann sé measúnú ionas gur féidir cinneadh maidir lena mbailíocht a dhéanamh. Chomh maith leis sin, áfach, d'fhéadfadh ComReg imscrúduithe a dhéanamh ar a thionscnamh féin ar mhaithe agus monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh ginearálta na n-oibleagáidí rialála. Mar a phléitear i gCaibidil 4, baineann na príomhcheisteanna a ndéanann ComReg imscrúdú agus monatóireacht orthu le ceisteanna billeála, téarmaí conartha agus toiliú eolasach ECS agus PRS a bhilleáil/a sholáthar. Le cois fhorálacha nua EECC, déanann ComReg monatóireacht ar chomhlíonadh na Rialachán um Neodracht Idirlín[92] agus na Rialachán maidir le Glaonna Laistigh den Aontas[93].

## Cultúr Comhlíonta

**6.21** Tá ComReg den tuairim gur cheart go mbeadh eintitis rialaithe airdeallach ar a gcuid oibleagáidí, go bhfuil siad á gcomhlíonadh agus go bhfuil cultúr comhlíonta inmheánach acu. Is í sprioc ComReg, dá réir sin, **go mbeidh ról réamhghníomhach ag eintitis rialaithe chomh fada is a bhaineann lena gcomhlíonadh féin a chinntiú**. Tá ComReg ag leanúint ar aghaidh le hoibritheoirí a spreagadh chun rialuithe inmheánacha láidre a bhunú chun neamhchomhlíonadh a chosc agus a bhrath.

### Sprioc 4.1

**Tá eintitis rialaithe ag feidhmiú ar bhonn réamhghníomhach chun a gcomhlíonadh féin a chinntiú.**

**6.22** Féadfaidh eintitis rialaithe, go háirithe iad siúd atá faoi réir oibleagáidí a bhfuil sé ma aidhm leo neamh-idirdhealú a chinntiú, rogha a dhéanamh bearta oibríochtúla agus rialachais a bhunú arb é an cuspóir sonrach atá leo tacú le prionsabail chomhlíonta ag gach leibhéal eagraíochtúil. Nuair a chuirtear a leithéid de bhearta chun feidhme go héifeachtach d'fhéadfaidís comhlíonadh a chinntiú agus an gá atá le hidirghabháil rialála a laghdú agus ar an tslí sin, tacú le hiomaíocht éifeachtach agus inbhuanaithe.

**6.23** Breithníonn ComReg go bhfuil na cleachtais tionscail seo a leanas riachtanach chun tacú le cultúr comhlíonta:

- Tacaíocht agus tiomantas na foirne bainistíochta sinsearaí i ndáil le cláir chomhlíonta inmheánacha.
- Beartas soiléir agus forfheidhmithe maidir le comhlíonadh, lena n-áirítear nós imeachta

91 TREOIR (AE) 2019/2161 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 98/6/CE, 2005/29/CE agus 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forfheidhmiú agus nuachóiriú níos fearr rialacha cosanta tomhaltóirí an Aontais
92 I.R. Uimh. 343/2019 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Rochtain ar an Idirlíon Oscailte), 2019
93 RIALACHÁIN AN AONTAIS EORPAIGH (MUIRIR MHIONDÍOLA DO CHUMARSÁID RIALAITHE LAISTIGH DEN AONTAS), 2020

araíonachta oiriúnacha, a thoirmisceann iompraíocht neamhchomhlíontach ag gach leibhéal.

- Maoirseacht ar chláir chomhlíonta a bheith á déanamh ag comhlacht monatóireachta ar leithligh cosúil le coiste iniúchta inmheánaigh, a bhfuil ionadaíocht á déanamh air ag leibhéal sinsearach agus a bhfuil dóthain acmhainní, neamhspleáchais agus údaráis aige.
- Rialuithe inmheánacha rioscabhunaithe, atá deartha chun comhlíonadh a chinntiú agus atá á n-athbhreithniú agus á gcothabháil go rialta.
- Monatóireacht chórasach, éifeachtach agus doiciméadaithe de rialuithe inmheánacha agus
- Cumarsáid, treoir agus oiliúint rialaithe maidir le cláir chomhlíonta ag gach leibhéal d'eagraíocht.

**6.24** Breithníonn ComReg go gcabhróidh córas forfheidhmithe éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach le haird a tharraingt ar an ngá atá le cultúr comhlíonta oiriúnach laistigh den tionscal. Iarmhairt de chultúr comhlíonta lag é go bhféadfadh gnóthais tairbhe a bhaint as léirmhínithe inmheánacha ar oibleagáidí rialála nach bhfuil ag teacht leis an mbrí agus cuspóir beartaithe. D'fhéadfadh a leithéid de léirmhínithe leas tráchtála gnóthais a fheabhsú ar bhealach a dhéanfadh dochar do pháirtithe leasmhara eile nó d'iomaíocht agus d'fhéadfadh sé riosca neamhchomhlíonta a chruthú don ghnóthas.

**6.25** Tairgeann ComReg faisnéis mhionsonraithe maidir le rialacháin infheidhme (e.g. trí Chomhairliúchán Poiblí, Comhairliúchán a Fhreagairt, Ionstraim Chinnidh nó doiciméid treorach agus cinntí forfheidhmithe a fhoilsiú). Cuspóir tábhachtach a bhaineann le treoir a thabhairt maidir le brí agus éifeacht oibleagáidí rialála é sainaithint cleachtas ar dócha atá neamhchomhlíontach a éascú. Sa chomhthéacs seo, déanfaidh ComReg monatóireacht a chleachtais agus ar iompraíocht gnóthas agus déanfaidh sé gníomh forfheidhmithe, más cuí.

**6.26** Ina theannta sin, más cuí, tairgeann ComReg treoir maidir lena chumhachtaí agus cleachtais forfheidhmithe d'fhonn a chinntiú go bhfuil tuiscint chuimsitheach ag an tionscal ar a oibleagáidí rialála agus go gcloíonn sé leo. As seo go ceann tamaill, breithneoidh ComReg cibé acu atá nó nach bhfuil sé oiriúnach faisnéis agus treoir bhreise maidir le gnéithe áirithe dá chleachtais agus modheolaíochtaí imscrúdaithe comhlíonta a fhoilsiú. Lena chois sin, bainfidh ComReg tairbhe as plé agus díospóireacht chun tacú leis an iompraíocht inmhianaithe laistigh den tionscal, más gá.

**6.27** Bunaíonn EECC rialacháin nua agus ciallaíonn sé go bhfuil oibritheoirí nua anois páirteach i raon feidhme dhlínse ComReg (e.g. soláthraithe seirbhísí OTT). Ar bhonn an cháis, b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach déileáil go díreach le gnóthais d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad airdeallach ar na hoibleagáidí ábhartha. Foilseoidh ComReg aon treoirlínte a cheanglaítear go sainráite faoi EECC.

## Samhail Rialachais Rialála Eircom

**6.28** Tá maoirseacht á déanamh ag ComReg ar Rialachas Rialála Eircom ar dhá phríomhbhealach:

- an oibleagáid a bhaineann le Ráiteas Comhlíonta('SOC') mar a cheanglaítear faoi Chinneadh WLA/WCA 2018 agus Cinneadh WHQA 2020, agus
- an Comhaontú Réitigh ('SA') ar glacadh páirt ann le Eircom in 2018 inar chomhaontaigh na páirtithe ar thacar gealltanas ('gnóthais RGM'). Nuair a bheidh sé curtha chun feidhme go hiomlán, beidh na gnóthais RGM mar bhonn le bunú agus oibriú Samhail Rialachais Rialála ('RGM') feabhsaithe in Eircom.

**6.29** Ó bunaíodh SA, tá breathnóireacht agus meastóireacht á déanamh ag ComReg ar fheidhmiú agus éifeachtach RGM. Sonraítear sa Chomhaontú Feidhmíochta ('PA'), iarscríbhinn leis an SA, roinnt Garspriocanna a bhaineann le príomhghnóthais RGM. Ainneoin gur chomhlíon Eircom beagnach gach Garsprioc, chuir ComReg in iúl do Eircom i mí Meithimh 2021 nach raibh ceanglais na

Garsprice deiridh, Garsprioc 4, comhlíonta agus, faoi théarmaí an SA, tá na cistí in eascró a bhaineann le Garsprioc 4 coinnithe siar ag ComReg.

**6.30** I láthair an RGM, tá imní ar ComReg maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil iomaíocht i margaí ina bhfuil Eircom faoi réir rialachán SMP chomh héifeachtach agus a d'fhéadfadh sí a bheith. Ábhar imní freisin é cibé acu atá nó nach bhfuil dóthain airde tugtha ag Eircom ar bhearta rialachais a bhfuil sé mar aidhm leo a chinntiú go bhfuil réitigh a bhaineann le PIA á gcomhlíonadh. Sa tréimhse amach romhainn, athbhreithneoidh ComReg éifeachtacht ghinearálta na réiteach a bhaineann le PIA atá bunaithe cheana féin. Tá breathnóireacht agus meastóireacht déanta agus á ndéanamh ag ComReg ar fheidhmiú agus ar éifeachtacht RGM go ginearálta, trí athbhreithniú a dhéanamh ar SOCanna nuair a fhógraítear iad mar shampla. Chomh maith leis sin, déanann ComReg measúnú ar shocruithe rialachais Eircom i gcomhthéacs athbhreithniú stairiúil

## Monatóireacht Ghníomhach

**6.31** ComReg actively monitors the markets it regulates to ensure they function in a way that is consistent with the legal and regulatory obligations imposed in those markets. ComReg does this in a number of ways:

- regular and timely collection of relevant market data and information
- direct monitoring of regulatory obligations (e.g. wholesale pricing tariffs)
- the review of price lists and product documentation
- engagement with industry, either directly or through various fora
- the monitoring of queries and complaints to ComReg's consumer care line
- the monitoring of online fora and social media
- engagement with other public and regulatory bodies (e.g. the CCPC)

**6.32** Déanann ComReg breathnóireacht agus monatóireacht leanúnach ar ghníomhaíochtaí oibritheora sa mhargadh. Anuas air sin, más cuí, úsáideann ComReg uirlisí cosúil le rúnsiopadóireacht agus éisteacht shóisialta chun bonn eolais a sholáthar dá ghníomhaíochtaí comhlíonta miondíola. Sa chás go gcinntear go bhféadfadh imní a bheith ag baint le réimse ar leith, déanfaidh ComReg imscrúdú.

## Forfheidhmiú Spriocdhírithe

**6.33** Tá próisis inmheánacha (lena n-áirítear bailiú fianaise, scríobh tuairiscí agus athbhreithniú dlíthiúil) san áireamh i ngníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe ComReg sna suíomhanna forfheidhmithe difriúla agus tá siad fréamhaithe go domhain sa chóras dlí agus rialála. Go minic, bíonn imscrúduithe ComReg casta nó ilghnéitheach agus ní mór iad a dhéanamh ar bhealach atá neamhchlaonta agus ceart ó thaobh nós imeachta de. Ciallaíonn an meascán seo de chastacht agus aird a thabhairt ar phróis chuí go mb'fhéidir go dtógfadh sé roinnt mhaith ama imscrúduithe a dhéanamh. Sa chomhthéacs seo, is í sprioc ComReg go bhfuil gníomhaíochtaí **comhlíonta agus forfheidhmithe ComReg** á ndéanamh trí úsáid a bhaint as próisis chothroma agus oibiachtúla agus tá siad spriocdhírithe agus eagraithe in ord tosaíochta de réir mar is cuí.

**6.34** Mar bhealach chun ullmhú don uair a mbeidh cumhachtaí forfheidhmithe riachtanacha á bhfáil ag ComReg (e.g. cumhachtaí chun smachtbhannaí airgeadais riaracháin a fhorchur), leanfaidh ComReg lena chleachtais agus modheolaíochtaí forfheidhmithe a fhorbairt. Anuas air sin, sa tréimhse amach romhainn, breithneoidh ComReg cibé acu atá nó nach bhfuil sé oiriúnach faisnéis agus treoir bhreise maidir le gnéithe áirithe dá chleachtais agus modheolaíochtaí imscrúdaithe comhlíonta a fhoilsiú.


**6.35** Ciallaíonn na socruithe forfheidhmithe difriúla ina bhfuil ComReg ag feidhmiú nach mór cur chuige tosaíochta a shaincheapadh do na himthosca ábhartha.

## Sprioc 4.2

**Tá gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe ComReg á ndéanamh trí úsáid a bhaint as próisis chothroma agus oibiachtúla agus tá siad spriocdhírithe agus eagraithe in ord tosaíochta de réir mar is cuí.**

6.36 I gcomhthéacs bhainistíocht an speictrim, tá sé mar aidhm le cur chuige ComReg maidir le gearáin a bhaineann le trasnaíocht radaimhinicíochta ('**RFI**') acmhainní ComReg a úsáid le haghaidh cásanna de chur isteach díobhálach a bhfuil an tionchar is mó acu ar chumas an ghearánaigh seirbhísí a sholáthar. Is é an aidhm atá ag ComReg cásanna atá eisceachtúil a fhreagairt láithreach agus tús áite a thabhairt do ghearáin a bhaineann le TFI dá réir sin, agus amanna freagartha chun déileáil le gearáin a shainiú go soiléir.[94] Chomh fada is a bhaineann le sábháilteacht táirge, glacann ComReg le cur chuige rioscabhunaithe maidir le déileáil le cásanna in ord tosaíochta. Beidh cur chuige ComReg maidir le hOibritheoir Eacnamaíoch bunaithe ar dhearcadh an Oibritheora Eacnamaíoch ar a oibleagáidí. Tá léargas air seo le fáil i bhFigiúr 11 thíos:

**Figiúr 11: Forfheidhmiú Faireachas Trealamh Raidió**




94 Tá tuilleadh sonraí maidir le hImscrúduithe ar Thrasnaíocht Raidió le fáil ar ár suíomh gréasáin ag: https://www.comreg.ie/industry/radio-spectrum/spectrum-compliance/radio-interference/

6.37 Chomh fada is a bhaineann le reachtaíocht mhórdhíola, tugtar tús áite d'fhorfheidhmiú i gcásanna ina bhfuil an poitéinseal is mó ag baint le hiompraíocht oibritheora díobháil a dhéanamh d'iomaíocht – go díreach agus mar thoradh ar iontaoibh oibritheoirí eile in éifeachtacht agus intuarthacht an chórais rialála a laghdú. D'fhéadfadh nach mbeadh an leibhéal tosaíochta céanna ag baint le sáruithe a thagann chun solais mar gheall ar chóras rialaithe inmheánaigh an oibritheora SMP má tá siad á dtuairisciú go trédhearcach, agus á réiteach go réamhghníomhach agus go héifeachtach, agus dírítear freisin ar theip na rialuithe a bhí mar bhonn leis an sárú. Déanfaidh ComReg cuntas de dhéine an tsáraithe freisin, áfach, nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh aige maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart gníomhaíocht forfheidhmithe a eagrú in ord tosaíochta.

6.38 Chomh fada is a bhaineann le cosaint tomhaltóirí, féadfar cásanna a eagrú in ord tosaíochta trí mheasúnú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an oibleagáidí ábhartha i gcinntiú go bhfuil cead ag úsáideoirí deiridh seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach. D'fhéadfaí an measúnú seo a bhunú ar threochtaí atá le tabhairt faoi deara i ngearáin faighte ón bpobal trí fhoireann tomhaltóirí ComReg agus suíomh gréasáin ComReg. Tá béim á leagan ar a chinntiú go bhfuil praghas, rogha agus cáilíocht á gcosaint agus ar mhonatóireacht a dhéanamh ar oibleagáidí conartha, billeáil, aistriú, neodracht idirlín agus sásamh a lorg a chomhlíonadh. Glacann ComReg go dáiríre le haon sáruithe ar oibleagáidí a bhfuil sé mar aidhm leo rochtain ar ECAS a chinntiú mar gheall ar an tábhacht shoiléir a bhaineann le glaonna éigeandála. I gcomhthéacs PRS, príomhábhar imní é a chinntiú go bhfuil toiliú eolasach soiléir á cheadú.

## Díspreagadh Éifeachtach

6.39 Úsáideann ComReg a chumhachtaí forfheidhmithe reatha chun caingne coiriúla agus sibhialta a bhunú i gcoinne soláthraithe seirbhíse ECN / ECS agus PRS neamhchomhlíontacha. Déanann sáruithe rialála díobháil do thomhaltóirí, gnólachtaí, an tionscal agus iomaíocht go ginearálta. Cinntíonn cumhachtaí agus smachtbhannaí forfheidhmithe éifeachtacha go bhfuil díspreagadh iontaofa ann, i ndáil leis an bpáirtí a phíonósú agus i ndáil le páirtithe rialaithe eile sa mhargadh. Sa chomhthéacs seo, is í sprioc ComReg **go bhfuil tacar éifeachtach cumhachtaí ag ComReg chun comhlíonadh a dhreasú agus chun monatóireacht agus forfheidhmiú éifeachtach a dhéanamh**.

### Sprioc 4.3

**Tá tacar éifeachtach cumhachtaí ag ComReg chun comhlíonadh a dhreasú agus chun monatóireacht agus forfheidhmiú éifeachtach a dhéanamh.**

6.40 Foráiltear in an tAcht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023, agus sna hIonstraimí Reachtúla Aireachta ábhartha agus san IR a bhfuil an Cód (I.R. 444 de 2022) á thrasuí aige, do chóras forfheidhmithe nua lena n-áirítear an chumhacht smachtbhannaí airgeadais riaracháin a fhorchur agus cumhachtaí imscrúduithe ComReg a nuashonrú. Déantar foráil ar bhreithniú mar shásra chun cinneadh a dhéanamh maidir le sáruithe agus chun réitigh a fhorchur cosúil le haisíocaíochtaí tomhaltóirí, cúiteamh, ceanglas chun sárú a scor agus/nó a réiteach.

### Imscrúduithe

6.41 Faoi Acht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023, sa chás go bhfuil

amhras ar Oifigeach Údaraithe ceaptha ag ComReg go bhfuil sárú rialála déanta nó á dhéanamh ag duine, féadfaidh sé nó sí 'fógra maidir le neamhchomhlíonadh amhrasta' ('NSNC') a eisiúint chuig an duine ábhartha (an 'Duine a dTugtar Fógra Dó nó Di'). Féadfaidh ComReg an NSNC a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin freisin. Sonróidh an NSNC forais amhras an Oifigigh Údaraithe agus roinnfidh sé eolas leis an Duine a dTugtar Fógra Dó nó Di maidir lena cheart aighneachtaí a dhéanamh mar fhreagairt. Chomh maith leis sin, cuirfidh an tOifigeach Údaraithe na hábhair a úsáideadh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an neamhchomhlíonadh amhrasta ar fáil don Duine a dTugtar Fógra Dó nó Di.

**6.42** Sula gcuirfear tús le himscrúdú ar an sárú amhrasta (nó nuair atá an t-imscrúdú á dhéanamh ar choinníoll nach bhfuil cinneadh deiridh déanta ag breitheoir), sonraítear in an tAcht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023, gur féidir le ComReg agus leis an Duine a dTugtar Fógra Dó nó Di:

- Páirt a ghlacadh i gcomhaontú a bhfuil sé mar aidhm leis an cheist a réiteach;
- Páirt a ghlacadh i ngealltanais cheangailteacha molta ag an Duine a dTugtar Fógra Dó nó Di chun déileáil leis an sárú, agus foilseofar na gealltanais deiridh ar láithreán gréasáin ComReg nuair a bheidh siad comhaontaithe agus forghníomhaithe; nó
- Teacht ar chomhaontú maidir le réiteach na ceiste, agus ina dhiaidh sin ullmhóidh an tOifigeach Údaraithe tuairisc ina leagfar amach na sonraí ábhartha (lena n-áirítear aon smachtbhannaí riaracháin atá le forchur ar an Duine a dTugtar Fógra Dó nó Di) agus atreorófar an cheist chun críche breithnithe nuair a bheidh toiliú faighte.

**6.43** Féadfaidh Oifigigh Údaraithe imscrúduithe mionsonraithe a dhéanamh ar sháruithe amhrasta agus, le cois na gcumhachtaí reatha faoi Acht 2022, lena n-áirítear an chumhacht dul isteach in áitreabh/feithiclí agus doiciméid agus taifid eile a urghabháil de réir mar is gá, bronnann an tAcht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023, cumhachtaí breise chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- A cheangal ar dhaoine áirithe ar féidir leo rochtain ar ríomhairí agus ar threalamh sonraí eile a éascú in áitreabh/feithicil áirithe chun cabhrú leis an Oifigeach Údaraithe sa chomhthéacs seo; agus
- Aon ríomhaire nó trealamh eile a urghabháil de réir mar a bhreithníonn an tOifigeach Údaraithe atá oiriúnach.

**6.44** I ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar an neamhchomhlíonadh amhrasta, dúnfaidh Oifigeach Údaraithe an t-imscrúdú gan aon ghníomh breise a dhéanamh nó, sa chás go bhfuil amhras ar an Oifigeach Údaraithe gur tharla sárú, Tuarascáil Atreoraithe a ullmhú agus, faoi réir thoiliú an Choimisinéara, an cheist a atreorú chun críche breithnithe.

## Breithniú:

**6.45** Foráiltear in Acht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023, go gceapfaidh an tAire daoine atá ainmnithe ag ComReg chun páirt a ghlacadh i bpainéal breithneoirí, a bheidh ag feidhmiú go neamhspleách le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh agus nach mbeidh aon ról acu san imscrúdú.

**6.46** Nuair a fhaightear deimhniú maidir le ceist a bheith atreoraithe le haghaidh breithnithe a bheidh á dhéanamh ag Oifigeach Údaraithe, is féidir leis an Duine a dTugtar Fógra Dó nó Di aighneachtaí i scríbhinn maidir leis an Tuarascáil Atreoraithe a dhéanamh. Tabharfaidh an tAcht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023, an méid seo a leanas do bhreithneoirí, cumhachtaí atá cosúil le cumhachtaí na hArd-Chúirte:

- treorófar ComReg nó páirtí amháin nó níos mó chun ceisteanna a fhreagairt, fianaise a thabhairt ar aird, leabhair agus doiciméid a chur ar fáil, nó saincheist fíorais a shoiléiriú,
- éisteacht ó bhéal a reáchtáil,

- finné a ghairm chun fianaise a thabhairt nó freastal ar éisteacht ó bhéal (lena n-áirítear mionn nó dearbhú).

**6.47** Glacfar le neamhchomhlíonadh le treoracha na mbreithneoirí nó toghairm finné mar ghairm agus d'fhéadfadh go mbeadh na hiarmhairtí seo a leanas ag a leithéid:

- Ar chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 a íoc nó príosúnacht le haghaidh téarma nach faide ná 6 mhí (nó an dá rud); nó
- Ar chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €250,000 a íoc nó príosúnacht le haghaidh téarma nach faide ná 5 bliana (nó an dá rud).

**6.48** I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar an bhfianaise ar fad a cuireadh ar fáil, féadfaidh na breithneoirí cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil, bunaithe ar chothroime dóchúlachta, cion rialála déanta ag an Duine a dTugtar Fógra Dó nó Di. Sa chás go gcinneann na breithneoirí gur tharla sárú rialála, féadfaidh siad bearta a fhorchur a mheastar atá riachtanach chun an sárú a réiteach, lena n-áirítear:

- A ordú go n-íocfar pionós airgeadais, más gá, nach sáraíonn:
  - maidir le cuideachta, €5 mhilliún nó 10% de láimhdeachas bliantúil na cuideachta; nó
  - maidir le duine nádúrtha, €500,000 nó 10% d'ioncam bliantúil an duine aonair.
- A ordú go n-íocfar aisíocaíocht agus/nó cúiteamh leis an úsáideoir deiridh sa chás go raibh tionchar éagórach ag an sárú ábhartha air nó uirthi; agus
- A ordú go ndéanfaidh údarú ginearálta an Duine a dTugtar Fógra Dó nó Di a chur ar fionraí nó a aistarraingt, sa chás go mbreithníonn an breithneoir go ndearna an Duine a dTugtar Fógra Dó nó Di sáruithe tromchúiseacha nó éagsúla.

**6.49** Ní mór don Ard-Chúirt gach cinneadh a dhéanamh an breithneoirí a dheimhniú, a sheasfaidh leis an gcinneadh mura mbreithnítear go bhfuil sé díréireach, earráideach nó go bhfuil earráid dlí ann. Féadfaidh Duine a dTugtar Fógra Dó nó Di cinneadh na mbreithneoirí a achomharc chuig an Ard-Chúirt laistigh de 28 lá ón uair a ndéantar an cinneadh (féadfar síneadh a chur leis an spriocdháta seo in imthosca maolaitheacha).

## Rialacháin Nua maidir le Faireachas Margaidh

**6.50** Is é atá mar aidhm leis an Rialachán Nua maidir le Faireachas Margaidh (AE) 2019/1020 ("**MSR**")[95] faireachas margaidh a fheabhsú agus a nuachóiriú, trí dhíriú ar roinnt easnamh a bhain leis an gcreat faireachas margaidh a bhí bunaithe roimhe seo[96], go suntasach, slabhraí soláthair casta a bhaineann le díolacháin idirlín agus díoltóirí tríú páirtí (neamh-AE).

**6.51** Is é atá mar aidhm le MSR faireachas margaidh san Eoraip a fheabhsú, trí fhorálacha a bhunú d'údaráis custam agus d'oibritheoirí ríomhthráchtála. Lena chois sin, tá soláthraithe seirbhíse comhlíonta áirithe san áireamh in oibleagáidí áirithe anois[97], agus teastaíonn teagmhálaí san AE le haghaidh táirgí ó thríú tíortha.

**6.52** Clúdaítear roinnt píosaí de reachtaíocht táirge, lena n-áirítear Trealamh Raidió, an Treoir maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach agus Treoracha maidir le Voltas Íseal. Anuas air sin, moltar go mbunófaí Oifig Idirchaidrimh Aonair ('**SLO**') do gach Ballstát, agus Líonra um Chomhlíonadh Táirge ('**PCN**') san AE, a dhíreoidh ar cheisteanna ginearálta, cothrománacha a bhaineann le faireachas margaidh, agus é mar aidhm éifeachtacht agus comhoibriú feabhsaithe idir Ballstáit a chinntiú.

95 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:32019R1020
96 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32008R0765&from=EN
97 Sainmhínithe in MSR mar "...aon duine nádúrtha nó dlíthiúil a thairgeann, i rith gníomhaíocht tráchtála, dhá cheann de na seirbhísí seo a leanas: trádstóráil, pacáistiú, seolachán agus seachadadh,..."

**6.53** Thug Parlaimint na hEorpa[98] le fios fad is a bhí an reachtaíocht á plé go mbíonn ar Úsáideoirí Deiridh "déileáil le rioscaí nuair a bhíonn earraí a d'fhéadfadh a bheith dainséarach á gceannach acu nó nuair a bheidís ag obair leo. D'fhéadfadh earraí neamhchomhlíontacha an timpeallacht a scriosadh freisin. Ar an dara dul síos, bheadh ar ghnóthaí déileáil le hiomaíocht éagórach ó ghnóthaí neamh-chomhlíontacha: meastar go bhfuil na costais chomhlíonta iomlána cothrom le 0.48 % de láimhdeachas cuideachta agus  nach bhfuil gnóthaí neamhchomhlíonta ag déileáil leo". Sainaithníodh 4 phríomhchuspóir:

i nósanna imeachta comhoibrithe a bhaineann le faireachas margaidh a threisiú i measc Ballstát;

ii acmhainn forfheidhmiú oibríochtúil a mhéadú;


iii an tsraith straitéisí forfheidhmithe atá ar fáil d'údaráis faireachas margaidh a threisiú; agus

iv tacú le comhlíonadh trína chinntiú go bhfuil faisnéis maidir le reachtaíocht chomhchuibhithe an AE níos inrochtana..

**6.54** Tháinig MSR i bhfeidhm ar an 16 Iúil 2021 agus ainneoin gur féidir an Rialachán a chur i bhfeidhm go díreach, chun críocha forfheidhmithe, ní mór do gach roinn rialtais ábhartha sa Stát a reachtaíocht feidhmithe féin a fhorbairt chun tacú leis an reachtaíocht táirge ábhartha.

**6.55** Sa tréimhse amach romhainn, leanfaidh ComReg ar aghaidh ag obair le DECC ar na hathruithe reachtúla atá riachtanach d'fhonn a chinntiú go bhfuil na cumhachtaí agus acmhainní riachtanacha ag ComReg d'fhonn a chinntiú gur féidir forálacha faireachas margaidh MSR a chur chun feidhme de réir mar a shamhlaítear.

98 https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/BRIE/2018/615652/EPRS_BRI(2018)615652_EN.pdf



# 7

## Eagrú ComReg

# 7. Eagrú ComReg

## Réamhrá

7.1 Tá ComReg ag feidhmiú i dtimpeallacht dhúshlánach atá ag athrú go tapa, chomh fada is a bhaineann leis na margaí atá á rialú ag ComReg agus an comhthéacs beartais. Tá iarracht á déanamh ag ComReg feidhmiú mar eagraíocht ghníomhach agus sholúbtha, atá in ann freagairt don timpeallacht atá ag athrú go tapa agus déileáil le saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar chumas ComReg a Mhisean a chomhlíonadh go tráthúil.

| | |
|---|---|
| **Aidhm Straitéiseach 5:** | **Is rialtóir éifeachtach, solúbtha agus ábhartha é ComReg** |
| **Céard atá i gceist?** | • Glactar le ComReg mar cheannaire i réimse na smaointeoireachta agus tá meas ag daoine eile, ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar thuairimí ComReg.<br>• Soláthraíonn ComReg ardleibhéal de luach poiblí. |

7.2 Leagtar amach sa Chaibidil seo na spriocanna a bhaineann lenár n-aidhm straitéiseach feidhmiú mar **rialtóir éifeachtach, solúbtha agus ábhartha**. Tá cumas ComReg a Mhisean a chomhlíonadh bunaithe ar cheithre phríomhthionscnóir an ratha eagraíochtúil:

- Rialtóir Eolasach a bhfuil domhaintuiscint aige ar an earnáil;
- Rannpháirtíocht Réamhghníomhach le Páirtithe Leasmhara;
- Ár Sainordú Forbarthach; agus
- Ár nDaoine agus Próisis.

7.3 Cabhraíonn rath faoin gceithre cheannteideal seo leis an seans go n-éireoidh le ComReg a haidhmeanna straitéiseacha atá sonraithe sna caibidlí roimhe seo a chomhlíonadh, agus a mhisean, i ndeireadh na dála.

## ComReg mar Rialtóir Eolasach

7.4 Ionas gur féidir le ComReg feidhmiú mar rialtóir eolasach, ní mór go mbeadh rochtain aige ar shonraí atá ar ardchaighdeán agus iontaofa ar bhealach tráthúil agus foireann oilte atá in ann tabhairt faoi anailís chun tacú le taighde agus léargas ar ardchaighdeán. Úsáideann ComReg sonraí agus faisnéis ó raon leathan foinsí ar roinnt bealaí. Mar shampla:

- **Cinnteoireacht Rialála:** Tá freagracht ar ComReg a chinntiú go n-eascraíonn cinntí rialála as anailís thráthúil, oibiachtúil atá bunaithe ar shonraí atá ar ardchaighdeán agus cruinn.
- **Monatóireacht, comhlíonadh agus forfheidhmiú:** Comhlíonann ComReg róil éagsúla a bhaineann le monatóireacht agus forfheidhmiú a chomhlíonadh, cosúil le coinníollacha ceadúnaithe speictrim a chomhlíonadh.

- **Eolas a roinnt leis an earnáil thionsclaíoch agus le húsáideoirí deiridh:** Bailíonn ComReg sonraí agus faisnéis staitistiúil ar mhaithe le heolas a chur ar fáil do thomhaltóirí agus don earnáil thionsclaíoch. Cuirtear na sonraí staitistiúla ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin ComReg.

## Sprioc 5.1

**Tá tuiscint mhaith ag ComReg ar an margaí atá á rialú ag ComReg agus ar mhargaí gaolmhara.**

7.5 Chomh maith leis sin, ní mór go mbeadh tuiscint chuimsitheach ag ComReg ar na dreasachtaí a bheidh le cur san áireamh ag oibritheoirí tionscail. Sa chomhthéacs seo, bailímid faisnéis a chabhraíonn linn treochtaí margaidh a shainaithint agus foinsí dóchúla de theip margaidh a chabhraíonn le haidhmeanna straitéiseacha ComReg a chomhlíonadh. Sa chomhthéacs seo, is í sprioc ComReg **teacht ar thuiscint mhaith ar na margaí atá á rialú ag ComReg agus ar na margaí gaolmhara**.

7.6 Sa chás gur féidir sonraí tráthúla agus cruinne a bhailiú ó sholáthraithe ECS / ECN agus soláthraithe OTT ábhartha, is é an aidhm atá ag ComReg an t-ualach atá orthu siúd nach mór dóibh a leithéid de shonraí a aimsiú agus a bhailiú. Más gá, féadfaidh ComReg a chumhachtaí dlíthiúla faoin Acht agus/nó ionstraimí reachtúla a úsáid chun sonraí agus faisnéis a bhailiú ón tionscal. A mhéid is féidir, déanann ComReg iarracht an úsáid a bhaineann sé as na cumhachtaí dlíthiúla seo a shaincheapadh agus oibriú leis an earnáil thionsclaíoch chun sonraí a bhailiú ar bhonn deonach.

## Sprioc 5.2

**Tacaíonn soláthar rialta agus tráthúil sonraí iontaofa agus cruinne cinnteoireacht stuama fhianaisebhunaithe, monatóireacht éifeachtach ar an margadh agus gníomh eolasach.**

7.7 Dá réir sin, is í an dara sprioc atá ag ComReg a bhaineann le sonraí go mbeadh soláthar rialta agus tráthúil sonraí iontaofa agus cruinne ag tacú le cinnteoireacht stuama fhianaisebhunaithe, monatóireacht éifeachtach ar an margadh agus gníomh eolasach.

7.8 Sa bhreis ar shonraí bailithe go díreach ó sholáthraithe ECS / ECN agus soláthraithe OTT ábhartha, déanann ComReg iarracht cur lena cheanglais sonraí trí úsáid a bhaint as sonraí atá bailithe ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear taighde tomhaltóirí trí thaighde margaidh, taighde déanta ag daoine eile (e.g. an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ('**ESRI**')) agus sonraí faighte ag ComReg ó thríú páirtithe speisialaithe.

7.9 Ar aon dul le Straitéis Sonraí Oscailte na hÉireann, tá ComReg ag glacadh páirte i bpróiseas a bhfuil sé mar aidhm aige tacair sonraí oiriúnacha a shainaithint atá le foilsiú i bhformáid Sonraí Oscailte. Tá cinneadh déanta ag ComReg glacadh le cur chuige "Oscailte trí Mhainneachtain" maidir le sonraí, rud a chinntíonn go mbeidh sonraí a bhailítear mar chuid dá dhualgais rialála á mbreithniú le foilsiú mar Shonraí Oscailte, faoi réir aon srianta riachtanacha (e.g. mar gheall ar rúndacht).

7.10 Óstálann Tairseach Sonraí ComReg sonraí a bhaineann lena Thuarascáil Ráithiúil Príomhshonraí ('**QKDR**'). Tá an méid sonraí dá leithéid atá á fhoilsiú ag ComReg athchothromaithe aige ar shlí a chiallaíonn go

bhfuil líon níos mó sonraí loma agus cairteacha ar fáil ar an Tairseach Sonraí anois, agus tá an QKDR leasaithe freisin chun díreach príomh-mhéadracht a chur i láthair. Sa tréimhse amach romhainn, leanfaidh tairseach sonraí ComReg ag fás agus beidh an tairseach seo ag feidhmiú mar fhoinse shuntasach sonraí a bhaineann leis an earnáil ECS.

7.11 Gaolmhar leis na dá sprioc seo, sa tréimhse amach romhainn, tá roinnt príomhthionscnamh beartaithe ag ComReg:

- **Straitéis sonraí:** Glacann ComReg le sonraí mar shócmhainn. Mar gheall ar líon agus doimhneacht mhéadaithe na bhfoinsí sonraí atá á bpróiseáil ag ComReg chun bonn eolais a chur ar fáil do chinnteoireacht rialála, ní mór go mbeadh straitéis sonraí na heagraíocht ailínithe leis na forbairtí leanúnacha seo. Chuige sin, tá gá le sonraí láidre agus iontaofa mar aon le sárscileanna daoine, próisis éifeachtach agus úsáid dea-chleachtais as teicneolaíocht d'fhonn a chinntiú gur féidir le ComReg a cheanglais leanúnacha a chomhlíonadh. Leanfaidh ComReg ar aghaidh lena straitéis sonraí a fhorbairt chun na riachtanais seo a chomhlíonadh.
- **Scileanna Sonraí:** Leanfaidh ComReg ar aghaidh le feabhsuithe leanúnacha a fhorbairt agus a dhéanamh i ndáil le scileanna sonraí trí oiliúint fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil.
- **Sonraí Oscailte agus Sonraí atá ar Fáil Go Poiblí:** Leanfaidh ComReg ar aghaidh le tuilleadh deiseanna a shainaithint chun faisnéis maidir le príomh-mhéadracht a roinnt agus a chinntiú go bhfuil sonraí ábhartha á gcur ar fáil faoina chaighdeán 'Oscailte trí Mhainneachtain'.
- **Tionscadal Sonraí Eolas Margaíochta:** Is é an aidhm atá leis an Tionscadal Sonraí Eolas Margaíochta iarratas sonraí cobhsaí a bhunú d'oibritheoirí agus iarratais sonraí ad-hoc bhreise a laghdú a chinntiú go bhfuil faisnéis ghráinneach á cur ar fáil go tráthúil. As seo go ceann tamaill, déanfar athbhreithniú ar an tacar sonraí a bhaineann le hIoncam agus leis an Margadh Móibíleach.
- **Taighde ComReg:** Thar thréimhse na Straitéise ECS seo, déanfaidh ComReg taighde a bhaineann leis na margaí atá á rialú aige, rolladh amach líonra agus eispéireas tomhaltóirí.
- **Taighde Neamhspleách Tríú Páirtí:** Leanfaidh ComReg ar aghaidh ag tacú leis an obair atá á déanamh ag daoine eile, cosúil le ESRI, an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) agus an tIonad um Rialáil san Eoraip (CERRE). Trí bheith ag obair leis na taighdeoirí seo, beidh rochtain ag ComReg ar fhoinsí agus teicnící sonraí nua eile nach mbeadh ar fáil don eagraíocht seachas sin.

## Rannpháirtíocht & Abhcóideacht Páirtithe Leasmhara

7.12 Tá raon leathan páirtithe leasmhara ag ComReg lena n-áirítear tomhaltóirí aonair agus a ngrúpaí ionadaíocha, oibritheoirí cumarsáide leictreonaí agus poist agus a ngrúpaí ionadaithe tionscail, páirtithe leasmhara rialtais náisiúnta (e.g. DECC) agus comhlachtaí idirnáisiúnta cosúil le ITU, RSPG, Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Poist ('ERGP'), Ofcom UK, BEREC agus an Coimisiún Eorpach. Ceann de luachanna eagraíochtúla ComReg é trédhearcacht, agus glacann sé leis gur féidir go leor tairbhe a bhaint as rannpháirtíocht ionraic le gach páirtí leasmhara. Sa chomhthéacs seo, is í **sprioc ComReg go mbeadh rannpháirtíocht réamhghníomhach ag tarlú le páirtithe leasmhara éagsúla.**

### Sprioc 5.3

**Tá cur chuige réamhghníomhach ag ComReg maidir le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara éagsúla.**

7.13 Más cuí, feidhmíonn ComReg mar rialtóirí eolasach agus eolach, a bhfuil iarracht á déanamh aige ionadaíocht a dhéanamh ar dhaoine eile, oideachas a chur ar dhaoine eile,

abhcóideacht a dhéanamh ar son daoine eile agus eolas maidir leis an earnáil ECS a roinnt le daoine eile, agus eolas a roinnt freisin maidir le teicneolaíochtaí teileachumarsáide agus an caidreamh atá ag forbairt idir an earnáil agus earnálacha gaolmhara. Tá sé seo á dhéanamh againn trí roinnt cainéal, lena n-áirítear taighde agus doiciméid atá á bhfoilsiú againn, rannpháirtíocht i bhfóraim éagsúla (e.g. an Tascfhórsa Móibíleach agus Leathanbhanda) agus tinreamh ag éisteachtaí an Choiste Oireachtais.

7.14 Comhoibríonn ComReg le Ranna rialtais, comhlachtaí poiblí agus comhlachtaí rialála eile in Éirinn go rialta trí fhóraim cosúil le Líonra na Rialtóirí Eacnamaíochta ('**ERN**') agus Grúpa na Rialtóirí Digiteacha ('**DRG**'). Tá meas ag ComReg ar rannpháirtíocht i ngrúpaí dá leithéid de bhrí go gceadaíonn siad roinnt eolais, freagairtí rialála níos fearr ar cheisteanna leathana (cosúil le margaí digiteacha) agus feidhmíonn siad mar fhóraim a éascaíonn tuairimí comhchoiteanna maidir le díospóireachtaí beartais a fhorbairt. Bhunaigh an tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022, Rialtóir nua, An Coimisiún na Meán[99], chun maoirseacht a dhéanamh ar agus chun creataí rialála nua agus nuashonraithe do chraoltóireacht, seirbhísí meán closamhairc agus sábháilteacht ar líne. Tá ComReg ag súil le bheith ag obair le An Coimisiún na Meán amach anseo ar réimsí a bhfuil suim acu beirt iontu.

## Engagement with Industry

7.15 Tá ComReg airdeallach ar an ngá atá lena mhodh cumarsáide a chur in oiriúint do ghrúpaí páirtithe leasmhara difriúla. Tá ár modhanna rannpháirtíochta bunaithe ar roinnt foirmeacha, lena n-áirítear:

- Comhairliúchán foirmiúil;
- Fóraim tionscail agus páirtithe leasmhara;
- Ár Suíomhanna Gréasáin Tionscail; agus
- Coistí Oireachtais.

7.16 As seo go ceann tamaill, tá sé beartaithe ag ComReg díriú ar roinnt príomhthionscnamh tionscail:

- **Straitéis cumarsáide:** Cinnteoidh ComReg go mbeidh a Straitéis Cumarsáide solúbtha agus inoiriúnaithe ionas go mbeifear in ann déileáil le héilimh agus riachtanais athraitheacha a pháirtithe leasmhara ar fad san earnáil.
- **Tascfhórsa Móibíleacha agus Leathanbhanda:** D'athnuaigh an Rialtas téarmaí tagartha an Tascfhórsa Mhóibíligh agus Leathanbhanda in 2021. Sa tréimhse a chlúdaítear sa Straitéis seo, leanfaidh ComReg ar aghaidh ag tacú leis an obair atá á déanamh ag an Tascfhórsa.
- **Imeachtaí Páirtithe Leasmhara Poiblí:** Sa tréimhse a chlúdaítear sa Ráiteas Straitéise ECS seo, tá sé beartaithe ag ComReg roinnt imeachtaí a eagrú do pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear seimineáir ghréasáin do pháirtithe leasmhara agus comhdháil náisiúnta. Reáchtáil ComReg comhdháil náisiúnta i Márta 2023.

## Rannpháirtíocht le Tomhaltóirí agus leis an bPobal

7.17 Mar atá leagtha amach i gCaibidil 4, baineann fíorthábhacht le Rannpháirtíocht le Tomhaltóirí d'fhonn a chinntiú go bhfuil tomhaltóirí eolach ar a gcearta, lena n-áirítear cearta tomhaltóirí nua atá leagtha amach in ECCS agus sa reachtaíocht náisiúnta ghaolmhar. San áireamh inár rannpháirtíocht le tomhaltóirí aonair tá teagmháil tríd an teileafón agus ríomhphost. Déanaimid teagmháil leis an bpobal trí chéile trí fhaisnéis a chur ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta, agus trí nuacht do thomhaltóirí a chur i dtoll a chéile; fógraíocht ar an raidió agus sa phreas.

7.18 In 2020, bhunaíomar an branda tomhaltóirí, '**ComReg Connects**', lena chinntiú go n-aithníonn tomhaltóirí agus an pobal i gcoitinne ComReg mar bhranda a bhfuil ról lárnach aige i gcosaint tomhaltóirí, branda a léiríonn cén cineál eagraíochta é ComReg agus cén cineál oibre atá á dhéanamh aige.

99 Mar thoradh ar achtú Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022, lánscoireadh BAI agus bunaíodh Coimisiún na Meán

7.19 Tá ComReg tiomanta do leanúint ar aghaidh le 'comhairle agus tacaíocht iontaofa' a sholáthar. Leanfaidh ComReg leis an méid seo a dhéánamh trí chumarsáid thrédhearcach a úsáideann teanga shothuigthe nuair a bhíonn sé ag déileáil le tomhaltóirí agus leis an bpobal.

ComReg Connects
Trusted Advice and Support

7.20 Chomh maith leis sin, tairgimid roinnt uirlisí chun cabhrú le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach. Tá tuilleadh eolais maidir lenár rannpháirtíocht le Tomhaltóirí agus leis an bPobal le fáil i gCaibidil 4.

## Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

7.21 Éilíonn nádúr na hearnála ECS comhoibriú idirnáisiúnta agus cuir chuige comhchuibhithe. Éascaíonn an comhoibriú idirnáisiúnta seo timpeallacht oscailte agus iomaíoch a fhorbairt ina féidir tacú le nuálaíocht, cruthaitheach agus iomaíocht. Tá ComReg páirteach sa phlé a bhaineann le beartas rialála agus cuireann sé le cinnteoireacht rialála i suíomh idirnáisiúnta. Bainistíonn agus forbraíonn ComReg ionchur rialála na hÉireann chun tacú le beartas, caighdeáin agus reachtaíocht Eorpacha agus idirnáisiúnta a fhorbairt.

7.22 Tá ComReg ag obair go leanúnach le comhlachtaí rialála éagsúla ag leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí BEREC, EaPeReg[100], i dteannta le Ofcom (UK), OECD, RSPG agus CEPT. I gcásanna áirithe, bhí róil cheannaireachta ag ComReg sna comhlachtaí seo, mar gheall ar a sheasamh mar rialtóir atá dírithe ar shaineolas agus ar eolas. Tá ról lárnach ag comhoibriú idirnáisiúnta agus eolas a roinnt lena leithéid de chomhlachtaí chun déileáil leis na dúshláin atá le sárú againn mar rialtóirí sa domhan digiteach.

## Sprioc 5.4

**Cuireann ComReg le agus foghlaimíonn sé ó dhea-chleachtas idirnáisiúnta.**

7.23 Déanann ComReg iarracht cur le agus foghlaim ó dhea-chleachtais daoine eile agus cuireann sé líon suntasach acmhainní ar fáil chun anailísí rialála agus cinntí déanta ag a chomhghleacaithe idirnáisiúnta a thuiscint. Mar náisiún oileánda beag san Aontas Eorpach, is féidir le hÉirinn agus le ComReg go leor a fhoghlaim ó chomhghleacaithe i dtíortha eile, ach freisin, saineolas a roinnt le daoine eile sa chás go bhfuil níos mó eolais nó taithí ag ComReg sa réimse spéise. Sa chomhthéacs seo, is í sprioc **ComReg go gcuireann ComReg le agus go bhfoghlaimíonn sé dó dhea-chleachtas idirnáisiúnta.**

## Ár Sainordú agus Ról Athraitheach

7.24 Mar chomhlacht reachtúil, tá ComReg ag feidhmiú de réir creat reachtúil sainithe. Ionad gur féidir le ComReg feidhmiú mar rialtóir éifeachtach agus ábhartha, ní mór dó feidhmiú laistigh de chomhthéacs dlí oiriúnach agus ní mór go mbeadh cumhachtaí cuí agus leordhóthanacha aige chun rialáil éifeachtach a dhéanamh.

7.25 Sa chomhthéacs seo, is í sprioc ComReg a chinntiú go bhfuil baint aige le forbairt an mhargaidh, lena n-áirítear margaí cóngaracha agus gaolmhara, agus a chinntiú go bhforbraítear sainordú reachtúil ComReg ionas gur féidir leis a chuid oibre a dhéanamh go héifeachtach.

7.26 Leanfaidh ComReg ar aghaidh i mbun abhcóideachta le haghaidh aon athruithe reachtúla a bhreithníonn sé atá riachtanach

100 Líonra Rialtóirí Cumarsáide Leictreonaí Chomhpháirtíocht an Oirthir (EaPeReg)

d'fhonn a chinntiú go bhfuil sásraí díspreagtha éifeachtacha in úsáid mar chuid de chóras forfheidhmithe na hearnála ECS. Cuireadh san áireamh i gClár an Rialtais 2020, ionas gur féidir glacadh le ComReg mar rialtóir éifeachtach agus láidir nach mór go mbeadh cumhachtaí forfheidhmithe feabhsaithe aige lena n-áirítear an chumhacht smachtbhannaí airgeadais riaracháin a fhorchur, cosúil leis na cumhachtaí atá ag rialtóirí agus ag Ballstáit eile den AE, agus tá fianaise ar an méid seo le fáil in Acht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023, agus na hIonstraimí Reachtúla Aireachta gaolmhara agus san Ionstraim Reachtúil atá mar bhonn le trasuí an Chóid (I.R. 444 de 2022). Anuas air sin, san áireamh in Acht Iomaíochta, 2022, a thrasuí Treoir ECN+[101] in Éirinn, bhí feabhsuithe suntasacha ar chumhachtaí forfheidhmithe iomaíochta ComReg, go háirithe an cinneadh córas a bhaineann le haghaidh na smachtbhannaí airgeadais riaracháin.

## Sprioc 5.5

**Bíonn baint réamhghníomhach ag ComReg le forbairt an mhargaidh, lena n-áirítear margaí cóngaracha agus gaolmhara, agus cinntíonn sé go bhforbraíonn an sainordú reachtúil chun cur ar chumas ComReg a chuid oibre a dhéanamh go héifeachtach.**

7.27 Trasuíonn an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2022, roinnt Treoracha AE ábhartha agus nuashonraíonn sé forálacha áirithe maidir le cearta agus réitigh tomhaltóirí a bhaineann le conarthaí chun seirbhísí neamhdhigiteacha a sholáthar, téarmaí conartha éagóracha, agus cearta maidir le faisnéis agus cealú. Cruthaíonn an reachtaíocht seo roinnt athruithe dearfacha do thomhaltóirí, lena n-áirítear cearta, cosaint agus réitigh níos láidre do thomhaltóirí i roinnt príomhréimsí.

## An Aois Dhigiteach a Rialú

7.28 Is ar sheirbhísí digiteacha agus ar an ngá atá le rialú an ardáin dhigitigh a bhí an bhéim rialála ag leibhéal AE á leagan. Go ginearálta, braitheann ardáin dhigiteach ar ghiniúint, bailiú, próiseáil, anailís agus saothrú sonraí chun a dtairiscintí seirbhíse a sholáthar agus a fheabhsú. Tá tograí forbartha ag CE chun déileáil leis na saincheisteanna atá ag teacht chun cinn sna margaí digiteacha agus sna hardáin dhigiteacha.

7.29 D'oibrigh ComReg le ERN agus DRG maidir le rialáil dhigiteach. Chomh maith leis sin, lean ComReg ar aghaidh ag cur leis an obair atá á déanamh ag BEREC, go háirithe trí chabhrú le Freagairt BEREC do Chomhairliúcháin Phoiblí CE maidir le Pacáiste an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha in 2020 a dhréachtú[102].

7.30 Seans go mbeidh ról ag ComReg faoi Straitéis Chibearshlándála an AE don Ré Dhigiteach eadhon aisghairm Airteagal 40 agus 41 ó EECC chuig an Treoir maidir le Slándáil Líonraí agus Faisnéise 2 ("NIS2") atá molta i ndáil leis an eintiteas: *soláthraithe líonraí cumarsáide leictreonaí poiblí.*

7.31 Tá ról ComReg i ndáil le príobháideachas leictreonach ag forbairt mar thoradh ar fhorbairt Rialachán maidir le r-Phríobháideachas an AE, agus idir an dá linn, tá ról monatóireachta agus forfheidhmithe ComReg ag forbairt faoi Threoir maidir le Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach 2002.

7.32 Tá roinnt gníomhaíochtaí beartaithe ag ComReg a bhaineann le Sprioc 5.5:

101 Treoir (AE) 2019/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 chun údaráis iomaíochta na mBallstát a chumhachtú chun feidhmiú mar fhorfheidhmitheoirí níos éifeachtaí agus chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a chinntiú.

102 https://berec.europa.eu/eng/document_register/subject_matter/berec/others/9411-berec-response-to-the-public-consultation-on-the-digital-services-act-package-and-the-new-competition-tool

- **eIDAS:** Leagtar amach i Rialachán an AE maidir le Ríomh-shainaitheantas agus Seirbhísí Iontaoibhe le haghaidh Ríomh-Idirbheart sa Mhargadh Inmheánach (Rialachán 'eIDAS') rialacha maidir le ríomh-shainaitheantas agus bunaítear ann creat dlí chun maoirseacht a dhéanamh ar an tseirbhís iontaoibhe. Tá sé beartaithe go dtacóidh na seirbhísí seo le hidirbhearta gnó ar líne atá níos iontaoibhe agus níos sláine. Tá sé beartaithe ag ComReg ról Comhlacht Maoirseachta a shannadh do ComReg chun maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe in Éirinn. Tá na seirbhísí iontaoibhe is sláine ainmnithe mar sheirbhísí iontaoibhe "cáilithe" agus faoi réir ceanglas speisialta faoi Rialachán eIDAS. Chomh maith leis sin, beidh ComReg freagrach as an oibleagáid liosta agus seirbhísí soláthraithe seirbhíse iontaoibhe bunaithe in Éirinn a choimeád agus a fhoilsiú.
- **An Rialachán um Shaorshreabhadh Sonraí:** Is rialachán é an Rialachán um Shaorshreabhadh Sonraí Neamhphearsanta a bhfuil sé mar aidhm leis deireadh a chur le bacainní éagóracha ar ghluaiseacht sonraí neamhphearsanta san AE agus, ar an tslí sin, cabhrú le tairbhe a bhaint as na féidearthachtaí a bhaineann le Geilleagar Sonraí na hEorpa. Tá ComReg ag obair le DECC i ndáil le roinnt ról (an "Pointe Teagmhála Aonair" agus an "Pointe Faisnéise Aonair" d'Éirinn) faoin Rialachán seo in Éirinn.

## Inbhuanaitheacht Chomhshaoil

**7.33** In an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, iarrtar ar chomhlachtaí poiblí ábhartha a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá comhsheasmhach le beartais aeráide Rialtas na hÉireann, a mhéid is indéanta. Mar 'comhlacht iomchuí', déanann ComReg iarracht feidhmiú mar eagraíocht a bhfuil meas aici ar inbhuanaitheacht chomhshaoil. Sa chomhthéacs seo baineann inbhuanaitheacht chomhshaoil le maolú (i.e., an tionchar comhshaoil diúltach atá ag eascairt as gníomhaíocht an duine a laghdú/a íoslaghdú) agus oiriúnú (i.e., bearta curtha i gcrích chun déileáil le coinníollacha adhaimsire mar gheall ar an athrú aeráide).

**7.34** Comhoibríonn ComReg le DECC i ndáil le Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide bliantúla an Rialtais faoi Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021. Tá trí ghníomhaíocht shonracha le cur i gcrích ag ComReg faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide is déanaí, CAP23:

| Mobile Network Operators (MNOs) | |
|---|---|
| **Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide– Gníomhartha le 2023** | **Gníomh AD/23/12:** Más cuí, torthaí agus príomhphointí eolais ón tuarascáil maidir le tionscadal athléimneachta líonra ComReg a chur chun feidhme: 'An tAthrú Aeráide agus an Tionchar atá aige ar Athléimneacht Líonra in Éirinn'.<br><br>**Gníomh AD/23/13:** Na modheolaíochtaí éagsúla atá ar fáil chun tionchar comhshaoil ECN a ríomh a thiomsú agus a athbhreithniú agus tacú le comhchuibhiú a leithéid de tháscairí tomhais ar fud an AE<br><br>**Gníomh CE/23/9:** Cuirfidh ComReg tús le breithniú a dhéanamh ar ghníomhachtaí faisnéise do thomhaltóirí chun bonn eolais a chur ar fáil do roghanna tomhaltóirí atá dírithe ar inbhuanaitheacht chomhshaoil na hearnála cumarsáide leictreonaí a fheabhsú |
| **Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide– Gníomhartha le 2022** | **Gníomh #63:** 'Éifeachtaí an athraithe aeráide ar líonraí teileachumarsáide a thuiscint"[103]<br><br>**Gníomh #64:** 'An ról a d'fhéadfadh a bheith ag rialtóirí na hearnála cumarsáide leictreonaí i ndícharbónú a thuiscint' |

103 D'fhoilsigh ComReg staidéar a rinne Frontier Economics a raibh sé mar aidhm leis imscrúdú a dhéanamh ar an tionchar

**7.35** Chomh maith leis sin, comhoibríonn ComReg le DECC mar fhreagairt do d'athbhreithniú ar scórchárta oiriúnaithe bliantúil na Comhairle Comhairlí um Athrú Aeráide ('**CCAC**') don Earnáil Chumarsáide. Tá ComReg fós i mbun teagmhála leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ('**EPA**') maidir le foilseacháin agus ceardlanna a bhaineann leis an ngné TFC den bhonneagar criticiúil.

**7.36** Is ball é ComReg de Ghrúpa Oibre BEREC maidir le hInbhuanaitheacht. Chabhraigh ComReg le tuarascáil BEREC 2021 dar teideal *'Ról BEREC i ndáil le srian a chur le tionchar na hearnála digití ar an timpeallacht a mheas'*[104] and featured as one of three NRA case studies. This report highlighted the lack of common measurement methodologies for the environmental impact of ECS/N.

**7.37** I bhfianaise na bpríomhphointí ar tarraingíodh aird orthu sa chéad tuarascáil seo, déantar iarracht i sruth oibre reatha an Ghrúpa Oibre Inbhuanaitheacht scrúdú a dhéanamh ar na táscairí comhshaoil a thabharfadh, dá nglacfaí leo go coitianta ar bhonn comhchuibhithe, léargas cruinn agus iontaofa ar thionchar comhshaoil ESC/N, agus a cheadódh comparáid a dhéanamh idir oibritheoirí éagsúla. Cuireadh dréacht-tuarascáil BEREC dar teideal 'Táscairí Inbhuanaitheachta do Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí' ar fáil do chomhairliúchán poiblí[105], , i ndiaidh roinnt ceardlann a reáchtáil agus roinnt suirbhéanna a sheoladh chuig lucht tionscail agus NRAnna. Ba cheart an tuarascáil seo a léamh i gcomhthéacs na hoibre leanúnaí atá á déanamh ag an gCoimisiún Eorpach sa réimse seo, ina sonraítear freisin go bhfuil tionchair chomhshaoil eile ag éiceachórais dhigiteacha seachas astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa ('**GHG**'), lena n-áirítear ábhair chriticiúla chun gléasanna a tháirgeadh, do bhithéagsúlacht, do dhramhaíl etc.

**7.38** Chomh maith leis sin, tá ComReg i mbun taighde margaidh a bhaineann le tuairimí tomhaltóirí maidir leis an tábhacht a bhaineann le hinbhuanaitheacht chomhshaoil chomh fada is a bhaineann leis an soláthraí cumarsáide leictreonaí a roghnaíonn siad. I suirbhé a rinneadh in 2022, shonraigh breis is 3 fhreagróir as gach 5 fhreagróir (63%) in Éirinn le fios gur shíl siad gur fachtóir tábhachtach é inbhuanaitheacht chomhshaoil nuair a bhíonn soláthraí teileafóin phóca á roghnú.

**7.39** D'eisigh ComReg Gairm ar Ionchuir (CFI) in 2019[106] chun teacht ar thuiscint níos fearr ar an gcaidreamh idir nascacht agus dícharbónú. Foilsíodh torthaí an CFI seo in 2020[107], agus tharraing na ceithre chás sainaitheanta (iompar, leictreachas, tionscal agus talmhaíocht) aird ar an éifeacht chumasúcháin a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí áirithe ar astaíochtaí GHG a laghdú.

## Ár nEagraíocht

**7.40** Mura bhfuil na daoine, an saineolas agus na próisis ar fáil do ComReg chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ní féidir leis freastal ar chustaiméirí. Príomhghné de chumas ComReg a Mhisean a chomhlíonadh sna blianta fágtha de straitéis cúig bliana ComReg na daoine atá ag obair san eagraíocht.

**7.41** Ó tharla go bhfuil an margadh fostaíochta beagnach lán, tá neart iomaíochta ann chun daoine oilte a mhealladh ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil phoiblí. Nuair a bhíothas ag dul in iomaíocht leis an earnáil phríobháideach do phríomhscileanna speisialtóra, d'fhéadfadh ComReg a bheith faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar shrianta a bhaineann le luach saothair. D'fhonn déileáil leis seo, infheistíonn ComReg i mbearta a bhfuil sé mar aidhm leo a chinntiú go mbeidh ComReg aitheanta mar rogha fostóra agus mar áit iontach le bheith ag obair. Déanaimid

atá ag an athrú aeráide ar ECN. Féach Doiciméad 22/100 agus 22/100a ComReg
104 BEREC Doic. BoR (22) 35
105 Comhairliúchán poiblí trí shuíomh gréasáin BEREC idir an 15 Márta – an 12 Aibreán 2023
106 Doiciméad 19/126 ComReg
107 Doiciméad 20/43 ComReg

tréaniarracht timpeallacht den chineál sin a chruthú trí chultúr measa, rannpháirtíochta, coláisteachta agus folláine a chruthú. Tugtar deiseanna do dhaoine a scileanna agus inniúlacht a úsáid agus a fhorbairt. Trí úsáid a bhaint as ár "gCairt Measa" chun caighdeáin a bhunú chun cur ar ár gcumas an dul chun cinn atá á dhéanamh againn a thomhas, leagann ComReg béim mhór ar éagsúlacht agus ar chultúr atá bunaithe ar luachanna a chothú. Sa timpeallacht seo, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go meas ar dhaoine agus go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh ionas gur féidir leo dul chun cinn a dhéanamh agus obair den chéad scoth a dhéanamh.

7.42 Tuigeann ComReg gur buntáiste suntasach é socruithe oibre cumaisc a thairiscint chomh fada is a bhaineann le daoine oilte a mhealladh agus a choimeád san eagraíocht. Tá tairbhe bainte againn as an tsamhail oibre cumaisc agus tá baill foirne anois ag caitheamh roinnt ama san oifig agus roinnt ama sa bhaile. Tá an eagraíochtaí tiomanta do thodhchaí ina mbeidh neart úsáid á baint as obair chumaisc agus tá samhail oibre á dhearadh aige ar bhonn comhpháirteach chun cuntas a dhéanamh de riachtanais an duine aonair agus na heagraíochta. Bhí an bhéim seo ar obair chumaisc mar gheall le scileanna digiteacha agus solúbtha ghinearálta a mhéadú.

7.43 Tá infheistíocht déanta ag an eagraíocht i gclár folláine iomlánaíche atá ar fáil do gach oibrí. Tuigeann ComReg go bhféadfadh strus an tsaoil laethúil cur isteach ar tháirgiúlacht agus ar an taitneamh a bhaineann daoine as a gcuid oibre. Creidimid, trí dheiseanna a chur ar fáil chun sos a ghlacadh agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht, éisteacht le saineolaithe atá ag obair i réimsí éagsúla, ábhair a bhfuil tionchar acu ar fholláine a phlé, gur féidir linn timpeallacht a chruthú ina bhfuil daoine níos airdeallaí ar an tábhacht a bhaineann le féinchúram.

7.44 Is fostóir comhdheiseanna é ComReg. Tacaímid le daoine cumasacha agus díograiseacha beag beann ar inscne, cúlra, náisiúntacht nó cumas. Tá Innealtóirí, Eacnamaithe, Cuntasóirí, Dlíodóirí, Anailísithe Sonraí, anailísithe beartais phoiblí agus gairmithe eile ag obair san eagraíocht. D'fhéadfadh an cóimheas idir céimithe fireanna agus baineanna i gcuid de na disciplíní seo a bheith as a riocht. Uaireanta bíonn sé seo soiléir i gcuid dár gcomórtais earcaíochta; ní bhíonn cothromaíocht inscne le tabhairt faoi deara sna hiarratasóirí a chuireann isteach ar róil áirithe. Tá iarracht á déanamh againn déileáil leis seo. Chomh maith leis sin, táimid ag obair le mná laistigh den eagraíocht ar shaincheisteanna sonracha. Sa chomhthéacs seo, is í **sprioc ComReg go bhfuil dóthain acmhainní ag ComReg chun a straitéis eagraíochtúil a chomhlíonadh**.

7.45 Sa tréimhse amach romhainn, leanfaidh ComReg ar aghaidh ag díriú ar thacú leis an bhfoireann oilte atá aige agus ar an bhfoireann sin a choinneáil fad is a bheidh baill foirne bhreise á n-earcú chun a Mhisean agus sainordú athraitheach a chomhlíonadh. De réir mar a bheidh feidhmeanna nua á gcur lena shainordú, leanfaidh ComReg le cothromaíocht chuí idir acmhainní intí agus seachfhoinsiú a chinntiú.

## Sprioc 5.6

**Tá dóthain acmhainní ag ComReg chun a straitéis eagraíochtúil a chomhlíonadh.**

7.46 Mar chuid de phróiseas pleanála acmhainní ComReg, tá ComReg i mbun anailíse ar a shainordú rialála athraitheach agus ar an tacar scileanna a theastaíonn uaidh chun a théarmaí tagartha a chomhlíonadh suas go dtí deireadh 2023. De réir mar a bheidh ár sainordú ag forbairt, seans go mbeidh gá le hacmhainní breise. I láthair na huaire, tá ComReg i mbun plé ar a ról maidir le feidhmeanna/freagrachtaí nua le DECC, lena n-áirítear acmhainní a chur ar fáil agus ceisteanna airgeadais, agus is dócha go mbeidh sé seo mar bhonn le hiarratas chun leibhéil foirne a mhéadú.

7.47 Tá sé tábhachtach in earnáil atá chomh dinimiciúil le cumarsáid leictreonach, go ndéanann ComReg iarracht leanúnach scileanna, eolas agus acmhainn a fhoireann oibrithe a fheabhsú, d'fhonn a chinntiú go mbeidh an eagraíocht cothrom le dáta agus ábhartha. Cabhraíonn a leithéid seo le sástacht foirne agus coinneáil foirne freisin, gnéithe a d'fhéadfadh dúshlán a chruthú d'eagraíocht earnála poiblí cosúil le ComReg. Sa chomhthéacs seo, is í sprioc ComReg **eagraíocht sholúbtha, oilte agus spreagtha a chothabháil.**

## Sprioc 5.7

**Is eagraíocht atá solúbtha, oilte agus spreagtha é ComReg.**

7.48 Braitheann an cumas an sprioc seo a chomhlíonadh ar inniúlacht agus ar chumas ár mball foirne agus ceannairí. Infheistíonn ComReg i gcúrsaí chun cur ar a chumas a fhoireann a scileanna teicniúla agus gairmiúla a fhorbairt trí thionscnaimh forbartha saincheaptha, cóitseáil, foghlaim

7.49 Braitheann rath ComReg, mar eagraíocht, ar na struchtúir ar a bhfuil obair na foirne bunaithe mar aon leis an córais agus próisis atá ag tacú leo. Tuigeann ComReg nach mór dó a bheith freagrúil agus sách solúbtha mar eagraíocht chun freagairt do chásanna gan choinne. Ní mór go mbeadh ComReg struchtúrtha ar bhealach a chiallaíonn gur féidir cinntí a dhéanamh ar bhealach tráthúil, trédhearcach, inmhacasamhlaithe agus láidir, agus go bhfuil gach próiseas á rith go héifeachtach, go héifeachtúil agus go hiontaofa. Ní mór, áfach, go mbeadh ComReg sách solúbtha chun dul in oiriúint d'earnáil atá ag athrú go leanúnach. Sa chomhthéacs seo is í sprioc ComReg, **ar aon le dea-chleachtas, go bhfuil beartais, próisis agus córais éifeachtacha agus éifeachtúla in úsáid ag ComReg.**

7.50 Déanann ComReg iarracht i gcónaí a chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú mar eagraíocht a bhfuil meas aici ar inbhuanaitheacht chomhshaoil. Tá roinnt tionscnamh glas curtha i gcrích ag ComReg le blianta beaga anuas a bhfuil sé mar aidhm leo lorg carbóin a oifigí agus gníomhaíochtaí a laghdú, de réir dea-chleachtais agus Shainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí.

## Sprioc 5.8

**Ar aon dul le dea-chleachtas, tá beartais, próisis agus córais éifeachtúla agus éifeachtacha bunaithe ag ComReg.**

7.51 idir piaraí, oiliúint theicniúil agus ghairmiúil, agus an rogha páirt a ghlacadh in oideachas foirmiúil. Mar chomhlacht poiblí atá ainmnithe faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, tá dualgas ar ComReg roinnt seirbhísí a chur ar fáil as Gaeilge. Cuireadh tús le dara Scéim Teanga ComReg ar an 21 Nollaig 2020 agus san áireamh inti tá roinnt gealltanas a bhfuil sé mar aidhm leo a chinntiú go gcuirtear seirbhísí as Gaeilge ar fáil dóibh siúd ar mian leo a ngnó le ComReg a dhéanamh trí Ghaeilge. Beidh an Scéim i bhfeidhm le haghaidh tréimhse 3 bliana. San áireamh in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, tá roinnt forálacha nua do chomhlachtaí poiblí:

- Cuspóir, faoin mbliain 2030, go mbeidh 20% de gach earcach nua chuig an earnáil phoiblí agus Státseirbhís inniúil ar an nGaeilge.
- Foráil chun deireadh a chur le córas na scéime teanga agus córas de chaighdeáin teanga a chur ina áit.
- Foráil d'fhonn a chinntiú go bhfuil cumarsáid a dhéantar le comhlacht poiblí ar na meáin shóisialta á freagairt sa teanga chéanna.
- Foráil a cheanglaíonn ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil ar a laghad 20% dá bhfógraíocht bhliantúil á dhéanamh trí Ghaeilge.

- Foráil d'fhonn a chinntiú go bhfuil foirmeacha iarratais ar fáil trí Ghaeilge.

**7.52** Beidh na forálacha nua á gcur chun feidhme ag ComReg thar thréimhse ama.

**7.53** Tá roinnt oibleagáidí ar ComReg faoi Acht um Míchumas, 2005. Ar aon dul leis na hoibleagáidí seo, cinntíonn ComReg go bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar limistéir phoiblí a fhoirgneamh agus gur féidir le daoine faoi mhíchumas seirbhísí poiblí a rochtain.

**7.54** Chomh maith leis sin, tá oibleagáidí ar ComReg faoi Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Tá ComReg tiomanta dá oibleagáidí reachtúla faoi Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine, 2014, a chomhlíonadh. Bunaítear leis an Acht dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí tacú le comhionannas, idirdhealú a chosc agus cearta daonna gach ball foirne a chosaint agus gach duine a bhfuil acu leo lena n-áirítear bail foirne, úsáideoirí seirbhísí agus páirtithe leasmhara araon.

**7.55** Tá bearta bunaithe ag ComReg d'fhonn a chinntiú go ndéantar breithniú ar chearta an duine agus ar chomhionannas nuair a bhíonn beartais agus nósanna imeachta á bhforbairt, agus i ndáil le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus feidhmeanna reachtúla uile ComReg a bheith á gcur i gcrích. Tá fianaise ar Dhualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí (“an Dualgas”) le fáil go hinmheánach i raon beartas Acmhainní Daonna agus foirne, agus go seachtrach sa tslí a dhéileálann ComReg le tomhaltóirí agus le páirtithe leasmhara eile. Tá fianaise ar an Dualgas le fáil i gCairt Tomhaltóirí ComReg freisin. Anuas air sin, tá raon beartas agus nósanna imeachta bunaithe ag ComReg d'fhonn a chinntiú go bhfuil seirbhísí uile ComReg inrochtana do raon chomh leathan úsáideoirí agus is féidir.

**7.56** As seo go ceann tamaill, tá sé beartaithe ag ComReg díriú ar roinnt príomhthionscnamh:

- **Lorg Carbóin:** Tugtar gealltanas in CAP23 go mbeidh a dTreorchláir Ghníomhú ar son na hAeráide aonair curtha i gcrích ag comhlachtaí na hearnála poiblí faoi dheireadh Ráithe 1 2023. Mínítear sa treochlár atá le foilsiú le ComReg gan mhoill gurb é an aidhm atá ag an eagraíochtaí ceanglais an Shainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí atá leagtha amach in CAP21 - agus nuashonraithe in CAP23 - a chomhlíonadh agus a spriocanna éifeachtúlachta carbóin agus fuinnimh 2030 a chomhlíonadh. Tá Treochlár ComReg bunaithe ar threoir Earnála Poiblí SEAI/EPA chun Treorchláir um Ghníomhú ar son na hAeráide a ullmhú. De réir na treorach seo, tá an chéad Treochlár seo dírithe ar phleananna ComReg chun astaíochtaí iomlána a bhaineann le fuinneamh agus astaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise óna oibríochtaí a laghdú. Is féidir raon feidhme an treochláir a leathnú i leaganacha a fhorbrófar amach anseo agus gáis cheaptha teasta neamhfhuinnimh eile a chur san áireamh, mar aon le hastaíochtaí indíreacha, agus oiriúnú don athrú aeráide. Leanfaidh ComReg leis na bearta riachtanacha a bhunú, más cuí, chun a Lorg Carbóin a laghdú, de réir Phlean Gníomhaíocht ar son na hAeráide an rialtais agus tionscnamh eile.
- **Socruithe Oibre Solúbtha agus Cianoibre:** Tá ComReg den tuairim go mbaineann go leor buntáistí le rogha a thabhairt d'oibrithe idir a bheith ag obair sa bhaile agus san oifig mar chuid de mhodh oibre cumaisc le haghaidh cuid den tseachtain. Tá níos buntáistí ag baint le socrú dá leithéid ná díreach rannpháirtíocht ball foirne feabhsaithe agus tairiscint luacha fostaí - d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith ag a leithéid ar astaíochtaí agus ar an timpeallacht trí chéile. Tá ár mbaill foirne airdeallach ar na buntáistí seo freisin agus tá ionchur curtha ar fáil acu trí shuirbhéanna agus ceardlanna fíorúla. Seachas an tslí a n-oibreodh samhail oibre chumaisc a shoiléiriú, reáchtáil ComReg “céim thrialach”. Thar thréimhse sé mhí, bhain sé triail as cineálacha éagsúla socruithe oibre cumaisc a raibh sé mar aidhm léi na socruithe is oiriúnaí don eagraíocht agus d'fhoireann na heagraíochta a shainaithint.

Mar chuid de triail eagraíodh suirbhéanna, plé agus rinneadh anailís ar shonraí. Cuireadh beartas oibre cumaisc nua ComReg i bhfeidhm i mí Eanáir 2023 agus tá ag éirí go breá leis an mbeartas go dtí seo.

- **Scéim Teanga 2020 - 2023:** Cinnteoidh ComReg go bhfuil baill foirne ar fáil ina rannán seirbhísí do thomhaltóirí a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu agus a bheidh in ann cabhrú le gach fiosrúchán agus gearán a fhaightear trí Ghaeilge ó thomhaltóirí. Tá tús curtha againn le tionscnamh a bhfuil sé mar aidhm leis oiliúint sa Ghaeilge a chur ar fáil do bhaill foirne ag leibhéal tosaitheora agus ag meánleibhéal. Cuirfear críoch leis an obair ar an Scéim Gaeilge nua in 2023.
- **Inrochtaineacht** – Cinnteoidh ComReg go mbeidh doiciméid agus faisnéis ábhartha do thomhaltóirí atá ar fáil ar a shuíomh gréasáin á gcur ar fáil i bhformáid inrochtana do thomhaltóirí.
- **Próisis inmheánacha:** Go ginearálta, déanfaidh ComReg iarracht a phróisis a bhunú ar bhonn uathoibríoch chun éifeachtúlachtaí laistigh den eagraíocht a fheabhsú agus cabhrú le seirbhís níos fearr a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara. Sa chás go bhfuil beartais agus próisis nua á moladh ag an Rialtas, tá sé mar aidhm ag ComReg a leithéid sin de bheartais a chur chun feidhme ar bhealach tráthúil agus éifeachtúil.

# 8

Gluais

# Gluais

| | |
|---|---|
| **ADR:** | Réiteach díospóidí malartacha |
| **BCRR:** | Rialacháin um Chostais Leathanbhanda a Laghdú |
| **BEREC:** | Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach |
| **CAP:** | Painéal Comhairleach Tomhaltóirí |
| **CCPC:** | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí |
| **CEPT:** | Comhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide |
| **CERRE:** | An tIonad um Rialáil san Eoraip |
| **ComReg:** | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide |
| **DC:** | Acmhainn Thiomnaithe |
| **DECC:** | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| **DGA:** | An Gníomh um Rialachas Sonraí |
| **DMA:** | An Gníomh um Margaí Digiteacha |
| **DSA:** | An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha |
| **CE:** | An Coimisiún Eorpach |
| **ECAS:** | Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála |
| **ECN:** | Líonra Cumarsáide Leictreonaí |
| **ECS:** | Seirbhís Cumarsáide Leictreonaí |
| **ECSManna:** | Bearta Slándála Cumarsáide Leictreonaí |
| **EECC:** | An Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach |
| **eIDAS:** | Seirbhísí um Shainaithint, Fíordheimhniú agus Iontaoibh Leictreonach |
| **ENISA:** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise |
| **ERGP:** | Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Poist |
| **ERN:** | Líonra na Rialtóirí Eacnamaíocha |
| **eSIM:** | SIM leabaithe, cineál cárta SIMS atá comhtháite go díreach i ngléas |
| **ESRI:** | An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta |
| **AE:** | An tAontas Eorpach |
| **FACO:** | Rochtain Sheasta agus Bunús Glaonna |
| **FTTC:** | Cábla Snáthoptaice go Colbha |
| **FTTH:** | Snáithín Optúil chomh fada leis an mBaile |
| **GHz:** | Gigiheirts, aonad minicíochta |
| **HHI:** | Treoiruimhir Herfindahl-Hirschman |
| **IAS:** | Seirbhís Rochtana Idirlín |
| **IoT:** | Idirlíon na nEarraí |
| **ISDN BR/BRA:** | Bunráta/rochtain bhunráta líonra digiteach de sheirbhísí comhtháite |
| **ISDN:** | Líonra digiteach de sheirbhísí comhtháite |
| **ITU:** | An tAontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide |
| **ITRS:** | Seirbhís Athsheachadta Téacs na hÉireann |
| **LEO:** | Ísealfhithis Dhomhanda |
| **M2M:** | Meaisín-Le-Meaisín, tagairt do chumarsáid sreangaithe nó gan sreang idir gléasanna |
| **MAN:** | Líonra achair cathrach |

| | |
|---|---|
| **Mbps:** | Meigighiotán sa soicind, tomhas bandaleithid nó luais idirlíne |
| **MBSA1:** | An Chéad Dámhachtain Speictream Ilbhanda |
| **MBSA2:** | An Dara Dámhachtain Speictream Ilbhanda |
| **MHz:** | Meigiheirts, aonad minicíochta |
| **MNO:** | Oibritheoir Líonra Mhóibíligh |
| **MVNO:** | Oibritheoir Líonra Fíorúil Móibíleach |
| **NBI:** | Leathanbhanda Náisiúnta Éireann |
| **NBP:** | An Plean Náisiúnta Leathanbhanda |
| **NBS:** | An Scéim Náisiúnta Leathanbhanda |
| **NCSC:** | An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála |
| **NGN:** | Uimhriú Neamhgheografach |
| **NIICS:** | Seirbhís Cumarsáide Idirphearsanta Uimhir-neamhspleách |
| **Treoir NIS1 nó NIS:** | An Treoir maidir le Slándáil na gCóras Gréasáin agus Faisnéise |
| **Treoir NIS2 nó NIS2:** | An Treoir Athbhreithnithe maidir le Slándáil na gCóras Gréasáin agus Faisnéise |
| **NRA:** | An tÚdarás Náisiúnta Rialála |
| **NRRS:** | Athléimneacht, Iontaofacht agus Slándáil Líonra |
| **ODPC:** | Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí |
| **OECD:** | An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta |
| **OTA:** | Thar-An-Líonra, tagairt do tharchur nó nasc gan sreang trí líonra |
| **OTT:** | Ar-Líne, seirbhísí sruthaithe nó ábhar curtha ar fáil trí nasc idirlín |
| **PIA:** | Rochtain Bhonneagair Fhisiciúil |
| **PRS:** | Seirbhísí Ardráta |
| **PSTN:** | Líonra Poiblí Lasctheileafóin |
| **QKDR:** | Tuarascáil Ráithiúil Príomhshonraí ComReg |
| **QoS:** | Cáilíocht Seirbhíse |
| **RFI:** | Trasnaíocht radaimhinicíochta |
| **RFTS:** | Seirbhís Teileafónaíochta Seasta Miondíola |
| **RGM:** | Samhail Rialachais Rialála |
| **RSP:** | Soláthraithe Seirbhíse Miondíola |
| **RSPG:** | An Grúpa um Beartas Speictream Raidió |
| **SIP:** | Pointe Faisnéise Aonair |
| **SMP:** | Cumhacht Shuntasach Mhargaidh |
| **USO:** | Oibleagáid Seirbhíse Uilíche |
| **USP:** | Soláthraí Seirbhíse Uilíche |
| **VHCN:** | Líonra Fíor-ardacmhainneachta |
| **WACC:** | Meánchostas Ualaithe an Chaipitil |
| **WCA:** | Rochtain Lárnach Mhórdhíola |
| **WHQA:** | Rochtain Ardcháilíochta Mhórdhíola |
| **WLA:** | Rochtain Lárnach Mhórdhíola |

An Coimisiún um
**Rialáil Cumarsáide**

Commission for
**Communications Regulation**



# Aguisíní le Ráiteas Straitéise Cumarsáide Leictreonaí 2023 go dtí 2025

## Séanadh Dlíthiúil

Ní doiciméad dlí ceangailteach an doiciméad seo agus níl aon chomhairle dlí, tráchtála, airgeadais, theicniúil nó eile le fáil ann. Níl an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide faoina cheangal, agus ní dhéanann ábhar an doiciméid dochar do staid dhlíthiúil an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide. Dá réir sin, níor cheart iontaoibh mhíchuí a chur in ábhar an doiciméid seo.

# Clár na nÁbhar


**Iarscríbhinn 1: An Comhthéacs Geilleagrach agus Dlí** **102**

Forléargas 102

An Dearcadh Maicreacnamaíoch 102

An Comhthéacs Dlí 106

**Iarscríbhinn 2: Treochtaí agus Dúshláin** **111**

Forléargas 111

Nascacht Feabhsaithe agus Teicneolaíochtaí Nua: 111

Eispéireas Tomhaltóirí 114

Margaí agus Seirbhísí Gaolmhara 117

Todhchaí na Rialála san Earnáil 120



# Iarscríbhinn: 1 An Comhthéacs Geilleagrach agus Dlí

# Iarscríbhinn 1: An Comhthéacs Geilleagrach agus Dlí

## Forléargas

**A1.1** San aguisín seo breithnítear an comhthéacs beartais ghinearálta, ina gcuimsítear gnéithe geilleagracha agus dlí, ina bhforbraíonn ComReg a straitéis chun earnáil na cumarsáide leictreonaí a rialú.

**A1.2** Mar gheall ar threochtaí a bhaineann le digitiú tá an tsochaí ag brath níos mó agus níos mó ar ECS agus ECN agus, dá bharr sin, tá suntas straitéiseach na hearnála méadaithe i dtéamaí breithniúchán beartais. Tá impleachtaí ag an bhforbairt seo ar dhreasachtaí infheistíochta san earnáil, mar aon leis an éiginnteacht níos ginearálta maidir leis an ngeilleagar ar bhonn meántéarmach agus fadtéarmach.

**A1.3** Ciallaíonn saintréithe geilleagracha na hearnála cumarsáide leictreonaí go dtarlaíonn a leithéid de theipeanna margaidh. Tá an réasúnacht atá mar bhonn leis an rialacháin chomh hábhartha agus a bhí riamh, ainneoin go bhfuil sí ag forbairt.

**A1.4** San aguisín seo breithnítear na rannóga seo a leanas:

i An Dearcadh Maicreacnamaíoch; agus

ii An Comhthéacs Dlí.

## An Dearcadh Maicreacnamaíoch


**A1.5** Tá tionchar ag forbairtí sa gheilleagar trí chéile ar an earnáil cumarsáide leictreonaí. Chuir paindéim Covid-19 dlús le digitiú agus leis an úsáid agus leis an tairbhe atá á baint as ECS agus ECN sa gheilleagar trí chéile. Tá éifeachtaí suntasacha Covid-19 ar an ngeilleagar agus sochaí dhomhanda, mar aon le boilsciú ard, costais fuinnimh arda agus corraíl gheopholaitiúil ag cur isteach ar fhorbairtí geilleagracha le déanaí agus ciallaíonn sé seo ar fad go bhfuil an dearcadh gearrthéarmach do gheilleagar na hÉireann fós éiginnte. Chomh maith leis sin, ciallaíonn nádúr beag, oscailte gheilleagar na hÉireann go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag forbairtí idirnáisiúnta ar an ngeilleagar. D'fhéadfadh na himthosca seo cur isteach ar na margaí atá á rialáil ag ComReg agus a bhfuil monatóireacht á déanamh aige orthu agus ar na páirtithe leasmhara éagsúla atá páirteach sna margaí seo.

### Geilleagar na hÉireann

**A1.6** I rith phaindéim Covid-19, thosaigh gnóthaí ag baint úsáid as socruithe cianoibre gan mhoill, reáchtáladh cúrsaí oideachais ar líne agus bhraith daoine ar fhíschomhráite chun baill teaghlaigh agus cairde a fheiceáil. Tosaíodh ag baint tairbhe as níos mó seirbhísí digiteacha ar fud na tíre. Bhí an t-athrú suntasach seo ar ghníomhaíochtaí idirlín, go háirithe físchomhráite agus gníomhaíochtaí físeáin eile, mar bhonn le trácht sonraí méadaithe ar líonraí. Figiúr 1

**A1.7** Ó phaindéim Covid-19, lean an trácht sonraí ag méadú, ag ráta níos moille, áfach. De réir mar a d'fhill an daonra ar iompraíocht réamh-Covid, e.g. d'fhill oibrithe ar a gcuid oifigí, laghdaigh ráta méadaithe trácht sonraí.

**Figiúr 1: Ráta méadaithe Trácht Sonraí Iomlán (2018-2022) Bunfhigiúr (100)= 2018 Ráithe 1[1]**




**A1.8** D'fhéadfadh méaduithe ar úsáid seirbhísí móibíleacha agus leathanbhanda tuilleadh infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua cosúil le FTTP agus 5G a dhreasú. Ar an lámh eile, d'fhéadfaí tionchar díobhálach a imirt ar infheistíocht má leanann cur isteach ar an slabhra soláthair le bac a chur ar acmhainn táirgeachta (ainneoin gur laghdaigh sé seo le tamall anuas).[2] Cuireadh dlús le rolladh amach líonra in 2022 agus baineadh tairbhe as slabhraí soláthair a bhí beagán níos oscailte, a thug deis d'Éirinn tairbhe a bhaint as luach geilleagrach trí líonraí ísealmhoille agus ardluais. Táthar ag súil go leanfaidh úsáideoirí deiridh le húsáid a bhaint as seirbhísí bandaleithid ard cosúil le fís-sruthú agus físchomhdháil.

**A1.9** Lena chois sin, d'fhéadfadh níos mó tóra a bheith ar theicneolaíocht nua, cosúil le réaltacht fhíorúil (VR) agus d'fhéadfadh sí lántairbhe a bhaint as líonraí a bhfuil naisc le hísealmhoille agus bandaleithead ard á dtairiscint acu. Táthar ag súil go leanfar le digitiú gheilleagar an hÉireann go tapa, ar aon dul le straitéis dhigiteach DECC, rud a bheidh mar bhonn le seirbhísí digiteacha nua agus forbartha a chur ar fáil i níos mó áiteanna ar fud na tíre, cosúil le ríomhsheirbhísí sláinte agus cianfhoghlaim, de réir mar a leantar ar aghaidh le líonraí ardluais, ísealmhoille a rolladh amach. B'fhéidir go mbeidh gá, áfach, le hoiliúint agus le huasoiliúint ar fud gheilleagar na hÉireann ionas gur féidir tairbhe a bhaint as na teicneolaíochtaí nua seo.

**A1.10** D'fhás geilleagar na hÉireann go suntasach sa chéad leath de 2022 ach tugadh moill faoi deara sa dara leath den bhliain. Bhí fás OTI (olltáirgeacht intíre) agus ÉIM (éileamh intíre mionathraithe) cothrom le 12.0% agus 8.2% faoi seach le haghaidh 2022,[3] Ciallaíonn laghdú praghsanna fuinnimh mórdhíola agus boilsciú níos ísle go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh an geilleagar chuige féin de réir a chéile in 2023 ainneoin go bhfuil an dearcadh meántéarmach fós éiginnte mar gheall ar bhoilsciú ard, ionradh na Rúise ar an Úcráin, teannais gheopholaitiúla agus rátaí úis atá ag ardú. Ainneoin go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag na fachtóirí seo ar infheistíocht agus tomhaltas, ciallaíonn an brú boilscithe atá laghdaithe le déanaí go bhfuiltear ag súil go mbeidh an infheistíocht iomlán in Éirinn fós réasúnta láidir mar gheall ar ghníomhaíocht na hearnála ilnáisiúnta den gheilleagar. Is ann

1 Tairseach Sonraí ComReg (2023)
2 Banc Ceannais na hÉireann, (2023), Feasachán Ráithiúil Ráithe 1
3 Banc Ceannais na hÉireann, (2023), Feasachán Ráithiúil Ráithe 1

fós don éiginnteacht agus don easpa muiníne atá ag cur isteach ar thomhaltóirí mar thoradh ar an teannas geopholaitiúil ainneoin go bhfuil leibhéal iontaoibhe tomhaltóirí méadaithe le míonna beaga anuas i ndiaidh an leibhéal is ísle in imeacht 14 bhliain a shroicheadh i mí Mheán Fómhair 2022[4].


**Figiúr 2: Athruithe ar réamhaisnéisí Bhanc Ceannais na hÉireann maidir le héileamh agus boilsciú[5]**

| | Ráithe B4% | | | Ráithe B1% | | | Leasú | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2022 | 2023 | 2024 | 2022 | 2023 | 2024 | 2022 | 2023 | 2024 |
| **ÉIM** | 6.4 | 2.3 | 3.3 | 8.2 | 3.1 | 2.9 | +1.8 | +0.8 | -0.4 |
| **HICP** | 8.0 | 6.3 | 2.8 | 8.1 | 5.0 | 3.2 | +0.1 | -1.3 | +0.4 |
| **HICP, gan Fuinneamh** | 5.1 | 4.4 | 2.8 | 5.1 | 4.3 | 2.9 | 0 | -0.1 | +0.1 |

**A1.11** Tá réamh-mheastacháin a rinneadh le déanaí maidir le héileamh níos dóchasaí le míonna beaga anuas. Léirítear i réamh-mheastacháin a bhaineann le Ráithe 2 2023 go bhfuil an ráta fáis ÉIM le haghaidh 2023 0.8 pointe céatadáin níos airde ná an réamh-mheastachán céanna a bhaineann le Ráithe 4 2022. Tharla sé seo mar gheall ar laghdú ar bhoilsciú tuartha a tharla mar gheall ar laghdú suntasach ar phraghas ola agus gáis ar mhargaí idirnáisiúnta. Bhí sé seo mar bhonn le hioncaim iarbhír tuartha a fheabhsú agus, dá réir sin, éileamh ionchasach níos láidre san fhadtéarma. Tá sé tuartha ag an mBanc Ceannais nach bhfuil tionchar beartas airgeadaíochta atá bunaithe ag mBanc Ceannais Eorpach le déanaí, lena n-áirítear rátaí úis atá ag méadú, le tabhairt faoi deara i ngeilleagar na hÉireann fós agus go dtógfaidh sé roinnt ama sular féidir aon tionchar a mheas. Is dócha, áfach, go dtabharfar moill faoi deara ar an téarnamh láidir san infheistíocht iomlán a tugadh faoi deara i ndiaidh Covid (ainneoin nach stopfaidh sé go hiomlán) mar gheall ar éiginnteacht a bhaineann leis an gcogadh sa Úcráin, rátaí úis méadaithe agus poist a bheith á gcailleadh san earnáil TFC. Ar deireadh, ciallaíonn an fás tuartha gur dócha go mbeidh an ráta dífhostaíochta íseal, cothrom le 4.4% ar an meán, idir seo agus deireadh thréimhse na straitéise.

4 Comhar Creidmheasa, (2023), Torthaí Shuirbhé Innéacs Tuairimí Tomhaltóirí
5 Feasacháin Ráithiúla Bhanc Ceannais na hÉireann ó Ráithe 4 2022 (Ráithe B4) agus Ráithe 2 2023 (Ráithe B2)

**Figiúr 3: Réamhaisnéisí Dífhostaíochta agus Boilscithe an Bhainc Ceannais**




## Forbairtí Idirnáisiúnta agus An Geilleagar Domhanda

**A1.12** Chuir cogadh na Rúise sa Úcráin isteach ar an ngeilleagar domhanda le déanaí, cogadh a raibh tionchar aige ar thaobh an tsoláthair de mhargaí. Ciallaíonn an teannas geopholaitiúil atá le brath faoi láthair agus an ról riachtanach, ról atá ag éirí níos riachtanaí de réir a chéile, atá ag ECS i sochaí dhigitithe go bhfuil infheistíocht in athléimneacht an líonra níos tábhachtaí anois ná riamh. Ainneoin go bhfuil neamhchosaint na hÉireann ar an dá thír, i gcomhthéacs trádáil fhoriomlán, réasúnta íseal, eascróidh neamhchosaint earnáil ECS na hÉireann as caiteachas tomhaltóirí níos ísle (agus ioncam dáiríre), rátaí úis atá ag ardú, costais fuinnimh arda agus costais mhéadaithe a bhaineann le hathléimneacht líonra agus bearta slándála.

**A1.13** Ainneoin nach bhfuil gás nádúrtha á fháil go díreach ón Rúis ag Éire, tá na praghsanna domhanda mórdhíola gáis níos airde ná na gnáthleibhéil ainneoin gur tugadh laghdú faoi deara le míonna beaga anuas.[6,7] Ní mór a thabhairt faoi deara go bhféadadh tionchar suntasach a bheith ag an treocht ghinearálta seo ar mhargaí ECS na hÉireann. Seans go mbeidh oibritheoirí i ndiaidh déileáil leis na harduithe tosaigh mar gheall ar bhoilsciú chun costais bhiachláir a sheachaint, ach ó shin i leith, b'fhéidir go mbeadh méaduithe sonraithe ag oibritheoirí de réir (agus sa bhreis) ar bhoilsciú. Anuas air sin, tharraing na rioscaí a bhain le soláthar líonraí, ar tharraingt an cogadh sa Úcráin aird orthu, an gá atá le hinfheistíocht agus tá sé seo le cur san áireamh i dtimpeallacht gheilleagrach éiginnte freisin.

**A1.14** Tá go leor soláthraithe ECS in Éirinn ag feidhmiú mar chuid de ghrúpaí níos mó cuideachtaí, atá ag soláthar seirbhísí i roinnt tíortha. Tá seans ann go mbeadh infheistíochtaí in ECS in Éirinn ag brath ar fheidhmiú náisiúnta agus idirnáisiúnta na gcuideachtaí seo. Dá réir sin, seans go mbeidh tionchar ag an gcor chun donais sa gheilleagar domhanda mar aon leis an teannas geopholaitiúil, an cogadh sa Úcráin agus imní maidir le cúrsaí slándála náisiúnta agus rátaí úis atá ag ardú ar an earnáil ECS in Éirinn ar bhonn meántéarmach.

6 An Roinn Airgeadais agus An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, (2022), Buiséad 2023: Dearcadh geilleagrach agus fioscach
7 Banc Ceannais na hÉireann, (2023), Feasachán Ráithiúil Ráithe 1

## An Comhthéacs Dlí

**A1.15** Bunaithe ar an bpoitéinseal a bhaineann le teipeanna margaidh, ceadaíonn téarmaí tagartha agus cumhachtaí ComReg dó idirghabháil i margaí ECS éagsúla (de réir mar is cuí) d'fhonn a chinntiú go bhfeidhmíonn na margaí seo go héifeachtach ar mhaithe leis an tsochaí agus úsáideoirí deiridh. Ainneoin nach bhfuil an réasúnaíocht bhunúsach athraithe, de réir mar a fhorbraíonn teicneolaíochtaí agus margaí, forbraíonn cur i bhfeidhm praiticiúil an rialacháin. Príomhfhachtóir sa phróiseas seo é forbairt an chreata dlí.

### An Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach

**A1.16** Ar an 17 Nollaig 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa leis an gCód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (‘**EECC**’), nó go simplí “an Cód.”[8] Glactar leis an gCód seo mar phíosa de reachtaíocht lárnach chomh fada is a bhaineann le sochaí ghigighiotáin na hEorpa a bhunú agus rannpháirtíocht iomlán gach saoránach den AE sa gheilleagar agus sa tsochaí dhigiteach a chinntiú.

**A1.17** Tagann EECC, atá i bhfeidhm sa chuid is mó den AE faoin tráth seo, in áit an tseantacair treoracha a raibh an Comhchreat Rialála an Aontais don chumarsáid leictreonach san áireamh ann. Nuashonraíonn EECC príomhcholúin na rialála san earnáil, cosúil le rialú rochtana agus cosaint tomhaltóirí.

**A1.18** Cruthaíodh EECC chun creat reachtúil nua a bhunú do mhargaí ECS san Eoraip a cheadaíonn comhchuibhiú níos dlúithe idir margaí difriúla san Aontas Eorpach, agus a éascaíonn, dá réir sin, an ghluaiseacht i dtreo an Mhargaidh Aonair Dhigitigh. Leagtar béim ar leith ar an méid seo a leanas sa EECC.

- Infheistíocht i líonraí leathanbhanda ardluais a dhreasú;
- Cearta úsáideoirí a bhaineann le OTTanna agus beartáin a nuashonrú ionas gur féidir páirc imeartha níos cothroime a chruthú;
- Rialacha maidir le rochtain shiméadrach ar bhonneagar a bhunú;
- Nósanna imeachta mionathraithe d'anailís mhargaidh agus do phiar-athbhreithniú réiteach a bhunú;
- Cur chuige comhsheasmhach maidir le bainistíocht speictrim;
- Spriocanna coiteanna maidir le 5G agus bannaí speictrim a bhunú;
- An cur chuige maidir le rochtain leathanbhanda uilíoch a shainmhíniú as an nua; agus
- Déileáil le cuid de na saincheisteanna rialachais a bhaineann le huathriail Údarás Rialála Náisiúnta (‘**NRAnna**’) agus feidhmiú Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (‘**BEREC**’)[9].

**A1.19** Tá ceithre chuspóir sonraithe in EECC - tacú le hiomaíocht; cabhrú le forbairt an mhargaidh inmheánaigh; tacú le leasanna shaoránaigh an AE; agus tacú le rochtain fhairsing ar, agus tairbhe a bhaint as VHCN (seasta agus gan sreang) do gach úsáideoir deiridh bunaithe ar phraghas agus rogha réasúnach. Is cuspóir nua é an ceathrú cuspóir, a bhaineann le nascacht úsáideoirí deiridh trí thacú le hinfheistíocht i Líonra Fíor-ardacmhainneachta (‘VHCN’),[10] agus atá corpraithe trí bhearta, cosúil leis na bearta a bhaineann le comh-infheistíocht. Chomh maith leis sin, tarraingíonn ComReg aird ar an bpointe gur mhol an CE le déanaí, Gníomh um Bonneagar Gigighiotáin agus Moladh Gigighiotáin chun tacú le nascacht ghigighiotáin agus rialacha nua chun rolladh amach níos tapa, níos saoire agus níos éifeachtaí líonraí Gigighiotáin ar fud an Choimisiúin Eorpaigh a chumasú.

---

8 Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear “Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (Athmhúnlú) Téacs atá ábhartha maidir le LEE”.

9 Tá tuilleadh eolais maidir le BEREC le fáil ar a shuíomh gréasáin: https://berec.europa.eu/

10 Is cuspóirí atá bunaithe cheana féin faoi Chomhchreat Rialála an AE iad na chéad trí chuspóir, atá ag tacú le hiomaíocht, ag cabhrú le forbairt an mhargaidh inmheánaigh agus ag tacú le leasanna saoránach den AE.

**A1.20** Dá réir sin, i gcomhthéacs ComReg agus Éire trí chéile, ciallaíonn sé seo go mbeidh tacaíocht á cur ar fáil do rolladh amach na líonraí is airde acmhainne atá inbhuanaithe go heacnamaíoch i gceantar áirithe, agus ag an am céanna go mbeidh sé mar aidhm an acmhainn líonra atá ar fáil i gceantair dhifriúla a thabhairt le chéile. Tá fianaise ar an mbéim seo ar nascacht in EECC le fáil inár straitéis, mar aon le haidhm straitéiseach nua. Os a choinne sin, tá an cuspóir seo ailínithe go ginearálta lenár bhfís don earnáil cumarsáide leictreonaí, is é sin go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí agus ag gnóthaí in Éirinn ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir chumarsáide shlána atá inacmhainne, ar ardchaighdeán agus ar fáil go fairsing, a thacaíonn lena riachtanais shóisialta agus gheilleagracha.

**A1.21** Mar gheall ar bhunú EECC, beidh roinnt feidhmeanna agus cuspóirí nua ag ComReg, sa bhreis ar a bhfuil sonraithe sa Chomhchreat Rialála roimhe seo, lena n-áirítear, mar shampla, feidhmeanna agus cuspóirí a bhaineann le nascacht.

**Bosca Mínitheach 1: Cúlra agus Forbairt na Reachtaíochta**

Bunaithe ar na teipeanna margaidh, bunaíodh ComReg faoi Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002i (“Acht 2002”), Acht a bunaíodh i ndiaidh Oifig an Stiúrthóra Rialála Teileachumarsáide (ODTR), a bunaíodh in 1997ii. Le scór bliain anuas, tá raon feidhme ár dtéarmaí tagartha rialála athraithe, fianaise ar na hathruithe ar bheartas náisiúnta agus Eorpach a bhaineann le margaí cumarsáide mar aon le hathruithe teicneolaíochta. Sa lá ann inniu, is é seo a leanas atá á chuimsiú i dtéarmaí tagartha lárnacha ComRegiii:

- Rialáil na líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí;
- Bainistíocht an speictrim radaimhinicíochta agus na hacmhainne uimhrithe náisiúnta; agus
- Rialáil seirbhísí poist

Chomh maith leis sin, tá roinnt feidhmeanna breise le comhlíonadh ag ComReg, lena n-áirítear rialáil Seirbhísí Ardráta (‘PRS’)iv, Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála (‘ECAS’)v , na costais a bhaineann le leathanbhanda ardluais a sholáthar a laghdúvi, fánaíochtvii agus neodracht an Idirlínviii agus sé fheidhm eile.

Anuas air sin, tá cumhachtaí roinnte ag ComReg leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóiríix agus roinnt cumhachtaí roinnte agus comhlántacha leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir le gnéith sonracha de phríobháideachas sonraíxi. Chomh maith leis sin, tá cumhachtaí agus feidhmeanna eile ag ComReg a bhaineann le reachtaíocht náisiúnta.

Ón mbliain 2002, tá cumarsáid leictreonach i mBallstáit den AE á rialú de bhua Chomhchreat Rialála ina gcuimsítear cúig phríomhthreoirxii, An Chreat-treoir, An Treoir um Údarú, An Treoir Rochtana, An Treoir um Sheirbhís Uilíoch agus An Treoir maidir le Príobháideachas. Cuireadh na treoracha seo chun feidhme in Éirinn trí thacar rialachán náisiúnta a bunaíodh in 2003 agus a bhí in úsáid go dtí 2011, i ndiaidh don AE glacadh le dhá threoir leasaitheacha in 2009xiii (An Treoir um Rialáil Níos Fearr agus An Treoir maidir le Cearta na Saoránach).

Leagtar amach in Acht 2002 agus sna Creatrialacháin roinnt cuspóirí reachtúla nach mór do ComReg a leanúint, a áirítear ina measc:

- Tacú le leasanna úsáideoirí deiridh seirbhísí cumarsáide
- Tacú le hinfheistíocht agus nuálaíocht
- Tacú le hiomaíocht, agus
- Bainistíocht agus úsáid éifeachtach an speictrim raidió a chinntiú.

Tagann an EECC, atá i bhfeidhm anois, in ionad an tseantacair treoracha inar cuimsíodh Comhchreat Rialála an AE do chumarsáid leictreonach.

i Tá an tAcht um Rialáil Cumarsáide, 2002, leasaithe ag, inter alia, an tAcht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, 2003, an tAcht Craolacháin (Leasú), 2007, an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007, an tAcht Craolacháin, 2009, an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí), 2010, an tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011, an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011, an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014, an tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014, an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014, an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú), 2015, agus an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú), 2017.

ii Bunaithe ar alt 2 d'Acht Teileachumarsáide (Forálacha Ilghnéitheacha), 1996, a tháinig i bhfeidhm ar an 10 Márta 1997.

iii Alt 10 d'Acht 2002.

iv Alt 10(1)(cb) d'Acht 2002, a cuireadh isteach le hAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí), 2010.

v Alt 10(1)(ca) d'Acht 2002, a cuireadh isteach le hAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007.

vi Treoir 2014/61/AE ó Pharlaimint na Comhairle agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le bearta chun an costas a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a sholáthar a laghdú; Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Costas a Bhaineann le Líonraí Cumarsáide Poiblí Ardluais a Chur ar Fáil a Laghdú), 2016 (I.R. Uimh. 391 de 2016).

vii Rialacháin AE agus náisiúnta éagsúla a bhaineann leis an tréimhse idir 2007 agus 2017.

viii Féach, e.g., Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 ina leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte agus lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí agus Rialacháin (AE) Uimh. 531/2012 maidir le fánaíocht ar líonraí cumarsáide móibilí poiblí laistigh den Aontas.

ix Chun críche soiléirithe, níl sé beartaithe gur liosta uilechuimsitheach a bheidh sa liosta cumhachtaí agus feidhmeanna a bhfuil cur síos déanta air anseo. Tá tuilleadh eolais maidir le feidhmeanna agus cumhachtaí ComReg le fáil ar shuíomh gréasáin ComReg - https://www.comreg. ie/about/legislation/

x Chomh fada is a bhaineann le reachtaíocht iomaíochta ex post agus reachtaíocht a bhaineann le cosaint tomhaltóirí, a mhéid a bhaineann siad le cumarsáid leictreonach agus an earnáil PRS.

xi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach), 2011, I.R. Uimh. 336 de 2011

xii Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta, 2002 (Creat-treoir), Treoir 2002/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta, 2002 (An Treoir um Údarú), Treoir 2002/19/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2022 (An Treoir Rochtana), Treoir 2002/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 (An Treoir maidir le Seirbhís Uilíoch). Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 (An Treoir maidir le Príobháideachas).

xiii Treoir 2009/140/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 lena leasaítear Treoir 2002/21/CE maidir le comhchreat rialála do líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, 2002/19/CE maidir le rochtain ar, agus idirnasc líonraí cumarsáide leictreonaí agus saoráidí gaolmhara, agus 2002/20/CE maidir le húdarú líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus Treoir 2009/136/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, Treoir 2002/58/CE maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú

## Trasuí

**A1.22** In Éirinn, baineann an phríomhfhreagracht as an gCód nua a thrasuí go dlí náisiúnta na hÉireann leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (‘**DECC**’). Páirteach sa phróiseas trasuí go dtí seo bhí rannpháirtíocht fhairsing agus leanúnach le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear ComReg, an earnáil thionsclaíoch, Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, Ranna Rialtais eile agus an Coimisiún Eorpach.

**A1.23** Tá an Cód á thrasuí in Éirinn trí reachtaíocht phríomha agus reachtaíocht thánaisteach, go sonrach An tAcht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023 (achtaithe ar an 2 Márta 2023) agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach), 2022 (I.R. Uimh. 444 de 2022).13 Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an dá phíosa reachtaíochta seo ar an dáta céanna, mar aon leis na trí ionstraim reachtúla thacúla (atá á bhforbairt faoi láthair) a cheanglaítear le haghaidh feidhmiú cuí na reachtaíochta príomha.

**A1.24** Idir an dá linn, ní mór do sholáthraithe cumarsáide leictreonaí leanúint ar aghaidh lena gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh, tá ComReg ag leanúint ar aghaidh leis an earnáil cumarsáide leictreonaí a rialú faoina chumhachtaí reatha, agus ní athrófar sásraí sásaimh do chustaiméirí go dtí go mbunaítear reachtaíocht nua. Tá tAcht an Rialáil Cumarsáide, 2002, fós i bhfeidhm (gan athrú/leasú breise), agus beidh tacar Rialachán Cumarsáide Leictreonaí, 2011, i bhfeidhm go dtí go mbunaítear reachtaíocht bhreise, a leasaíonn nó a aisghaireann iad.

**A1.25** Soláthróidh trasuí iomlán an Chóid nua cinnteacht rialála do ghnóthaí agus do shaoránaigh ó chreat rialála láidir a bheidh mar bhonn le hiontaoibh a chothú, infheistíocht agus rolladh amach an bhonneagair dhigitigh a mhéadú, agus deiseanna a chruthú do shaoránaigh agus don tsochaí.

**A1.26** Foilsíodh Treoir Rialála ComReg maidir le Cearta Úsáideoirí an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach den chéad uair ar an 10 Samhain 2020 agus foilsíodh an chéad nuashonrú ar an 23 Nollaig 2020 agus an dara nuashonrú maidir le próisis Idir-inoibritheora, prionsabail chun cearta úsáideoirí deiridh chun aistriú chuig seirbhísí rochtana idirlín a éascú i mí Dheireadh Fómhair 2021.

**A1.27** Faoin 21 Nollaig 2025, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú EECC agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Mar chuid de na hathbhreithnithe sin déanfar meastóireacht go háirithe ar na himpleachtaí margaidh atá ag forálacha áirithe agus cibé acu atá nó nach bhfuil na cumhachtaí idirghabhála ex-ante agus eile de bhua EECC oiriúnach chun cur ar chumas údarás rialála náisiúnta déileáil le struchtúir mhargaidh olagaplach mhí-iomaíocha agus d'fhonn a chinntiú go leanann iomaíocht san earnáil cumarsáide leictreonaí ag dul chun tairbhe úsáideoirí deiridh.

**A1.28** Lena chois sin, faoin 21 Nollaig 2025, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar raon feidhme na seirbhíse uilíche, agus é mar aidhm go háirithe a mholadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go ndéanfaí an raon feidhme a athrú nó a athshainmhíniú. Sa bhreis air sin, d'fhoilsigh BEREC tuairim ar an 9 Nollaig 2021 agus foilseoidh sé tuilleadh tuairimí gach trí bliana ina dhiaidh sin, mar le cur chun feidhme agus feidhmiú náisiúnta an Údaraithe Ghinearálta, agus maidir leis an tionchar atá ag an méid sin ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

**A1.29** Cuirtear EECC san áireamh i ngníomhaíochtaí éagsúla ComReg, a mhéid agus is féidir, agus cuimsítear ina straitéis, fís, clár agus gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo forálacha éagsúla EECC. Tá ComReg airdeallach ar phríomhghnéithe EECC agus an tionchar atá acu ar shruthanna oibre leanúnacha.



# Iarscríbhinn: 2 Treochtaí agus Dúshláin

# Iarscríbhinn 2: Treochtaí agus Dúshláin

## Forléargas

**A1.30** Braitheann forbairt na hearnála cumarsáide leictreonaí ar fhórsaí éagsúla sóisialta, geilleagracha, reachtúla agus teicneolaíocha. Glactar leis na fórsaí seo mar threochtaí le himeacht ama agus is iad a bhíonn mar bhonn le forbairt na hearnála. Tá tionchar dearfach ag cuid acu ar mhargaí agus spreagann siad forbairt na teicneolaíochta cumarsáide agus an luach is féidir leis a chruthú do shochaí na hÉireann; cruthaíonn cuid eile fós acu dúshláin a éilíonn nuálaíocht san earnáil thionsclaíoch nó rialachán rialtais ionas nach gcuireann siad bac ar fheidhmiú cuí an mhargaidh.

**A1.31** Déanann ComReg anailís ar na fachtóirí éagsúla a bhfuil tionchar acu ar fhorbairt na hearnála cumarsáide leictreonaí agus éiceachóras na hearnála. Tá ceithre phríomhthreocht sainaitheanta ag ComReg ar dócha go mbeidh tionchar acu ar fhorbairt na hearnála, agus a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le dúshláin rialála sa tréimhse amach romhainn. Is iad sin:

- Nascacht Feabhsaithe agus Teicneolaíochtaí Nua
- Eispéireas Tomhaltóirí
- Forbairt Margaí Cóngaracha agus Gaolmhara
- Todhchaí Athraithe na Rialála san Earnáil.

## Nascacht Feabhsaithe agus Teicneolaíochtaí Nua:


### Rolladh Amach an Líonra

**A1.32** Leanfaidh an ról níos tábhachtaí atá ag ECN níos tapa ar fud na tíre ag dul i bhfeidhm ar fhorbairt na hÉireann sna blianta amach romhainn.

**A1.33** Idir 2011 agus 2021, d'infheistigh oibritheoirí líonra tráchtála €6.8 billiún ina líonraí seasta agus móibíleacha a fhorbairt (Féach Figiúr 4 thíos).[11] Bhí infheistíochtaí seasta tráchtála déanta ag oibritheoirí bunaithe ar rolladh amach teicneolaíochtaí snáithín agus líonraí atá bunaithe cheana féin a uasghrádú (e.g. Líonraí cábla), agus táthar ag fáil réidh le líonraí coparbhunaithe de réir a chéile. Éileoidh ascnamh éifeachtúil custaiméirí ó líonraí coparbhunaithe rannpháirtíocht agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara éagsúla agus ní mór a leithéid a dhéanamh ar bhealach a chosnaíonn iomaíocht agus cearta úsáideoirí deiridh.

11 Eurostat

**Figiúr 4: Infheistíocht Sheasta agus Mhóibíleach in ECN/S (2014-2021 € milliún)[12]**




**A1.34** Seans go mbeidh tionchar ag líonraí nua agus luasanna íoslódála níos tapa, íosmhoille níos ísle agus bandaleithead méadaithe ar eispéireas tomhaltóirí agus ar an úsáid a bheidh á baint as seirbhísí atá ar fáil ar na líonraí sin (e.g. seirbhísí teilifíse) agus ar tháirgí agus ar sheirbhísí atá ar fáil i margaí cóngaracha (e.g. sásanna láimhe móibíleacha níos fearr). De réir mar a bheidh líonraí ag feabhsú, áfach, is dócha go mbeidh tomhaltóirí ag brath níos mó ar a ECS agus ECN. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an tslí a mbíonn daoine ag brath go mór ar ECS agus ECN a bheith mar bhonn le héileamh breise agus ionchais níos airde maidir leis na seirbhísí atá á gcur ar fáil. Tá ComReg ag súil go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh, go háirithe de bhrí go bhfuiltear ag súil go nglacfar go forleathan le líonraí snáithín agus 5G amach anseo.

**A1.35** Is fiú a lua freisin, go bhfuil líonraí nua (e.g. FTTH agus 5G) níos tíosaí ar fhuinneamh ná líonraí oidhreachta (e.g. copar). Chomh maith leis sin, seans go mbeidh ról ag na líonraí nua seo i ngeilleagar níos inbhuanaithe a chruthú, tairbhe a bhaint as cianobair, ríomhsheirbhísí sláinte, ríomhbhaincéireacht agus cabhrú le héilimh ar líonraí leictreachais a bhainistiú (e.g. trí eangacha cliste).

**A1.36** Is é an Plean Náisiúnta Leathanbhanda ('**NBP**') tionscnamh an rialtais chun snáithín ardluais a chur ar fáil le haghaidh gach seirbhís leathanbhanda baile ('**FTTH**') i ngach áitreabh in Éirinn áit nach bhfuil aon seirbhís tráchtála ar fáil. Clúdaíonn limistéir idirghabhála NBP an Stáit 560,000 áitreabh, 1.1 milliún duine, 65,000 feirm, 44,000 gnó neamhfheirme agus 679 scoil. Thar shaolré na straitéis seo, táthar ag súil go mbeidh formhór de rolladh amach an líonra seo críochnaithe.

**A1.37** Tá tús curtha ag oibritheoirí le líonraí 5G a rolladh amach, tá tús curtha ag déantóirí gléis la sásanna láimhe 5G a fhorbairt agus a dhíol, agus tá caighdeáin soiléirithe ag comhlachtaí idirnáisiúnta. Braithfidh glacadh forleathan, áfach, ar infhaighteacht agus ar an méid úsáide atá á baint as sásanna láimhe cumasaithe 5G nua agus cásanna úsáide.


12 Eurostat

**A1.38** Seachas 5G, tá roinnt teicneolaíochtaí nua eile ann arb é an aidhm atá leo nascacht a mhéadú agus a fheabhsú. Is é Wi-Fi 6 an teicneolaíocht Wi-Fi den chéad ghlúin eile atá á sholáthar, atá in ann nascacht iontaofa, thapa, fhorleathan agus thromthráchta a sholáthar. Trí theicneolaíocht líonra 5G a chomhtháthú le teicneolaíocht Wi-Fi 6 is féidir le hoibritheoirí trácht ar líonraí rochtana a bharrfheabhsú agus raon clúdaigh éifeachtach laistigh-lasmuigh a sholáthar. Le bliana beaga anuas, tá níos mó spéise á léiriú i satailítí LEO chun ECS a thairiscint. Go hiondúil, bíonn na satailítí seo ag fithisiú an domhain ag airde níos ísle ná satailítí leathanbhanda atá bunaithe cheana féin (idir 180km agus 2,000km) agus d'fhéadfaidís acmhainn níos airde a thairiscint (suas go dtí 23.7 Tbps[13]), raon clúdaigh níos leithne agus ísealmhoille níos ísle ná na líonraí satailíte leathanbhanda atá ar fáil cheana féin[14]. Gach seans go mbeidh cásanna úsáide amach anseo de shatailítí LEO dírithe ar fheidhmchláir nideoige nó ar chabhrú linn raon clúdaigh leathanbhanda uilíoch a chur ar fáil i gceantair iargúlta, seachas dul in iomaíocht go díreach le seirbhísí leathanbhanda traidisiúnta. Dá ainneoin sin, ní féidir neamhaird a dhéanamh ar an bpoitéinseal miondíola a bhaineann le leagan malartach de sheirbhísí atá á gcur ar fáil faoi láthair a thairiscint.

## Éileamh ar Líonraí

**A1.39** Léirítear i dtorthaí Thuarascáil Ráithiúil Príomhshonraí ComReg (‘**QKDR**’)[15] i bhFigiúr 54 thíos an méid trácht sonraí móibíleach méadaithe, seasta agus móibíleach le blianta beaga anuas, agus tugadh méaduithe suntasacha faoi deara in 2022, i ndiaidh Covid-19.

**Figure 5: Total Fixed and Mobile Data Traffic[16]**




13 Del Portillo, I., Cameron, B., agus Crawley, E., (2018), “Technical Comparison of Three Low Earth Orbit Satellite Constellation Systems to Provide Global Broadband”
14 An Coimisiún Eorpach, (2017), “Low-Earth orbit satellites: Spectrum access”
15 ComReg QKDR Ráithe 4 2022, (2022)
16 Tairseach Sonraí ComReg Ráithe 2 2022, (2022), https://www.comreg.ie/industry/electronic-communications/data-portal/.

**A1.40** Táthar ag súil go leanfaidh na héilimh ar shonraí ag méadú. Amach anseo, ní hamháin go n-éileoidh riachtanais tomhaltóirí Éireannacha a bhfuil feidhmchláir a úsáideann go leor sonraí á rochtain acu (cosúil le físsruthú agus meáin shóisialta) ó ghléasanna móibíleacha raon clúdaigh feabhsaithe líonraí móibíleacha, ní mór freisin a chur ar chumas tomhaltóirí agus seirbhísí a bheith ag fánaíocht gan stró idir líonraí leathanbhanda móibíleacha agus seasta. Príomhchumasóirí i ndáil le díriú ar an dúshlán seo iad an Plean Náisiúnta Leathanbhanda agus infhaighteacht speictrim bhreise trí MBSA2 a bhronnadh.

**A1.41** Tá na patrúin úsáide athraithe freisin. Tá níos mó daoine anois ag brath ar ECN agus ECS le haghaidh gníomhaíochtaí geilleagracha riachtanacha, cosúil le hobair ón mbaile. Sa chomhthéacs seo, seans go mbeidh cáilíocht na seirbhíse (e.g. iontaofacht) níos tábhachtaí fiú ná nuair a bhíonn gníomhaíochtaí eile á ndéanamh ar líne (e.g. ábhar físeáin á shruthú). Sa chomhthéacs seo, tá níos mó tábhachta ag baint, de réir a chéile, le hiontaofacht, athléimneacht agus slándáil líonraí.

# Eispéireas Tomhaltóirí

**A1.42** Gaolmhar leis an treocht seo de nascacht mhéadaithe agus feabhsaithe tá eispéireas agus ionchuir athraitheacha úsáideora tomhaltóirí Éireannacha. Mar chuid den treocht seo, tá aird tarraingthe ag ComReg ar an méid a bhfuil daoine ag brath ar nascacht, glacadh agus úsáid mhéadaithe teicneolaíochtaí nua agus an t-eispéireas úsáideora neamh-aonfhoirmeach leanúnach.

## Níos Mó Béime ar Nascacht

**A1.43** Le 10 mbliana, chumasaigh forbairtí líonraí agus glacadh le teicneolaíochtaí nua daoine chun nascadh lena chéile ar bhealaí nach ndearna siad riamh roimhe sin. Is ar éigean go bhfuil aon ghné dár saol nach bhfuil tionchar ag nuálaíochtaí sa nascacht dhigiteach uirthi[17]. In 2022, bhí nasc idirlín ag breis is 90% de theaghlaigh in Éirinn sa bhaile agus bhí siad ag glacadh páirte i raon leathan gníomhaíochtaí idirlín[18].

**A1.44** Chuir Covid-19 dlús faoi threochtaí a bhaineann le breis digitithe, agus níos mó seirbhísí a chur ar fáil ar líne. Tá seirbhísí digiteacha cosúil le Ríomh-Rialachas, ríomhfhoghlaim agus seirbhísí néalstórais éirithe níos coitianta le blianta beaga anuas[19], agus tá gníomhaíochtaí ar líne (lena n-áirítear cianobair) níos tábhachtaí chomh fada is a bhaineann le gnóthaí. Dá bharr sin, tá ComReg ag súil go mbeidh níos mó tábhachtacha agus luacha ag baint leis an gcaidreamh idir an earnáil ECS agus margaí cóngaracha a bhfuil seirbhísí digiteacha á gcur ar fáil acu.


**A1.45** I dtuarascáil an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach ('**DESI**') 2022 rangaítear Éire sa seachtú háit san Eoraip i dtéarmaí lánpháirtiú na teicneolaíochta digití[20], agus tá Éire rangaithe go hard sna táscairí faoi r-thráchtáil (i.e. FBManna ag díol ar líne agus díol ar líne trasteorann).

## Leanúint ar Aghaidh ag Glacadh le Teicneolaíocht Nua

**A1.46** Le cois níos mó béime a bheith á leagan ar nascacht, tá tomhaltóirí ag leanúint ar aghaidh le húsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua. Mar a léirítear i bhFigiúr 6 thíos, tá fóin chliste in úsáid i mbeagnach gach teach anois, agus tá níos mó táibléad in úsáid agus tá ríomhairí glúine in úsáid i mbreis is 80% de thithe anois. Tá teilifíseáin chliste i níos mó ná dhá trian de thithe anois agus tá gléas cliste tí in úsáid i mbeagnach teach amháin as gach trí theach.

17 An Coimisiún Eorpach, Príomhtháscairí Scórchlár an Chláir Oibre Digití
18 An Phríomh-Oifig Staidrimh, (2022), Staitisticí na Sochaí Faisnéise – Teaghlach
19 An Phríomh-Oifig Staidrimh, (2022), Staitisticí na Sochaí Faisnéise – Teaghlach
20 An Coimisiún Eorpach, (2022), An tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI) 2022: Caibidlí Téamacha

**Figiúr 6: Tithe (%) ina bhfuil gléasanna atá nasctha le Leathanbhanda Seasta 2013-2020[21]**




**A1.47** Beidh an fás leanúnach a bhfuiltear ag súil leis san úsáid a bhainfear as gléasanna IoT sna blianta amach romhainn á spreagadh ag feidhmiúlacht feabhsaithe, infhaighteacht níos fearr líonraí seasta ardacmhainne agus forbairtí líonraí 5G.

## Neamh-Aonfhoirmeacht Eispéiris

**A1.48** Ní raibh an glacadh méadaithe seo de theicneolaíocht agus seirbhísí aonfhoirmeach ar fud na tíre ná i measc na déimeagrafaice. Tá difríochtaí le tabhairt faoi deara sna leibhéil nascachta idir ceantair uirbeacha agus thuaithe, mar gheall ar na difríochtaí a bhaineann le hinfhaighteacht líonraí.

**A1.49** Tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara freisin san úsáid atá á baint as ECS i measc na n-aoisghrúpaí éagsúla. Léirítear i suirbhé ar Eispéireas Tomhaltóirí Móibíleacha ComReg 2022[22] go bhfuil rochtain ag céatadán i bhfad níos airde de na daoine atá idir 18-34 bliain d'aois ar sheirbhís leathanbhanda sa bhaile i gcomparáid leo siúd atá níos sine ná 55 bliain (93% vs 72%). Chomh maith leis sin, úsáideann cohóirt níos óige níos mó cineálacha seirbhísí ar líne ar bhonn laethúil, cosúil le ríomhphost, ábhar físeáin, baincéireacht ar líne, siopadóireacht ar líne agus teicneolaíochtaí nua, cosúil le huaireadóirí cliste nó íocaíochtaí fóin chliste. Féach ar Fhigiúr 7 thíos áit a bhfuil miondealú ar úinéireacht teicneolaíochta agus ar úsáid de réir aoise.

**A1.50** Tá neamhréir fhollasach le tabhairt faoi deara i ndáil le húinéireacht fóin phóca, tá fón cliste ag gach úsáideoir (100%) atá idir 18-24 bliain d'aois, i gcomparáid le díreach 66% díobh siúd atá os cionn 65 bliain d'aois,[23] ainneoin go bhfuil an céatadán seo méadaithe ó níos lú ná leath (47%) de na daoine a bhí os cionn 65 bliain d'aois in 2019.[24]

21 Suirbhé Nascachta ComReg, (2021), Doiciméad 21/30 ComReg agus Suirbhé 'Cumarsáid in Éirinn' ComReg, (2017), Doiciméad 18/23a ComReg
22 Suirbhé Eispéireas Tomhaltóirí Móibíleacha, (2022), Doiciméad 22/83 ComReg
23 Suirbhé Eispéireas Tomhaltóirí Móibíleacha, (2022), Doiciméad 22/83 ComReg
24 Suirbhé Eispéireas Tomhaltóirí Móibíleacha, (2019), Doiciméad 19/101 ComReg

**Figiúr 7: Úinéireacht/Úsáid Teicneolaíochtaí sa Bhaile**[25]

| | 18-34 | 35-54 | 55+ |
|---|---|---|---|
| | % | % | % |
| **Rochtain ar Leathanbhanda Seasta sa bhaile** | 86 | 81 | 58 |
| **Rochtain ar sheirbhís fóin bhaile** | 25 | 39 | 49 |
| **Rochtain ar fhón póca** | 97 | 98 | 91 |
| **Breathnaíonn ar an Teilifís ar Tháibléad/iPad** | 11 | 9 | 1 |
| **Breathnaíonn ar an Teilifís ar Theilifís Chliste** | 76 | 75 | 48 |
| **Breathnaíonn ar an Teilifís ar fhón cliste** | 21 | 14 | 5 |
| **Úsáideann Netflix** | 62 | 46 | 18 |
| **Úsáideann Ríomhphost go Laethúil*** | 92 | 91 | 81 |
| **Úsáideann aipeanna Cur Teachtaireachtaí go laethúil*** | 90 | 86 | 74 |
| **Úsáideann ábhar Físeáin go laethúil*** | 76 | 64 | 39 |
| **Úsáideann baincéireacht Ar líne go laethúil*** | 51 | 40 | 31 |
| **Úsáideann siopadóireacht Ar líne go laethúil*** | 25 | 22 | 7 |
| **Uaireadóir cliste/rianaire corpacmhainne inchaite**** | 46 | 43 | 32 |
| **Apple pay nó Android pay**** | 40 | 26 | 14 |

*Torthaí ó shuirbhé Seirbhísí Digiteacha & Sábháilteacht Ar Líne ComReg (Ar líne)

*Torthaí ó Shuirbhé Teicneolaíochta ComReg 2021 (Ar líne)

## Iompraíocht Tomhaltóirí

**A1.51** Tá iontaoibh tomhaltóirí chomh fada is a bhaineann le hearraí agus seirbhísí teileachumarsáide den chéad scoth a roghnú faoi réir fachtóirí áirithe. Is é an príomhfhachtóir gur féidir leis an earnáil cumarsáide leictreonaí timpeallacht a chruthú atá sách casta agus a chiallaíonn go mbíonn deacrachtaí ag tomhaltóirí cinntí a dhéanamh. D'fhéadfadh sé seo a bheith mar bhonn le cinntí, nach iad na cinntí is fearr iad, a bheith á ndéanamh ag tomhaltóirí nuair a bhíonn táirgí agus seirbhísí ECS/ECN á roghnú acu. D'fhéadfadh an tslí a roghnaíonn oibritheoirí faisnéis agus roghanna a chur i láthair tomhaltóirí an margadh a shaobhadh tuilleadh.

## Eispéireas Tomhaltóirí

**A1.52** Níl eispéiris tomhaltóirí san earnáil aonfhoirmeach mar gheall ar phatrún rolladh amach an líonra ar fud na tíre agus mar gheall ar leibhéil athraitheacha de ghlacadh teicneolaíochta ar bhonn déimeagrafaice. D'fhéadfadh an nádúr neamh-aonfhoirmeach seo a bheith mar bhonn le deighiltí digiteacha nua nó suntasacha. Bunaithe ar an méid a bhfuil daoine ag brath ar nascacht ina saol laethúil, d'fhéadfadh na leibhéil athraitheacha seo de ríomh-ionchuimsiú a bheith níos géire agus mar bhonn le níos mó deighiltí sóisialta ná riamh roimhe seo, agus dá réir sin, leanfar le haird rialála agus pholaitiúil a dhíriú orthu sa tréimhse amach romhainn.

**A1.53** D'fhéadfadh go mbeadh líon suntasach tomhaltóirí ag leanúint ar aghaidh ag déileáil le fadhbanna a bhaineann le ECN / ECS agus

25 Suirbhé Nascachta ComReg, (2021), Doiciméad 21/30 ComReg, Suirbhé Seirbhísí Digiteacha & Sábháilteacht Ar Líne ComReg, (2021), Doiciméad 21/09 ComReg agus Suirbhé Teicneolaíochta ComReg, (2021), Doiciméad 21/32b ComReg

PRS a rochtain. Baineann ábhar imní fós le fadhbanna billeála, conarthacha agus seirbhíse agus is bunaithe ar na gnéithe sin atá na príomhcheisteanna a bhaineann le ECN / ECS a bhfuil aird tarraingthe ag tomhaltóirí orthu, mar aon le roinnt ceisteanna a bhaineann le hiniomparthacht agus aistriú. Tá fadhbanna fós ag baint le PRS ach tá laghdú suntasach tagtha ar an líon fiosrúchán agus gearán a bhaineann le PRS.

## Margaí agus Seirbhísí Gaolmhara

**A1.54** Baineann an tríú treocht atá sainaitheanta leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag dinimic athraitheach i margaí gaolmhara ar an earnáil cumarsáide leictreonaí. De réir mar a fhorbraíonn na margaí gaolmhara seo, éiríonn na línte idir margaí níos doiléire agus athraíonn siad struchtúr agus tírdhreach iomaíoch an tionscail. Breithníonn ComReg margaí ionchuir, margaí comhlántacha agus margaí iartheachtacha faoin treocht seo.

### Margaí Ionchuir

**A1.55** Tá tionchar ag margaí ionchuir[26] ar an earnáil ar bhealaí éagsúla, cosúil leis an gcostas a bhaineann le rolladh amach an líonra, cáilíocht na seirbhíse agus slándáil. Breithnítear dhá fhorbairt i gcomhthéacs na n-ionchur margaidh, eSIM agus Intleacht Shaorga.

**A1.56** Is é an Sim ('**eSIM**') leabaithe an leagan is deanaí de theicneolaíocht an chárta Sim a cheadaíonn soláthar thar an líonra seirbhísí líonra gan gá a bheith le cárta fisiciúil. Tá sé frithsheasmhach in aghaidh suaitheadh fisiciúil, creathanna agus bogthaise, agus tá saolré fhada aige. Dá réir sin, tá an eSIM oiriúnach le haghaidh úsáidí mórscála M2M cosúil le sa tionscal carranna, sa chás go mb'fhéidir nach mbeadh sé indéanta, go heacnamaíoch, Sim a athrú go fisiciúil. Chomh maith leis sin, tá sé oiriúnach d'úsáidí éagsúla gléis tomhaltóra cosúil le sásanna láimhe móibíleacha agus ríomhairí inchaite. Braithfidh poitéinseal agus forbairt iomlán eSIM ar na caighdeáin a bhfuil glactha ag an tionscal leo. I láthair na huaire, níl ach oibritheoir amháin in Éirinn atá ag tairiscint eSIM mar tháirge baile ainneoin go bhfuil sé in úsáid ag daoine eile mar réiteach fánaíochta. Tá gléasanna dá gcuid féin ag go leor tomhaltóirí Éireannacha cheana féin a bhfuil eSIM iontu agus d'fhéadfaidís tairbhe a bhaint as clárú agus aistriú níos tapa, níos éasca. I mí Meithimh 2022, d'fhoilsigh ComReg a straitéis maidir le eSIMs[27], ina leagtar amach clár oibre d'oibritheoirí móibíleacha in Éirinn. Is é cuspóir na straitéise go mbeidh custaiméirí in ann clárú agus aistriú idir oibritheoirí go digiteach faoi dheireadh 2023, agus go mbeadh custaiméirí in ann aistriú idir oibritheoirí in imeacht 5 nóiméad nó níos lú.

**A1.57** Oibreoidh ComReg le MNOnna agus MVNOnna i rith 2023 d'fhonn a chinntiu go mbaintear an oiread tairbhe agus is féidir as soláthar Thar an Líonra ('**OTA**') agus teicneolaíocht eSIM.

**A1.58** Treocht thábhachtach eile is ea go bhfuil úsáid á baint as Intleacht Shaorga ('AI') mar ionchur san earnáil ECS. Ainneoin nach bhfuiltear ach ag tosú ar AI a chur chun feidhme san earnáil ECS[28] tá AI bunaithe ag roinnt oibritheoirí i bhfoirm algartam meaisínfhoghlama chun lántairbhe a bhaint as an úsáid atá á baint as acmhainní raidió, chun ídiú fuinnimh a laghdú agus chun botaí comhrá a úsáid chun teagmháil a dhéanamh le custaiméirí. Léiríodh i dtuarascáil Ericsson a rinneadh in 2020, ina ndearnadh suirbhé ar 132 sholáthraí seirbhísí teileachumarsáide ar fud an domhain, go raibh breis is leath de na hoibritheoirí ag súil go mbeadh glactha acu le AI faoi dheireadh 2022, agus tá 19% eile ag súil le glacadh leis faoi 2023. Is iad na príomhréimsí ina bhfuil buntáistí AI á dtabhairt faoi deara ag oibritheoirí bainistíocht cáilíocht seirbhíse (17%) agus coigilteas costas oibriúcháin (16%).

26 Cuimsítear i margaí ionchuir páirtithe leasmhara cosúil le trealamh líonra agus díoltóirí trealaimh Úsáideora Deiridh (tomhaltóir agus tionsclaíoch).
27 Doiciméad 22/48A ComReg https://www.comreg.ie/publication/comreg-strategy-to-promote-over-the-air-provisioning-2
28 Dréacht-tuarascáil AI BEREC

## Complementary Markets

**A1.59** Tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar mhargaí comhlántacha (e.g., sásanna láimhe nó gléasanna IoT) de bhrí go bhfuil tionchar acu ar cháilíocht eispéiris na ndaoine a bhfuil seirbhísí ECS á n-úsáid acu, lena n-áirítear raon clúdaigh agus slándáil.

**A1.60** Is margadh comhlántach é margadh na sásanna láimhe tomhaltóirí atá ábhartha do ComReg go háirithe. Léirítear i Suirbhé MCE 2022 ComReg go raibh fón cliste Samsung ag 37% de na freagóirí, agus go raibh Apple iPhone ag 40% de na freagróirí[29]. Sna blianta amach romhainn, tá ComReg ag súil go mbeidh ról lárnach ag na sásanna láimhe seo, mar aon le líonraí snáithín agus 5G, i dtacú leis an úsáid a bhaineann daoine as ECS agus a n-eispéireas ar ECS a úsáid.

**A1.61** De ghnáth, bíonn córas oibriúcháin gléis nasctha go dlúth le branda/díoltóir na ngléasanna. Tá margadh an chórais oibriúcháin sás láimhe ábhartha do ComReg freisin de bhrí go bhféadfadh tionchar a bheith ag cáilíocht an chórais oibriúcháin ar eispéireas an tomhaltóra freisin. Seans go mbeidh úsáideoir den tuairim go bhfuil luasanna íoslódála níos ísle ná na luasanna a bhfuil siad ag íoc astu, go bhfuil a raon clúdaigh líonra níos measa agus go bhfuil an éascaíocht úsáide difriúil de bhrí go bhfuil aeróg níos lú ar an ngléas, cosúlacht agus cuma dhifriúil, nó go bhfuil cáilíocht an scáileáin lag.

**A1.62** Seans go mbeidh úsáideoir den tuairim go bhfuil luasanna íoslódála níos ísle ná na luasanna a bhfuil siad ag íoc astu, go bhfuil a raon clúdaigh líonra níos measa agus go bhfuil an éascaíocht úsáide difriúil de bhrí go bhfuil aeróg níos lú ar an ngléas, cosúlacht agus cuma dhifriúil, nó go bhfuil cáilíocht an scáileáin lag.

## Margaí iartheachtacha

**A1.63** Meastar go bhfuil margaí iartheachtacha, cosúil le seirbhísí Ar Líne (‘**OTT**’)[30]ábhartha freisin, de bhrí go bhfuil éileamh tomhaltóirí ar ECN/S bunaithe ar mhian tomhaltóirí páirt a ghlacadh sna margaí iartheachtacha seo (e.g. chun cumarsáid a dhéanamh le cairde, baill teaghlaigh, comhghleacaithe nó mar fhoinse siamsaíochta).

**A1.64** inneoin go bhfuil ról bunúsach ag ECS, tairgeann OTTanna raon seirbhísí do thomhaltóirí chun cur ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh, a bheith ag obair agus ag foghlaim, agus tairbhe a bhaint as áiseanna siamsaíochta. Mar shampla, infhaighteacht saoráidí físchomhdhála agus feidhmchlár comhoibrithe fhíorúil foirne éascaithe ag an “réabhlóid” obair ó bhaile a spreag Covid-19. In 2022, sheol úsáideoirí 32 teachtaireacht, ar an meán, trí fheidhmchláir idirlín gach lá.[31] Tá tionchar ag an méadú a tugadh faoi deara ar an úsáid atá á baint as seirbhísí cur teachtaireachtaí, gutha agus físchomhrá OTT ar thrácht líonra agus ar ioncam oibritheoirí teileachumarsáide traidisiúnta agus táthar ag súil go leanfaidh sé seo ar aghaidh.

**A1.65** Chomh maith leis sin, bhí tionchar suntasach ag méadú ar sheirbhísí OTT ar margaí craoltóireachta. Tá 1.5 milliún úsáideoir ag baint úsáid as seirbhísí físeáin síntiúis in Éirinn agus táthar ag súil go méadóidh an líon seo go dtí[32]. Aimsíodh i suirbhé ar Iompraíocht & Dearcadh go n-úsáideann 73% de fhreagróirí Netflix agus go n-úsáideann 38% Amazon Prime.[33] Mar fhreagairt don bhrú méadaithe ó sheirbhísí OTT, tá a láithreacht ar líne á feabhsú ag craoltóirí Éireannacha, tá seinnteoirí beir suas á dtairiscint acu (in úsáid ag 43%[34]) agus tá ábhar beo, cultúrtha agus spóirt á thairiscint acu. Díol suntais is ea go

29 Suirbhé Eispéireas Tomhaltóirí Móibíleacha, (2022), Doiciméad 22/83 ComReg
30 Tagraíonn seirbhísí Ar Líne do sheirbhísí cumarsáide a chuirtear ar fáil ar an idirlíon, lena n-áirítear teachtaireachtaí a sheoladh (trí ardáin cosúil le WhatsApp), glaonna a dhéanamh (trí fheidhmchláir cosúil le Zoom), agus breathnú ar an teilifís (trí sheirbhísí sruthaithe cosúil le Netflix). Sa doiciméad seo, áit a dtagraíonn ComReg do sholáthraithe seirbhíse OTT, cuirtear san áireamh freisin Seirbhísí Cumarsáide Idirphearsanta Uimhir-Neamhspleácha (“NIICS”)
31 Suirbhé Eispéireas Tomhaltóirí Móibíleacha, (2022), Doiciméad 22/83 ComReg
32 Statista, (2022), “Video Streaming (SVoD) Ireland”
33 B&A, TechScape 2022.
34 B&A, TechScape 2022.

raibh géarchéim Covid-19 mar bhonn le méadú sealadach ar an líon daoine a bhí ag breathnú ar theilifís bheo.[35]

**A1.66** Ainneoin go bhfuil raon leathan buntáistí cruthaithe ag digitiú, tá sé ag éirí níos soiléire go bhfuil an geilleagar digiteach ag cruthú raon leathan dúshlán. Tá rialtais, rialtóirí agus an tsochaí trí chéile ag éirí níos airdeallaí ar na díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an ngeilleagar digiteach, lena n-áirítear ábhair imní a bhaineann le cumhacht mhargaidh ardán digiteach, ábhar díobhálach ar líne, príobháideachas agus slándáil, i measc rudaí eile.

## Athrú Aeráide, Fuinneamh agus ECS

**A1.67** Tá tús áite á thabhairt ag leibhéal Eorpach agus náisiúnta don fhreagairt don athrú aeráide. Chomh maith leis sin, tá níos mó feasachta agus airde a tabhairt don chaidreamh idir an earnáil ECS agus athrú aeráide. Ar lámh amháin, d'fhéadfadh an earnáil ECS tacú le dícharbónú, Astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú in earnálacha éagsúla sa gheilleagar, idir cianobair agus talmhaíocht chliste, méadair chliste agus rudaí eile. Ar an lámh eile, d'fhéadfadh digitiú an gheilleagair agus níos mó úsáide a bheith á baint as seirbhísí ECS lorg carbóin na hearnála a mhéadú agus dramhthrealamh leictreonach a mhéadú.

**A1.68** Tá béim leagtha ag an gCoimisiún Eorpach ('**CE**') ar an tábhacht a bhaineann le hearnáil dhigiteach inbhuanaithe. Breithneofar bearta chun feidhmíocht geilleagair chiorclaigh na hearnála digití a fheabhsú mar aon lena éifeachtúlacht fuinnimh, idir líonraí cumarsáide agus ionaid sonraí agus gléasanna TFC.[36] As seo go ceann deich mbliana táthar ag súil go bhforbrófar caidreamh siombóiseach idir ECS/ECN agus margaí fuinnimh, de bhrí go mbeidh bainistíocht éifeachtach na heangaí leictreachais ag brath ar mhéadair chliste agus ar nascacht le ECS/ECN agus méadair chliste.

**A1.69** Chomh maith leis sin, tá bonneagar an líonra cumarsáide leochaileach do thionchair adhaimsire a bhíonn mar thoradh ar an athrú aeráide. Tá staidéar foilsithe ag ComReg a rinne Frontier Economics[37] a raibh sé mar aidhm leis imscrúdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag athrú aeráide ar ECN, agus teacht ar thuiscint maidir leis an méid atá á dhéanamh ag soláthraithe ECN chun maolú i gcoinne na n-éifeachtaí seo. Déanfaidh ComReg athbhreithniú ar thorthaí an staidéir seo agus d'fhéadfadh sé tuilleadh fiosraithe a dhéanamh ar cheann de na torthaí sin a d'fhéadfadh breisluach a chur le hathléimneacht ECN in Éirinn.

**A1.70** Le cois measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le tuilleadh trédhearcachta maidir leis an tionchar comhshaoil atá ag ECS agus níos mó beart dian nuair a bhíonn líonraí nua á n-úsáid, tá aird tarraingthe ar an tábhacht a bhaineann le nádúr ciorclach gléasanna i bPlean Gníomhaíochta an Gheilleagair Chiorclaigh. Ag leibhéal idirnáisiúnta, tá tús curtha ag roinnt comhlachtaí rialála san earnáil ECS le gníomhaíocht maidir leis an ábhar seo, lena n-áirítear Arcep[38] (rialtóir ECS na Fraince) agus an Grúpa um Beartas Speictream Raidióp[39] ('**RSPG**'). ComReg is also actively contributing to the work of an Expert Working Group on Sustainability at BEREC.

**A1.71** Bunaithe ar fhairsinge na dtionscnamh is féidir a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar agus chun déileáil le lorg carbóin na hearnála ECS sna blianta amach romhainn, is príomhthreocht í seo nach mó do ComReg monatóireacht a dhéanamh uirthi.

---

35 Féach ar Fhorléargais Mhíosúil Teilifíse TAM na hÉireann https://www.tamireland.ie/category/viewing-trends/. Léirítear i sonraí TAM Ireland méadú 11% ar fhigiúirí féachana teilifís bheo idir Márta 2019 agus Márta 2020. Ainneoin gur filleadh ar leibhéal réamh-Covid faoi Mhárta 2021.

36 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún. An Comhaontú Glas don Eoraip COM/2019/640 Final

37 https://www.comreg.ie/publication/climate-change-and-its-effect-on-network-resilience-a-study-by-frontier-economics

38 38 Mar Shampla, Arcep, (2020), "Networks And The Environment", Https://En.Arcep.Fr/News/Press-Releases/View/N/Networks-And-The-Environment.Html

39 RSPG, (2019), "Work Programme For 2020 And Beyond"

## Todhchaí na Rialála san Earnáil

**A1.72** Baineann an ceathrú treocht, an treocht deiridh freisin, atá sainaitheanta ag ComReg leis an ráta athraithe rialála san earnáil. Tá 'Comhaontú Glas don Eoraip' agus 'Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach' bunaithe ag an gCoimisiún Eorpach agus tá sé ag glacadh leo mar dhá phríomhcholún dá shainordú reatha. Tá impleachtaí ag an dá cholún seo ar fhorbairt na rialála san earnáil ECS agus sna hearnálacha gaolmhara.

**A1.73** Glacadh leis an gCód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach ('**EECC**'), i mí na Nollag 2018, chun creat reachtúil nua a sholáthar do mhargaí ECS san Eoraip a cheadaíonn comhchuibhiú níos dlúithe idir margaí difriúla ar an Aontais Eorpaigh, agus a éascaíonn, dá réir sin, an ghluaiseacht i dtreo an Mhargaidh Aonair Dhigitigh. Ag an am céanna, tá Straitéis Náisiúnta Dhigiteach foilsithe ag an Rialta[40]. Tá plé mionsonraithe déanta ar roinnt príomhfhorbairtí a dhéanfar i ndáil le rialáil na hearnála (agus margaí gaolmhara) thíos.

### Athruithe agus Forbairtí Reachtúla

**A1.74** Sa tréimhse amach romhainn déanfar roinnt athruithe reachtúla agus forbairtí a mbeidh tionchar acu ar ról agus ar shainordú ComReg. Le linn do ComReg an Straitéis ECS seo a ullmhú, bhreithnigh sé an tionchar a bheidh ag na forbairtí reachtúla seo. Ar fud an doiciméid, más cuí, rinne ComReg iarracht déileáil leis na forbairtí seo.

- **Sainordú Cosanta Tomhaltóirí: T**á Clár Oibre Nua maidir le Tomhaltóirí á fhorbairt ag an AE, a chabhraíonn le forbairt shainordú ComReg faoi Dhlí na hÉireann. Achtaíodh an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí ar an 7 Samhain 2022 agus cuireadh tús leis ar an 29 Samhain 2022. Bunaítear leis an reachtaíocht cosaintí nua do thomhaltóirí, tugtar cearta sásaimh níos láidre dóibh, forchuirtear cuntasacht níos suntasaí ar sholáthraithe seirbhíse agus bunaítear rialacha nua d'áiteanna margaidh ar líne. Anuas air sin, tá reachtaíocht náisiúnta á forbairt do ComReg i ndáil leis an Rialachán maidir le Comhar ar Mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí[41] a chuireann le agus a fheabhsaíonn an Rialachán AE roimhe seo a bunaíodh chun an creat comhair idir údaráis inniúla náisiúnta sna Ballstáit a chomhchuibhiú chomh fada is a bhaineann lena ngníomhaíochtaí forfheidhmithe tomhaltóirí.
- **Straitéis Chibearshlándála don Ré Dhigiteach:** Tá ról forbarthach ag ComReg faoin straitéis AE seo lena n-áirítear: an Treoir maidir le Slándáil na gCóras Gréasáin agus Faisnéise (Treoir NIS agus Treoir NIS 2, a tháinig i bhfeidhm ar an 16 Eanáir 2023) a bhaineann le cumarsáid leictreonach a áireamh mar sheirbhísí riachtanach agus earnáil an bhonneagair dhigitigh ghaolmhair; na Rialacha Slándála Teileachumarsáide ag eascairt ó Mholadh AE 2019 2335; agus an togra reachtúil a bhaineann le bearta breise maidir leis an mbonneagar criticiúil a chosaint. Déanann ComReg iarracht forbairt reachtúil éifeachtach agus éifeachtúil a chinntiú chun tacú le comhlíonadh oibritheoirí teileachumarsáide agus gnóthaí digiteacha chun an bonneagar a chosaint ar mhaithe lena seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil. I mí na Nollag d'foilsigh Éire Straitéis Náisiúnta Cibhearshlándála 2019[42], ar áiríodh ann tacar sonrach de cheanglais slándála don earnáil teileachumarsáide. Bunófar Bearta Slándála Cumarsáide Leictreonaí in ionad na Rialacha Slándála Teileachumarsáide faoin Rialachán Cumarsáide faoin Acht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023, nuair a chuirtear tús leis agus reáchtáil an Roinn Cumarsáide comhairliúchán fairsing maidir leis seo i rith 2022.https://www.gov.ie/en/publication/adf42-harnessing-digital-the-digital-ireland-framework/Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as forfheidhmiú

40 https://www.gov.ie/en/publication/adf42-harnessing-digital-the-digital-ireland-framework/
41 Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as forfheidhmiú dlíthe um chosaint tomhaltóirí agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 a aisghairm.
42 Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála 2019-2024: https://www.ncsc.gov.ie/pdfs/National_Cyber_Security_Strategy.pdf

dlíthe um chosaint tomhaltóirí agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 a aisghairm. Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála 2019-2024: https://www.ncsc.gov.ie/pdfs/National_Cyber_Security_Strategy.pdf Foráiltear san Acht go mbeidh ról suntasach ag ComReg i ndáil leis na Bearta seo a fhorfheidhmiú. Chomh maith leis sin, déanfar foráil san Acht do ról a bheith ag ComReg i ndáil le forfheidhmiú forálacha a bhaineann le Díoltóirí Iomchuí. Táthar ag súil go ndéanfar forbairtí i rith 2023 agus 2024 freisin a bhaineann le hAcht um Chibearshlándáil an AE, creat deimhnithe cibearshlándála deonach do tháirgí, seirbhísí agus próisis TFC lena n-áirítear slándáil líonra 5G. Bhunaigh an Coimisiún togra do Ghníomh um Chibear-Athléimneacht i mí Mheán Fómhair 2022 maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála do tháirgí a mbaineann gnéithe digiteacha leo (crua-earraí agus bogearraí). Ar deireadh, tháinig an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúils[43] i bhfeidhm ar an 16 Eanáir 2023.

- **Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach:** Tá ionchur leanúnach á dhéanamh ag ról ComReg maidir le príobháideachas leictreonach i ndáil le forbairt agus cur chun feidhme Rialachán maidir le r-Phríobháideachas an AE atá beartaithe. Tá díospóireacht fós á déanamh maidir leis na tograí seo ag leibhéal AE, agus, idir an dá linn, táthar ag leanúint ar aghaidh le ról monatóireachta agus forfheidhmithe ComReg faoin Seantreoir maidir le Príobháideachas (Treoir 2002/58/CE).
- **Faireachas Margaidh:** Is é ComReg an tÚdarás um Fhaireachas Margaidh i ndáil le dhá Threoir AE - an Treoir maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach[44] ('**EMCD**') agus an Treoir maidir le Trealamh Raidió[45] ('**RED**'). Cosnaíonn na feidhmeanna agus na cumhachtaí a bhunaíonn na creataí rialála seo úsáideoirí deiridh táirgí ó tháirgí neamhshábháilte agus ó iomaíocht éagórach. De bhrí go bhfuil an tÚdarás um Fhaireachas Margaidh freagrach as an Treoir maidir le Trealamh Raidió freisin, tá ComReg freagrach freisin as riachtanais sábháilteachta na dtáirgí a bhainfeadh le raon feidhme na Treorach maidir le Voltas Íseal[46] ('**LVD**') (arb é CCPC an tÚdarás um Fhaireachas Margaidh lena n-aghaidh) freisin, ach a bhfuil comhéadan raidió táthmhírithe go buan acu. Is é an aidhm atá le faireachas margaidh cosc a chur ar tháirgí neamhchomhlíontacha a chur ar an margadh, ó gach áit san AE, agus táirgí neamh-chomhlíontacha atá ar an margadh a lorg agus a bhaint. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair a bhaineann le reachtaíocht nua a chur chun feidhme chun Rialachán an AE maidir le Faireachas Margaidh[47] a chur chun feidhme in Éirinn.

**A1.75** Mar atá thuasluaite, ghlac an Coimisiún Eorpach le 'Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach' mar phríomhcholún dá shainordú reatha. Chun é sin a dhéanamh, tá roinnt tionscnamh bunaithe ina straitéis dhigiteach a bhaineann leis an earnáil ECS. Moltar ann an Rialachán um Chostais Leathanbhanda a Laghdú, Plean Gníomhaíochta Nuashonraithe maidir le 5G (agus 6G), agus clár nua bunaithe ar Bheartas Speictream Raidió agus tionscnamh maidir le Conairí 5G.[48]

**A1.76** I mí Mheán Fómhair 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra do Chinneadh lena mbunaítear **Clár Beartais 2030: Conair i dtreo na Deacáide Digití**, arb é an aidhm atá leis a chinntiú go gcomhlíonann an AE a chuspóirí agus spriocanna a bhaineann le claochlú digiteach na sochaí agus an gheilleagair de réir luachanna an AE. Leagtar

43 Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathléimneacht na n-eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle: . Tá tuilleadh eolais le fáil anseo: Athléimneacht an AE: Glacann an Chomhairle le treoir a bhfuil sé mar aidhm léi athléimneacht eintiteas criticiúil a neartú - Consilium (europa.eu).

44 Tá an EMCD á thrasuí go dlí na hÉireann trí Rialachán ón Aontas Eorpach (Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach), 2017 (I.R. Uimh. 69/2017)

45 Tá RED á thrasuí go Dlí na hÉireann trí Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Trealamh Raidió), 2017 (I.R. Uimh. 248/2017).

46 Trasuítear an LVD go Dlí na hÉireann trí Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Trealamh Leictreachais Ísealvoltais), 2016 (I.R. 345/2016)

47 Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011.

48 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún, Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú, 19.2.2020 COM(2020) 67 Final

amach sa Bheartas seo na spriocanna digiteacha nithiúla a bhfuiltear ag súil a bheidh á gcomhlíonadh ag an AE faoi dheireadh na chéad deacáide, a míníodh ar dtús i Gníomh an AE maidir leis an gCumarsáid Dhigiteach. Ar an 14 Iúil, tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir le Clár Beartais 2030: Conair i dtreo na Deacáide Digití. Tá sásra monatóireachta agus comhair bunaithe ag an gclár chun na cuspóirí agus spriocanna coiteanna do chlaochlú digiteach na hEorpa atá leagtha amach in **Compás Digiteach 2030** maidir le scileanna agus bonneagar, lena n-áirítear nascacht, digitiú gnóthaí agus seirbhísí poiblí ar líne a chomhlíonadh. Tá an comhaontú polaitiúil idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle faoi réir ceadú foirmiúil na beirte comhreachtóirí. Táthar ag súil go dtiocfaidh an Cinneadh i bhfeidhm i mí Eanáir 2023. Tá Bord Deacáide Digití nua bunaithe chun comhar idir Ballstáit agus an Coimisiún a éascú agus táthar ag súil go mbeidh an chéad chruinniú ag an mBord i mí na Samhna. Táthar ag súil leis an gcéad Tuarascáil maidir le Staid na Deacáide Digití i mí Meithimh 2023.

**A1.77** In Éirinn, ar an 1 Feabhra 2022, sheol an Rialtas straitéis náisiúnta dhigiteach nua, "**Harnessing Digital – The Digital Ireland Framework**", arb é an aidhm a bhí léi dlús a chur leis an gclaochlú digiteach agus an claochlú seo a chumasú i ngeilleagar agus i sochaí na hÉireann. Sa chreat ardleibhéil seo, leagtar amach conair chun tacú le huaillmhian na hÉireann feidhmiú mar cheannaire digiteach ag croílár forbairtí digiteacha atá ag tarlú san Eoraip agus ar fud an domhain. Ceann de na príomh-chomhpháirteanna reachtúla den straitéis seo é bunú Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán ('OSMR'), 2022, a achtaíodh ar an 10 Nollaig 2022 agus ar cuireadh tús leis ar an 15 Márta 2023, a thrasuíonn, i measc rudaí eile an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc ('**AVMS**')[49] in Éirinn.

**A1.78** Ainneoin go bhfuil raon leathan buntáistí cruthaithe ag digitiú, tá sé ag éirí níos soiléire go bhfuil an geilleagar digiteach ag cruthú raon leathan dúshlán. I mí na Nollag 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach tograí reachtúla maidir leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha ('**DSA**') agus an Gníomh um Margaí Digiteacha ('**DMA**').

**A1.79** Foilsíodh an **DMA** in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar an 12 Deireadh Fómhair, tháinig sé i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2022 agus beidh sé i bhfeidhm go ginearálta ar fud an AE ón 2 Bealtaine 2023[50]. Bunóidh an DMA creat rialála ex-ante le haghaidh ardán digiteach sonrach atá ainmnithe mar "Geatóirí". Beidh na geatóirí seo faoi réir tacar oibleagáidí agus toirmeasc a bhfuil sé mar aidhm leo margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach a chinntiú.

**A1.80** Foilsíodh an **DSA** in Irisleabhar Oifigiúil an AE ar an 27 Deireadh Fómhair, tháinig sé i bhfeidhm ar an 16 Samhain 2022 agus beidh sé i bhfeidhm go ginearálta ar fud an AE ón 17 Feabhra 2024 (ainneoin nach mbeidh forálacha áirithe a bhaineann le hArdáin Mhóra Ar Líne i bhfeidhm ach ón dara leath de 2023)[51]. Leagtar amach in DSA "rialacha aonfhoirmeacha do thimpeallacht ar líne atá sábháilte, intuartha agus iontaofa." Is é atá mar aidhm atá leis na rialacha seo tomhaltóirí a chosaint ar bhealach níos fearr ar líne agus tacú le nuálaíocht, fás agus iomaíocht sa mhargadh aonair. D'fhoilsigh an Roinn Fiontar, Trádála agus

---

49 Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos ag an dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) i bhfianaise réaltachtaí margaidh athraitheacha.

50 Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus (AE) 2018/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha): EUR-Lex - 32022R1925 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

51 Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha): EUR-Lex - 32022R2065 - EN - EUR-Lex (europa. eu)

Fostaíochta Scéim Ghinearálta an Bhille um Sheirbhísí Digiteacha, 2023 ar an 20 Márta 2023.

**A1.81** Ar leithligh, rinneadh méid suntasach gníomhaíochta reachtaigh ag leibhéal Eorpach a bhain le ceisteanna éagsúla a d'eascair as forbairt an gheilleagair sonraí, lena n-áirítear **An Gníomh um Rialachas Sonraí**[52], ar ghlacadh leis i mí Bealtaine 2022 agus a bheidh i bhfeidhm ó mhí Meán Fómhair 2023, togra le haghaidh Rialacháin maidir le rialacha comhchuibhithe maidir le rochtain chothrom ar agus úsáid sonraí (an **tAcht Sonraí**[53]), atá fós á phlé ag Parlaimint na hEorpa agus tograí do **Ghníomh um an Intleacht Shaorga**[54], lena mbunófaí creat coiteann rialála agus dlí le haghaidh AI ar fud an AE, agus athbhreithniú miondíola ar Rialachán eIDAS[55], lena n-áirítear tionscnamh nua eIDAS 2.0[56].

**A1.82** Chuir an Coimisiún Eorpach trí thionscnamh Nascachta nua i láthair i mí Feabhra 2023[57], ar a dtugtar an Pacáiste Nascachta i dteannta a chéile. San áireamh sa phacáiste seo bhí:

i Togra maidir le Gníomh um Bonneagar Gigighiotáin- togra chun Treoir um Chostais Leathanbhanda a Laghdú 2014 a nuashonrú[58].

ii Dréachtmholadh Gigighiotáin – Treoir le haghaidh NRAnna maidir leis na coinníollacha a bhaineann le líonraí na n-oibritheoirí sin a bhfuil cumhacht shuntasach mhargaidh acu a rochtain.

iii Comhairliúchán taiscéalaíoch maidir le todhchaí na hearnála nascachta agus a bonneagair – ina bhfuil ceisteanna a bhaineann le: tírdhreach athraitheach na cumarsáide leictreonaí, oibleagáidí seirbhíse uilíche, margadh Eorpach do ECS agus ceisteanna a bhaineann leis an díospóireacht maidir le 'Cion cothrom'.

**A1.83** Is rannpháirtí gníomhach é ComReg in BEREC, atá ag obair i ndlúthpháirt leis an gCoimisiún Eorpach agus ag soláthar ionchuir shaineolaigh maidir leis na trí thionscnamh a bhfuil cur síos déanta orthu thuas.

**A1.84** Tá dlúthmhonatóireacht á déanamh ag ComReg ar na forbairtí seo. Bunaithe ar an ngá atá le comhar in Éirinn, tá ComReg ag obair le Líonra na Rialtóirí Eacnamaíocha ('**ERN**')[59] ar ábhair a bhaineann le rialáil dhigiteach, go háirithe le comhghleacaithe ón gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ('**CCPC**'), Coimisiún na Meán (a chomhchuimsigh an BAI atá lánscortha anois) agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí ('**DPC**'), agus i dteannta a chéile tá Grúpa na Rialtóirí Digiteacha ('**DRG**') bunaithe acu. Tríd an ngrúpa seo, téann ComReg i mbun idirchaidrimh leis an rialtas láir maidir le rialachán cuí a fhorbairt don gheilleagar digiteach. Chomh maith leis sin, chabhraigh ComReg leis an obair atá á déanamh ag BEREC ar na ceisteanna seo, agus leagadh béim ar leith ar DMA.

**A1.85** Leanfaidh ComReg ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar na forbairtí seo agus le cúrsaí a phlé le DRG, ERN agus ranna rialtais ábhartha, de réir mar is gá.

52 Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (An Gníomh um Rialachas Sonraí): EUR-Lex - 32022R0868 - EN - EUR-Lex (europa.eu
53 EUR-Lex - 52022PC0068 - EN - EUR-Lex (europa.eu)
54 EUR-Lex - 52021PC0206 - EN - EUR-Lex (europa.eu)
55 EUR-Lex - 32014R0910 - EN - EUR-Lex (europa.eu)
56 EUR-Lex - 52021PC0281 - EN - EUR-Lex (europa.eu)
57 https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_23_985
58 An Treoir um Chostais Leathanbhanda a Laghdú (2014/61/AE)
59 Líonra na Rialtóirí Eacnamaíocha | Rialtóirí Éireannacha éagsúla á dtabhairt le chéile (econreg.ie)

**An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide**
**Commission for Communications Regulation**

1 Lárcheantar na nDugaí, Sráid na nGildeanna, BÁC 1, Éire, D01 E4X0.
One Dockland Central, Guild Street, Dublin 1, Ireland, D01 E4X0.

Teil | Tel +353 1 804 9600
Rphost | Email strategy@comreg.ie
Suíomh | Website www.comreg.ie